An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Jobs, Enterprise and Innovation

# Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2016

# Clár an Ábhair

Fís, Misean, Luachanna 2

Eolas faoin Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta 3

Éachtaí – 2016 6

Ráiteas Straitéise 2016-2019 – Spriocanna

1. Fiontraíocht agus fostaíocht ardchaighdeáin a chruthú agus a chothú 7
2. Cur chuige uile-Rialtais maidir le fiontraíocht agus fás ar fhostaíocht a chur chun cinn 18
3. A bheith ag obair go huaillmhianach lenár gcomhpháirtithe AE agus idirnáisiúnta 26
4. Éire a chur chun cinn mar cheannródaí nuálaíochta domhanda 30
5. Tacú le fostaíocht ardchaighdeáin, réiteach díospóidí agus sábháilteacht sa timpeallacht oibre 44
6. Creat dlí agus rialála ardfheidhmíochta do ghnó agus do thomhaltóirí a Chinntiú 52
7. Infheistiú inár bhfoireann agus an leas is fearr a bhaint as ár gcuid acmhainní 56

Aguisín 1

Vóta 32: Poist, Fiontair agus Nuálaíocht 60

Cuntas Leithreasa 2016

Aguisín 2

Billí a foilsíodh nó a achtaíodh in 2016 70

Aguisín 3

Ionstraimí Reachtúla a rinneadh in 2016 70

Feabhra 2018

## Fís

Cinnteoimid gurb í Éire an áit is fearr dá bhfuil ann le rath a bheith ar ghnó agus soláthróimid lánfhostaíocht agus caighdeáin níos airde mhaireachtála i ngach réigiún sa tír.

## Misean

Cruthú lánfhostaíochta ardchaighdeáin agus inbhuanaithe a spreagadh i ngach réigiún sa tír, trína bheith inár gcrann taca ar son na fiontraíochta ar fud an Rialtais, tacú le bonn fiontraíochta iomaíoch chun daoine a dhreasú i dtreo na hoibre agus na fiontraíochta, agus fostaíocht agus margaí atá cóir agus iomaíoch a chur chun cinn.

## Luachanna

Mar Roinn cothaímid cultúr ar cuid lárnach de iad freagracht, éifeachtúlacht agus luach ar airgead, atá fréamhaithe in éiteas seribhíse poiblí lena mbaineann neamhspleáchas, ionracas, neamhchlaontacht, oscailteacht agus meas.

Mar Státseirbhísigh seasaimid leis na caighdeáin is airde gairmiúlachta, macántachta, oibiachtúlachta agus cáilíochta, atá den riachtanas inár róil ag tacú leis an bpróiseas daonlathach agus ag freastal ar an bpobal.

## Ráiteas Straitéise 2016-2019

Tá spriocanna na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta leagtha amach i Ráiteas Straitéise 2016-2019 na Roinne. Tá an Ráiteas seo foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne: *https://dbei.gov.ie/en/Publications/Statement-of-Strategy.html*

# Eolas faoin Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

Tá ról lárnach ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (RPFN) chun beartais an Rialtais a chur i bhfeidhm maidir le hacmhainn táirgiúlachta an gheilleagair a spreagadh agus timpeallacht a chruthú a thacaíonn le fostaíocht a chruthú agus a chothabháil. Tá sainchúram ar an Roinn freisin maidir le hiomaíocht chóir sa mhargadh a chinntiú, tomhaltóirí a chosaint agus oibrithe a chosaint.


Trína Gníomhaireachtaí agus trína hOifigí, tá raon leathan gníomhaíochtaí i gceist le sainchúram na Roinne, lena n-áirítear:

- Tosú agus fás fiontar dúchasach a éascú,
- Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a mhealladh,
- Easpórtálacha a mhéadú,
- Feabhas a chur ar iomaíochas,
- Nuálaíocht agus fás a chur chun cinn le hinfheistíocht i dtaighde agus forbairt,
- Iomaíocht chóir a chur chun cinn do ghnóthais agus do thomhaltóirí,
- Dlí na gcuideachtaí atá oiriúnach don fheidhm agus nua-aimseartha a chinntiú,
- Cearta oibrithe a chosaint, lena n-áirítear an teidlíocht atá acu i leith sábháilteacht agus sláinte cheirde,
- Tacú le timpeallacht dhearfach chaidrimh thionsclaíoch agus í a éascú,
- Beartais a dhéanamh atá bunaithe ar fhianaise agus a mbeidh taighde, anailís agus cultúr láidir measúnaithe ina bhonn eolais faoi,
- Scileanna a bheidh riachtanach don fhiontraíocht amach anseo a aithint, agus
- Ionadaíocht a dhéanamh do leasa na hÉireann i bhfóraim ábhartha an AE, lena n-áirítear:
    - An Chomhairle Iomaíochais (ina gcorpraítear an Margadh Inmheánach, Tionscal agus Taighde),
    - Comhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO)
    - An Chomhairle Gnóthaí Ginearálta (ag teacht le chéile ina foirmíocht Ghnó)

    agus fóraim ábhartha de chuid

    - An Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO),
    - An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (ILO),
    - An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD)
    - An Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (WIPO).

## Gníomhaireachtaí na Roinne




## Oifigí na Roinne




## Sa bhreis ar na Gníomhaireachtaí agus Oifigí seo:

**Oifigí Fiontair Áitiúla:** Maoiníonn an Roinn 31 Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ).

**Idir-Thrádáil Éireann:** Déanann an Roinn cómhaoiniú ar Idir-Thrádáil Éireann, an Comhlacht Thuaidh/Theas a chuireann trádáil trasteorann idir Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann chun cinn.

# An Bord Bainistíochta

| Comhaltaí | |
|---|---|
| **Orlaigh Quinn** | An tArd-Rúnaí |
| **Dermot Mulligan** | Rúnaí Cúnta, an Rannóg Nuálaíochta agus Infheistíochta |
| **Clare Dunne** | Rúnaí Cúnta, an Rannóg um Fhorbairt Fiontar Dúchasach |
| **Declan Hughes** | Rúnaí Cúnta, an Rannóg um Beartas Straitéiseach |
| **Philip Kelly** | Rúnaí Cúnta, Seirbhísí Corparáideacha, an Rannóg um Ghnóthaí AE agus Beartas Trádála |
| **Breda Power** | Rúnaí Cúnta, an Rannóg um Thráchtáil, Tomhaltóirí agus Iomaíochas |
| **Martin Shanagher** | Rúnaí Cúnta, an Rannóg um Ghnóthaí Saothair |
| **Michael O'Leary** | Ceann Aonad Tacaíochta na mBainisteoirí |

# Roinnt dár nÉachtaí in 2016:

Chruthaigh **an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (GFT)** 11,842 post nua glan i rith 2016, le méadú glan ar phoist i ngach réigiún in Éirinn. Tháinig méadú ar líon na n-infheistíochtaí a gnóthaíodh d'Éirinn i rith na bliana go 242 ó 213 sa bhliain roimhe sin.

Ag deireadh 2016, bhí **199,877** duine ag obair i gcliantchuideachtaí GFT Éireann, an líon is mó i stair na gníomhaireachta. Ba é an seachtú bliain as a chéile inar tháinig fás ar an nglanfhostaíocht

Uirlis ar líne saor in aisce de chuid an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) is ea **BeSMART**, atá deartha chun cuidiú le húinéirí/bainisteoirí gnóthas beag measúnuithe riosca agus ráitis sábháilteachta a ullmhú dá n-áit oibre. Léiríonn figiúirí 2016 go bhfuil fás ag teacht ar an líon gnóthas a roghnaíonn uirlis BeSMART agus i gcomparáid le 2015 go bhfuair 8,000 úsáideoir nua rochtain ar BeSMART. Léiríonn na torthaí gur comhlánaíodh 1,900 ráiteas sábháilteachta breise in 2016 i gcomparáid le 2015 agus go meastar gur spáráil an earnáil fiontar beag agus micrifhiontar idir €7.3m agus €11m.

Sa **5ú Plean Gníomhaíochta do Phoist**, a seoladh i mí Eanáir 2016, bhí 304 gníomh luaite a bhain le gach Roinn Rialtais agus le 46 gníomhaireacht. Bhí Plean 2016 dírithe ar chabhair a thabhairt chun 50,000 post breise a chruthú in 2016. Cruthaíodh breis is 66,000 post i gcaitheamh 2016, a thug an fhostaíocht iomlán go dtí 2,044,700, an líon is airde daoine i bhfostaíocht sa Stát ó R4 2008.

Ag éirí as toradh **Brexit**, tá **Straitéis Cúig Cholún** foilsithe ag **Fiontraíocht Éireann** le tacú le cliaint a mbeidh tionchar aige orthu. Chruthaigh sé suíomh gréasáin UK Export Help ar a bhfuil doiciméid, seimineár gréasáin agus físeán agus treoir do chuideachtaí. Ar an suíomh freisin tá eolas ar dheiseanna sa Ríocht Aontaithe agus i margaí eile. Anuas ar an méid sin bunaíodh Aonad Brexit ar leith laistigh den Ghníomhaireacht chun ceannaireacht a thabhairt maidir le freagairt chomhordaithe tras-ghníomhaireachta agus le tacaíochtaí dírithe do chliaint a fhorbairt.

Sháraigh cliantchuideachtaí **Fhiontraíocht Éireann** a sprioc 3 bliana nuair a chruthaigh siad 45,592 post lán-aimseartha nua sa tréimhse 2014-2016.

Leis sin, tá ar an iomlán **201,108** duine fostaithe ag cuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann – an líon is mó riamh.

In 2016 ghlac an líon is mó riamh (1,842, suas ó 1,398 in 2015) d'fhiontraithe óga, idir 18 agus 35 bliana d'aois, páirt sa chomórtas **'Fiontraí Óg na hÉireann' (FÓÉ)**. Is é aidhm an tionscnaimh, a bhfuil ionstraim infheistíochta €2 mhilliún aige, tacú le cultúr na fiontraíochta i measc daoine óga in Éirinn, an fhiontraíocht a chothú mar rogha ghairme, agus daoine óga na hÉireann a spreagadh chun gnólachtaí nua a bhunú d'fhonn poist a chruthú.

Seoladh an **Plean Gníomhaíochta Réigiúnach do Phoist** i mí Feabhra 2015 agus foilsíodh Pleananna Gníomhaíochta do gach ceann de na hocht réigiún faoi Eanáir 2016. Méadaíodh ar líon na ndaoine i bhfostaíocht i ngach réigiún in 2016 agus 70% de na poist nua a cruthaíodh in 2016 bhí siad lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Thíolaic an Coimisiún um Pá Íseal, a bunaíodh leis **an Acht um Pá Íosta Náisiúnta** (An Coimisiún um Pá Íseal) 2015, an dara tuarascáil uaidh in Iúil 2016. Ghlac an Rialtas lena mholadh an pá íosta a mhéadú go **€9.25 in aghaidh na huaire** agus tiocfaidh sé i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2017.

Achtaíodh **an tAcht um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú), 2016** go luath in 2016 agus a tionscnaíodh níos déanaí é le hIonstraim Reachtúil i nDeireadh Fómhair 2016. Déanann an reachtaíocht seo foráil do Scéim nua ina bhfuil leasúcháin agus feabhsúcháin, lena n-áirítear leibhéal na ráthaíochta a mhéadú ó 75% go 80%, an teorainn phunainne do gach banc a ardú ó 10% go 13%, agus raon na soláthraithe airgeadais agus na dtáirgí airgeadais (léasú agus airgeadas sócmhainne agus sonraisc san áireamh) a leathnú.

# 1. Fiontraíocht agus fostaíocht ardchaighdeáin a chruthú agus a chothú

**Sprioc 1:** Bheith chun tosaigh maidir le fiontraíocht agus fostaíocht ardchaighdeáin a chruthú agus a chothú i réigiúin uile na tíre ach tacaíocht a thabhairt do bhonn láidir fiontraíochta dúchais, leanúint d'Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a mhealladh agus cultúr láidir fiontraíoch.

### Plean Gníomhaíochta do Phoist 2016
**https://dbei.gov.ie/en/Publications/Action-Plan-for-Jobs-2016.html**

Cuireadh 'Plean Gníomhaíochta do Phoist 2016' i láthair ag pointe cinniúnach in aistriú na hÉireann ó gheilleagar a bhí ag teacht amach as cúlú eacnamaíoch an-ghéar go geilleagar iomaíoch, nuálach, táirgiúil agus inbhuanaithe ó thaobh comhshaoil de a sholáthróidh fostaíocht iomlán dá mhuintir.

Is tionscnamh comhtháite, lán-Rialtais é an Plean Gníomhaíochta do Phoist ina mbíonn Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Rialtais ag obair chun tacú le cruthú post san earnáil fiontar. Stiúrann an Roinn forbairt an Phlean Gníomhaíochta do Phoist thar ceann an Rialtais agus é ag obair go dlúth le Ranna eile agus le gníomhaireachtaí rialtais.

Is é aidhm an Phlean Gníomhaíochta do Phoist an clár oibre um chruthú post a chur chun cinn ach timpeallacht thacúil agus iomaíoch ghnó a chruthú, díriú ar phoist a chruthú faoi stiúir na hearnála príobháidí agus atá dírithe ar easpórtáil agus cúinsí an chreata a chur ina gceart. Is príomhchuspóir é geilleagar na hÉireann a atógáil bunaithe ar fhiontair agus ar an bhfiontraíocht, ar thallann, ar an nuálaíocht agus ar easpórtálacha, agus bunsraith dhaingean a sholáthar don fhás sa todhchaí.

Léiríonn torthaí na dtréaniarrachtaí seo ó 2012 maidir le poist a chruthú go bhfuil ag éirí leis an bpróiseas seo. Bhí 206,000 duine níos mó ag obair ag deireadh 2016 ná mar a bhí in 2012 nuair a seoladh an chéad Phlean. Ba é an sprioc bhunaidh 100,000 post breise a sholáthar faoi dheireadh 2016. Tháinig laghdú ar an dífhostaíocht ó 15% go luath in 2012 go 6.9% i mí na Nollag 2016.

Ba chuid den aistriú go cur i bhfeidhm bheartais thábhachtacha an Rialtais é Plean 2016 ina leagtar amach na pleananna atá ann d'fhás meán-téarmach. Sa straitéis post agus fiontraíochta deich mbliana, *Fiontraíocht 2025*, leagtar amach treochlár maidir le geilleagar inbhuanaithe a thógáil agus 2.18 milliún duine a bheith ag obair faoin mbliain 2020, an líon is mó ó bunaíodh an Stát. Anuas air sin, leagtar amach in *Nuálaíocht 2020*, straitéis taighde agus forbartha, eolaíochta agus teicneolaíochta cúig bliana an Rialtais ina bhfuil treochlár don fhís maidir le hÉirinn a bheith mar cheannaire nuálaíochta domhanda ach díriú ar fheabhas, tallann agus tionchar a sheachadadh.

Seoladh an cúigiú Plean Gníomhaíochta do Phoist i mí Eanáir 2016. Bhí 304 gníomh sa Phlean sin a bhain le gach Roinn Rialtais agus le 46 gníomhaireacht. Bhí Plean 2016 dírithe ar chabhair a thabhairt chun 50,000 post breise a chruthú in 2016. Cruthaíodh breis is 66,000 post i gcaitheamh 2016, a thug an fhostaíocht iomlán go dtí 2,044,700, an líon is airde daoine i bhfostaíocht sa Stát ó R4 2008.

Cé go bhfuil fás maith ag teacht fós ar fhostaíocht is é aidhm fhoriomlán an Rialtais fostaíocht iomlán agus chothrom a bhaint amach. Sa *Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta*, a foilsíodh i mí Bealtaine 2016, leagtar amach sprioc go mbeidh 200,000 duine sa bhreis ag obair faoin mbliain 2020, 135,000 post taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath san áireamh. Ar na príomhréimsí ar a raibh Plean 2016 dírithe bhí:

## Scileanna a sheachadadh do gheilleagar atá ag fás

Ceann de na príomhthosaíochtaí do Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2016 ba ea a chinntiú go mbeadh na scileanna agus an bonn tallainne atá riachtanach ar fáil chun freastal ar riachtanais gheilleagair atá ag fás. Chuir Plean 2016 leis an dul chun cinn mór agus leis na leasuithe a rinneadh in 2015 chun córas ardchaighdeáin níos dínimiciúla agus níos freagraí a sholáthar. Sa Phlean bhí raon de bhearta chun cuardaitheoirí poist a ath-sciliú agus a uas-sciliú le Springboard agus Momentum; níos mó printíseachtaí a sholáthar; naisc níos láidre a chothú ag leibhéal réigiúnach idir fostóirí agus an earnáil oideachais agus oiliúna; agus dul i ngleic le ganntanais scileanna in earnálacha ar leith amhail Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC).

## Fás faoi thionchar easpórtálacha a thiomáint

Mar a tharla sna blianta imithe tharainn, cuireadh béim ar leith i bPlean 2016 ar thacaíocht a thabhairt do chruthú post faoi thionchar easpórtálacha agus ar spriocanna ghníomhaireachtaí na Roinne a bhaint amach. I measc na mbeart seo chun díolacháin agus easpórtálacha cuideachtaí Éireannacha a fhás; infheistíocht dhíreach eachtrach a fhorbairt agus a leabú a thuilleadh; comhoibriú idir cuideachtaí Éireannacha agus cinn faoi úinéireacht eachtrach a mhéadú; tacú le fiontraíocht agus gnóthais nuathionscanta. Sholáthair cliaint a fhaigheann tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann agus ó GFT Éireann nach mór 21,000 post nua in 2016. Bhí seasca haon faoin gcéad de na poist nua i ngnóthais Fhiontraíocht Éireann agus 52 faoin gcéad díobhsan i ngnóthais an GFT lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Cruthaíodh beagnach 3,700 post nua i ngnólachtaí a fhaigheann tacaíocht ó Oifigí Fiontair Áitiúil. Meastar gurbh fhiú €22 billiún in 2016 easpórtálacha chliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann agus ghnóthaigh an GFT 244 infheistíocht. Bhí 1,551 rannpháirtí ar chláir forbartha bainistíochta Fhiontraíocht Éireann agus 569 rannpháirtí ar a cláir fhada, agus bhain 412 cliant leas as cláir shaincheaptha mheantóireachta.

## Fás Réigiúnach a Spreagadh

Ceann de na príomhréimsí fócais i bPlean 2016 ba ea na hocht bPlean Gníomhaíochta do Phoist réigiúnacha a chur i bhfeidhm chun go mbeidh gach réigiún in ann a phoitéinseal eacnamaíoch a chomhlíonadh agus fostaíocht a mhéadú.  Foilsíodh na chéad tuairiscí ar dhul chun cinn sna hocht réigiún i mí na Nollag 2016 agus léirigh siad an dea-obair a rinneadh go dtí sin laistigh de na réigiúin chun comhoibriú a bhrú ar aghaidh agus timpeallacht thacúil a chruthú do chruthú fostaíochta. D'fhás an fhostaíocht sna réigiúin uile le linn 2016 agus bhí 70 faoin gcéad de na poist nua a cruthaíodh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Chun tacú le haidhmeanna forbartha réigiúnaí in 2016, leithdháileadh €5 mhilliún le hinfheistiú i 48 tionscnamh áitiúil agus réigiúnach faoi Chiste Iomaíochais na nOifigí Fiontair Áitiúil agus faoin Tionscnamh Fiontair Pobail agus €3 mhilliún faoin Scéim um Luathú Réigiúnach chun a thuilleadh spásanna luathaithe a bhunú i gcomhair tionscnamh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Tá breis eolais ar na Pleananna Gníomhaíochta Áitiúla i gCaibidil 2 den Tuarascáil seo.

## Nuálaíocht a Chur Chun Cinn

Ba chuid den Phlean iad gníomhartha 2016 chun cuspóirí *Nuálaíocht 2020* a sheachadadh. I measc na bpríomhbheart sin bhí líon na bhfiontar, a dhéanann Taighde agus Forbairt, a mhéadú; comhoibriú idir tionscail agus an córas taighde phoiblí a mhéadú; athbhreithniú a dhéanamh ar gach tacaíocht d'fhiontair lena chinntiú go bhfreastalaíonn siad ar riachtanais na ngnóthas beag agus na ngnóthas nuathionscanta chomh maith le riachtanais ghnótha sníos mó agus níos seanbhunaithe; agus maoiniú €150 milliún le haghaidh taighde i gcuideachtaí Éireannacha faoi Horizon 2020. In 2016 gheall cliaint de chuid an GFT infheistíocht €1.115 billiún i dTaighde agus Forbairt, thacaigh Fiontraíocht Éireann le 1,036 tionscadal taighde chomhpháirtigh faoi cheannas tionscail, gnóthaíodh maoiniú €156 milliún do Horizon 2020, rinneadh an Bosca Forbartha Eolais a sheachadadh agus Mol na Nuálaíochta Sláinte a sheoladh.

### Airgeadas Chun Fáis a Sholáthar

Ba phríomhthosaíocht do Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2016 fós é go mbeadh rochtain ag gach Gnóthas Beag agus Meánmhéide ar sholáthar oiriúnach creidmheasa ó raon d'fhoinsí neamhbhainc. Ó bunaíodh Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann in 2015, tugadh iasachtaí €544 milliún ar an iomlán do 12,500 Gnóthas Beag agus Meánmhéide go dtí deireadh mhí na Nollag 2016. Chuir Fiontraíocht Éireann chun cinn bunú roinnt cistí faoin Scéim um Shíolchaipiteal agus Caipiteal Fiontair (2013-2018) – gealladh €109.5 milliún chun díriú ar mhaoiniú sna hearnálacha teicneolaíochta agus eolaíochtaí beatha. In 2016, ceadaíodh 131 iasacht de €22.8 milliún ar an iomlán faoin Scéim Ráthaíochta Creidmheasa agus cheadaigh Microfinance Ireland 336 iasacht de luach €4.3 milliún.

### Athchóirithe Suaiteacha

Bhí cúig Athchóiriú Shuaiteacha i bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2016 – méadú ar sholáthar scileanna fiontraíochta le seoladh printíseachtaí nua, na Fóraim Réigiúnacha Scileanna agus an tairseach scileanna TFC, Tech/life Ireland; infheistíocht €530 milliún i ngairmeacha iomaíocha ar thionscnaimh faoi cheannas fiontair, tacaíochtaí don fhorbairt tuaithe agus maoiniú i gcomhair réitigh maoine réigiúnacha le dlús a chur faoin dul chun cinn ar fud gach réigiúin le linn na tréimhse suas go 2020; gach idirbheartaíocht mhór ag an Rialtas le gnólachtaí a thabhairt ar líne faoin mbliain 2017; cur i bhfeidhm an Tionscnaimh Náisiúnta Cnuasaithe nua; agus torthaí maoine intleachtúla ó fhiontair a dhúbailt.

## Rochtain ar Airgead

### Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Fiontar Beag agus Meánmhéide

Soláthraíonn an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa ráthaíocht Stáit1 75% tríd an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta d'iasachtóirí creidiúnaithe maidir le hiasachtaí incháilithe nó Bannaí Feidhmíochta do Mhicrea-fhiontair agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (SMEanna) inmharthana.

Is é cuspóir na Scéime iasachtú breise le SMEanna a chur chun cinn, ach níl sí in ainm a bheith ann in ionad iasachtú traidisiúnta. Ar an dóigh sin, cuirtear ar a gcumas do SMEanna cuntas teiste dearfach leis an iasachtóir a chruthú d'fhonn filleadh ar shaoráidí caighdeánacha tráchtála creidmheasa i ndiaidh tamaill. Fágann sé freisin go bhfuil SMEanna Éireannacha in ann dul in iomaíocht le hiomaitheoirí eile trádála a bhíonn in ann ráthaíocht a fháil ina dtír féin. In 2016, ceadaíodh 131 saoráid a raibh luach €22.77 orthu agus as ar cruthaíodh 592 post úr agus as ar cothaíodh 301 post a bhí ann cheana féin.

Rinneadh athbhreithniú ar an gcéad Scéim Ráthaíochta Creidmheasa (SRC) 2012 in 2014 agus ag éirí as sin cuireadh roinnt leasuithe i bhfeidhm le reachtaíocht thánaisteach i SRC 2015. Bhí gá áfach le reachtaíocht phríomha le haghaidh leasuithe níos suntasaí, agus achtaíodh an tAcht um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú), 2016 go luath in 2016 agus tionscnaíodh níos déanaí é le hIonstraim Reachtúil i nDeireadh Fómhair 2016. Déanann an reachtaíocht seo foráil do Scéim nua ina bhfuil leasúcháin agus feabhsúcháin, lena n-áirítear leibhéal na ráthaíochta a mhéadú ó 75% go 80%, an teorainn phunainne do gach banc a ardú ó 10% go 13%, agus raon na soláthróirí airgeadais agus na dtáirgí airgeadais (léasú agus airgeadas sócmhainne agus sonraisc san áireamh) a leathnú. Leanadh den obair i rith 2016 chun críoch a chur leis an Ionstraim Reachtúil a thabharfaidh éifeacht do na hathruithe seo de bhun SRC nua 2017. I mí Dheireadh Fómhair 2016, thosaigh Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann mar Oibreoir nua na Scéime Ráthaíochta Creidmheasa.

[1] Íocann an Stát an Ráthaíocht leis an Iasachtóir maidir leis an iarmhéid príomha amuigh gan aisghabháil as Saoráid Scéime sa chás ina loiceann an tIasachtaí aisíocaíochtaí maidir leis an tSaoráid Scéime a dhéanamh.

### Ciste Iasachta do Mhicrifhiontair

Bunaíodh Microfinance Ireland chun tacú le hiasachtaí le micrifhiontair san earnáil SME; seoladh é ar an 1 Deireadh Fómhair, 2012. Tá an tionscnamh seo dírithe ar mhicrifhiontair nuathionscanta, ar fhiontair sheanbhunaithe agus ar fhiontair atá i mbun fáis ar fud na n-earnálacha tionscail ar fad agus a bhfuil suas le deichniúr á bhfostú acu. Baineann na hiasachtaí le suimeanna idir €2,000 agus €25,000 agus is féidir iad a chaitheamh ar ghnó nuathionscanta agus ar chostais leathnaithe agus caipiteal oibre. In 2016 cheadaigh Microfinance Ireland maoiniú €5.4m do 397 gnólacht beag ar fud na tíre, rud a thacaigh le 990 post breise.

I rith 2016, lean Microfinance Ireland ar aghaidh lena chuid oibre bolscaireachta leis na príomhpháirtithe leasmhara de bhun rannpháirtíocht dhíreach agus freastal ar imeachtaí gnó agus ar chomhdhálacha le húinéirí gnólachtaí beaga, lena gcuid ionadaithe agus comhairleoirí, leis na bainc agus le hOifigí Fiontair Áitiúil. In 2016 rinne an Roinn athbhreithniú ar riachtanais mhaoinithe MFI i dtreo dheireadh na gcéad 5 bliana feidhmíochta, agus sholáthair €10 milliún sa bhreis ó bhuiséad na Roinne i maoiniú cothromais lena chinntiú go leanfadh an MFI ag feidhmiú go ceann 5 bliana eile.

## Ag Obair ar mhaithe le Gnó

### Ráiteas Beartais Náisiúnta Fiontraíochta

Seoladh an chéad Ráiteas Beartais Náisiúnta riamh i dtaca leis an bhFiontraíocht i mí Dheireadh Fómhair 2014 agus leagann sé amach cuspóirí straitéiseacha an Rialtais mar áisitheoir in éiceachóras fiontraíochta na hÉireann. Cumhdaíonn sé sé phríomhghné a théann i gcion ar fhiontraithe agus ar ghnólachtaí nuathionscanta. Tugann sé le fios freisin an treo a rachaidh beartas sna blianta atá romhainn amach.

1. Cultúr, caipiteal daonna agus oideachas;
2. Timpeallacht agus tacaíochtaí gnó;
3. Nuálaíocht;
4. Rochtain ar airgeadú;
5. Líonraí agus meantóireacht agus
6. Rochtain ar mhargaí.

Cuireadh na gníomhartha sa Ráiteas Beartais sin chun cinn in 2016 de bhun phróiseas an Phlean Gníomhaíochta do Phoist, agus leanann an Roinn ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar dhul chun cinn le hais príomhtháscairí feidhmíochta agus ag obair i gcomhar le páirtnéirí i bhfiontair leis an uaillmhian a fhíorú.

Mar chuid de chúraimí eile den Phlean Gníomhaíochta do Phoist, chuaigh an Roinn i mbun léarscáiliú a dhéanamh chun raon tacaíochtaí atá ar fáil d'fhiontraithe a aithint. De thoradh air sin, foilsíodh 'doiciméad beo' (a mbeifear ábalta ar é a leasú agus cur leis) ar mhír Fiontraíochta shuíomh gréasáin na Roinne. Liostaítear sa doiciméad na tacaíochtaí Stáit agus tacaíochtaí nach ón Stát iad atá ann d'fhiontraithe agus is uirlis áisiúil é do lucht déanta beartais.

Faoin bPlean Gníomhaíochta do Phoist freisin, bhunaigh an Roinn agus rinne monatóireacht ar raon de tháscairí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht náisiúnta san éiceachóras fiontraíochta d'fhonn treoir a thabhairt don bheartas fiontraíochta sa todhchaí.

Maidir leis seo, in 2016 chonacthas dul chun cinn leanúnach leis na táscairí idirnáisiúnta den saghas sin i réimsí na fiontraíochta agus nuálaíochta, mar shampla:

- I mí na Samhna 2016, rangaigh an tInnéacs Fiontraíochta Domhanda Éire sa 9ú háit ar domhan (ardú ón 12ú háit an bhliain roimhe sin) agus sa 6ú háit san Eoraip.
- D'éirigh le hÉirinn a rangú san 8ú háit ar Scórchlár Digiteach an AE 2015 a choimeád.
- Sa tuarascáil Doing Business Report 2016 de chuid an Bhainc Dhomhanda, bhí Éire sa 10ú háit as 137 tír sa rangú 'Gnó a Thosú'.

- Rangaigh an tInnéacs Nuálaíochta Domhanda Éire sa 7ú háit, ardú ón 8ú háit in 2015.

Chruthaigh an Roinn freisin leathanaigh ar mhír Fiontraíochta a suímh gréasáin (https://www.djei.ie/en/What-We-Do/Business-Sectoral-Initiatives/Entrepreneurship-/) le hacmhainní saor in aisce amhail:

- Naisc leis na mílte físeán fiontraíochta saor in aisce ar líne agus ábhair eile chun cabhrú leosan atá ina bhfiontraithe cheana nó a d'fhéadfadh a bheith.
- I réimse an Oideachais Fiontraíochta, cuireadh acmhainní le chéile do bhunmhúinteoirí agus do mhúinteoirí meánscoile araon.

Ag leibhéal na hEorpa, bhí obair ar chúrsaí fiontraíochta lárnach i Líonra Toscairí na nGnólachtaí Beaga agus Meánmhéide (SME). In 2016, tionóladh ceithre chruinniú de chuid Líonra Toscairí SME. Ghlac an Roinn seo páirt i dtionscnaimh fiontraíochta a d'eascair as na cruinnithe seo.

## Rannpháirteachas le Pobal na nGnólachtaí Beaga

Cuireann Grúpa Comhairleach na Roinne um Ghnólachtaí Beaga (GCGB) ardán ar fáil do rannpháirteachas struchtúrtha idir úinéirí Gnólachtaí Beaga agus an tAire Stáit d'Fhostaíocht agus Gnólachtaí Beaga. Ghlac an tUas. Pat Breen TD, an tAire Stáit d'Fhostaíocht agus Gnólachtaí Beaga leis an ról mar Chathaoirleach in 2016. Tháinig an GCGB le chéile uair amháin i mí Eanáir, agus tháinig an GCGB athbhunaithe le chéile ceithre huaire tar éis an athraithe ar an gCathaoirleacht. Rinne an grúpa seo aighneacht i bpróiseas an Phlean Gníomhaíochta do Phoist.

Is é an Gníomh um Ghnólachtaí Beaga don Eoraip príomhthionscnamh beartais an AE chun tacaíocht a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (SME). Is é atá ann ná sraith bearta beartais bunaithe ar 10 bprionsabal threoracha. Thaispeáin Tuarascáil 2016 ar Éirinn de chuid Choimisiún an AE arís go bhfuil ceann de na timpeallachtaí is cairdiúla san AE do SMEanna in Éirinn. Bhí Éire ar cheann de na trí thír is fearr feidhmíochta san AE i gcás dhá cheann de na deich bprionsabal.

- Scileanna agus nuálaíocht na SMEanna, agus
- Margadh Aonair (baineann an margadh aonair leis an gcomhtháthú agus idirghníomhú ag riarachán agus SMEanna tíre sa Mhargadh Aonair).

Bhí Éire go maith os cionn mheán an AE i dtrí cinn eile de réimsí an Ghnímh um Ghnólachtaí Beaga don Eoraip:

- Fiontraíocht
- Dara seans, agus
- Riarachán freagarthach

## Miondíol

Tugann an Fóram Comhairliúcháin Miondíola, a bhfuil an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ina chathaoirleach air, ardán le go mbeidh na Ranna Rialtais ábhartha in ann comhoibriú le chéile agus leis an earnáil mhiondíola chun tacú le fás ar phoist mharthanacha san earnáil. Ar na príomh-shaincheisteanna a chuir an Fóram chun cinn in 2016 bhí:

- Creat d'Athnuachan Láir Baile a fhorbairt
- Grúpa Oibre um Scileanna Miondíola a bhunú
- Cabhrú le miondíoltóirí a gcostais fuinnimh a laghdú, an Scéim Phíolótach um Éifeachtúlacht Fuinnimh do Mhiondíoltóirí san áireamh;
- Bealaí a aithint a thacóidh leis an earnáil deiseanna an mhiondíola ar líne a thapú

## Fiontraíocht Éireann https://enterprise-ireland.com/en/

Feidhmíonn Fiontraíocht Éireann (FÉ) mar Ghníomhaireacht de chuid na Roinne agus tá sí freagrach as forbairt agus fás fiontar Éireannach i margaí domhanda. Oibríonn Fiontraíocht Éireann i gcomhpháirtíocht le fiontair Éireannacha d'fhonn cuidiú leo tosú, scálú, nuálú agus díolacháin easpórtála a ghnóthú ar mhargaí domhanda. Ar an mbonn sin, cothaíonn an ghníomhaireacht fás inbhuanaithe geilleagrach, forbairt réigiúnach agus cruthú post. Le Straitéis 'Driving Enterprise, Delivering Jobs' 2014-2016 Fhiontraíocht Éireann tá an dlús is mó riamh curtha faoin gcruthú fostaíochta in aon tréimhse 3 bliana ag cliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann.

Sháraigh cliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann a sprioc 3 bliana nuair a chruthaigh siad 45,592 post lán-aimseartha nua sa tréimhse 2014-2016. Leis sin tá ar an iomlán 201,108 duine fostaithe ag cuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann – an líon is mó riamh. Ábhar suntais é gur cruthaíodh níos mó ná 130,000 de na poist sin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, agus gur tháinig méadú ar fhostaíocht i ngach réigiún. Cruthaíodh 19,244 post nua (lánaimseartha agus páirtaimseartha) san iomlán in 2016. Is ionann sin agus glanmhéadú de 9,117 post do 2016 (ag cur cailleadh post san áireamh). Ba iad Teicneolaíocht Dhigiteach, Tógáil agus Fintech na hearnálacha is fearr feidhmíochta.

Is fiú €22.9 billiún an caiteachas bliantúil in Éirinn ag cliaint Fhiontraíocht Éireann ó thaobh párolla agus ceannaigh de.

Ba é an toradh ar thiomáint seo na fiontraíochta in Éirinn ná na poist agus an saibhreas a cruthaíodh ann. Le gach post a fhaigheann tacaíocht dhíreach cruthaítear post eile sa gheilleagar. Tá 375,000 post anois ann a fhaigheann tacaíocht dhíreach nó indíreach ó Fhiontraíocht Éireann arb ionann é agus ceann amháin as gach cúig phost in Éirinn.

Dar le Fiontraíocht Éireann ba é faoi deara feidhmíocht láidir ghnólachtaí na hÉireann le trí bliana anuas ná an feabhas atá ar an timpeallacht fiontraíochta do ghnóthaí nuathionscanta agus nuálaíocht agus uas-scálú cuideachtaí dinimiciúla in earnálacha tábhachtacha amhail bia, fintech, seachfhoinsiú proiséas gnó, déantúsaíocht neamh-bhia, TFC agus tógáil.
Chun an fás iontach seo ar fhostaíocht a bhaint amach, chuir Fiontraíocht Éireann tacaíochtaí suntasachta ar fáil in 2016. Seo cuid acu:

- D'infheistigh Fiontraíocht Éireann €32 milliún i ngnóthais nuathionscanta in 2016 agus thug tacaíocht do 229 cuideachta nuathionscanta, an líon is mó go dtí seo in aon bhliain amháin.
- Bhí breis is leath (53%) de na gnóthais nuathionscanta ar tugadh tacaíocht dóibh in 2016 lonnaithe sna réigiúin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.
- Le linn 2016, sheol Fiontraíocht Éireann 6 chiste caipitil fiontair, agus gheall €81m agus fuair €330m ar an iomlán d'infheistíocht nua tráchtála chun tacú le cuideachtaí.
- Ba Ghnóthais Nuathionscanta Ardacmhainne de chuid Fhiontraíocht Éireann iad 15 mhac-chuideachta ó Institiúidí Ardoideachais in 2016 - an líon bliantúil is mó riamh.
- Bhí bliain rathúil eile ag Aonad Fiontraíochta na mBan le méadú ar líon na ngnóthas nuathionscanta ag mná suas go 63, lena n-áirítear 19 nGnóthas Nuathionscanta Ardacmhainne.
- Rinne 569 Bainisteoir cúrsaí ar Fhorbairt Bainisteoireachta Fhadtéarmach agus 1,551 ar cúrsaí ar fhorbairt ghearrthéarmach.
- Faomhadh 87 cuideachta le haghaidh cláir iomaíochais Lean.
- Tugadh tacaíocht do 1,036 nuálaíocht chomhoibritheach idir Tionscal agus Tríú Leibhéal
- Tháinig méadú ar easpórtálacha ag cliaint Fhiontraíocht Éireann go €21.6 billiún in 2016, na figiúirí easpórtála is airde ar taifead. Chonacthas ardú ar easpórtálacha sa RA (2%), Tuaisceart na hEorpa (3%), SAM/Ceanada (19%), an Áise agus an tAigéan Ciúin (16%), Meiriceá Laidineach (17%). Ar an iomlán b'ionann is €42.42 billiún díolacháin chliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann.

- Tháinig méadú ar líon na gcuideachtaí a easpórtálann go Margaí Ardfháis (HGM) go 69. Bunaíodh 420 láithreacht nua thar sáile, 189 acu i Margaí Ardfháis.
- Gnóthaíodh 1,194 conradh nua thar lear le tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann i mBaile Átha Cliath agus ó 32 oifig den ghréasán idirnáisiúnta.

Déanann gníomhaíochtaí Fhiontraíocht Éireann an beart maidir le roinnt de bheartais eile na Roinne agus an Rialtais lena n-áirítear Fiontraíocht 2025, an Plean Gníomhaíochta do Phoist, na hocht bPlean Gníomhaíochta do Phoist Réigiúnacha, Foodwise 2025, Ráiteas Beartais Náisiúnta Fiontraíochta agus an Straitéis Turasóireachta agus Infheistíochta. Is í Fiontraíocht Éireann an comhordaitheoir ceannais ar rannpháirt na hÉireann i gclár maoinithe an AE do Taighde agus Forbairt "Horizon 2020".

## Fiontraíocht Éireann agus Brexit

Le toradh reifreann na RA ar an 23 2016, is é Brexit an dúshlán is mó ann le 50 bliain anuas. Tá sé den riachtanas go ngníomhóidh cuideachtaí anois le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhainfidh le Brexit. Ar na nithe a bheidh orthu a dhéanamh beidh an leas is fearr a bhaint as deiseanna a n-easpórtálacha go dtí an RA a bhuanú agus a fhás agus leanúint dá mbonn easpórtála a éagsúla.

An lá a fógraíodh toradh Brexit, d'fhoilsigh Fiontraíocht Éireann Straitéis Cúig Cholún le tacú le cliaint a mbeidh tionchar aige orthu. Chruthaigh siad suíomh gréasáin UK Export Help ar a bhfuil doiciméid, seimineáir ghréasáin agus físeán le treoir agus comhairle do chuideachtaí. Ar an suíomh freisin tá eolas ar dheiseanna sa Ríocht Aontaithe agus i margaí eile. Anuas ar an méid sin bunaíodh Aonad Brexit ar leith laistigh den Ghníomhaireacht chun ceannaireacht a thabhairt maidir le freagairt chomhordaithe tras-ghníomhaireachta agus le tacaíochtaí dírithe do chliaint a fhorbairt.

Chun an sciar den mhargadh a choimeád agus easpórtálacha a fhás, thosaigh Comhairleoirí Margaidh Fhiontraíocht Éireann sa RA ar eolas ar an margadh a sholáthar do chliaint ar bhonn earnála, á gcur in aithne do cheannaitheoirí, soláthraithe, agus comhpháirtithe margaidh agus ag soláthar faisnéis mhargaidh dóibh, amhail anailís ar iomaitheoirí, seirbhísí gairmiúla a aithint etc.

Mar chuid de Bhuiséad 2017, fuarthas airgead breise chun foráil do 39 post spriocdhírithe i bhFiontraíocht Éireann. Lonnófar na baill foirne bhreise seo in oifigí thar lear le Fiontraíocht Éireann le heolas agus saineolas earnála acu i réimsí amhail innealtóireacht, bia, eolaíochtaí beatha agus tógáil. Tiomáinfidh sé seo fás ar easpórtáil go margaí idirnáisiúnta eile ina bhfuil deiseanna agus laghdóidh sé sin an spleáchas ar an RA.

Thug Fiontraíocht Éireann a Straitéis 2017-2020 chun críche go luath in 2017, ina dtugtar freagra gearrthéarmach agus fadtéarmach ar Brexit.

## **Oifigí Fiontair Áitiúla** https://www.localenterprise.ie/

Is éard atá sna 31 Oifig Fiontair Áitiúla (OFÁ) ná 'siopa céad staid' le haghaidh comhairle agus treorach, cúnamh airgeadais agus tacaí eile do dhaoine ar mian leo a ngnólacht féin a thosú nó a fhás.

Is féidir le OFÁanna cúnamh deontais díreach a chur ar fáil do mhicrifhiontair (10 bhfostaí nó níos lú) in earnáil na déantúsaíochta nó seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta a bhfuil sé de phoitéinseal acu, le himeacht ama, forbairt ina n-aonáin láidre easpórtála. I gcás duine ar bith ar mian leo a ngnólacht féin a thosú nó a fhás, seans go mbeadh OFÁanna in ann tacaíocht 'bhog' a chur ar fáil i bhfoirm traenála nó meantóireachta. Ina theannta sin, cuireann OFAanna seirbhís threorach ar fáil i ndáil le tacaí ábhartha eile stáit atá ar fáil, mar shampla: na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Coimirce Sóisialaí, Microfinance Ireland, LEADER, Scéim na nDearbhán le haghaidh Trádáil ar Líne, agus Boird Oideachais agus Oiliúna.

Ó bunaíodh iad in 2014, lean na OFÁanna de thacú le feidhmíocht ardleibhéil i measc a gcliant ina réimsí seirbhísí. I mbeagán focal, le linn 2016:

- Cruthaigh cliaint na OFÁanna 7,883 post nua lánaimseartha agus páirtaimseartha (comhlán) san iomlán.
- Má chuirtear caillteanais i bpunann cliantchuideachtaí san áireamh, bhí méadú glan 3,679 post (lánaimseartha agus páirtaimseartha) ann.
- Bhí 6,846 cliantchuideachta, le fostaíocht 34,634 duine (lánaimseartha agus páirtaimseartha) san iomlán, ag baint le punann OFÁanna in 2016.

Ba é an rud a bhí i gcroílár chruthú na bpost sin ná raon tacaí forbartha a chur ar fáil a bhí dírithe ar acmhainn agus feidhmíocht chuideachta a chothú in earnáil na micrifhiontar:

- In 2016, d'íoc OFÁanna cúnamh airgeadais díreach le 1,041 togra gnó ar bhain luach €11.4m leis. Astu sin, ba dheontais phrimeála do ghnólachtaí nuathionscanta iad 469 ceann díobh.
- I dteannta an chúnaimh airgeadais dhírigh, thacaigh na OFÁanna le cohórt níos leithne fiontraithe agus gnólachtaí beaga in 2016 de bhun tacaí boga eile:
    - 1,917 clár oiliúna le 27,617 rannpháirtí
    - tacaíocht mheantóireachta aon le haon a chur ar fáil do 7,474 rannpháirtí
    - cuireadh 433 duine ar aghaidh chuig Micro Finance Ireland (208 iarratas ar dheontas faofa)
    - Scéim na nDearbhán le haghaidh Trádáil ar Líne de chuid na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (D/CCAE) inar ghlac 1,161 gnó páirt.

Toradh an-dearfach ar infheistíocht agus tacaíocht OFÁanna is ea go bhfuil roinnt cliantchuideachtaí OFÁ imithe ar aghaidh go punann Fhiontraíocht Éireann. I rith 2016, chuaigh 40 cuideachta OFÁ ar aghaidh chuig Fiontraíocht Éireann. Tá na cliaint sin suntasach sa mhéid is go bhfuil siad ar na cuideachtaí is fearr feidhmíochta i bpunann cliant OFÁ (ní léirítear a bhfeidhmíocht in aschur 2016 thuas toisc gur gur aistríodh go Fiontraíocht Éireann iad).

### Fiontraí Óg na hÉireann http://www.ibye.ie/

In 2016 ghlac an líon is mó riamh (1,842, suas ó 1,398 in 2015) d'fhiontraithe óga, idir 18 agus 35 bliana d'aois, páirt sa chomórtas 'Fiontraí Óg na hÉireann'. Is é aidhm an tionscnaimh, a bhfuil ionstraim infheistíochta €2 mhilliún aige, tacú le cultúr na fiontraíochta i measc daoine óga in Éirinn, an fhiontraíocht a chothú mar rogha ghairme, agus óige na hÉireann a spreagadh chun gnólachtaí nua a bhunú d'fhonn poist a chruthú.

## GFT Éireann https://www.idaireland.com/

Léiríonn torthaí 2016 GFT Éireann go bhfuil sé ar an mbealach ceart chun a spriocanna a bhaint amach mar atá siad leagtha amach ina straitéis Winning: Foreign Direct Investment 2015-2019. Ó 2015 tá an Ghníomhaireacht ag obair i dtreo chuspóirí na straitéise seo, lena n-áirítear 80,000 post nua agus 900 infheistíocht nua a chruthú. Thabharfadh sé sin fostaíocht ó Infheistíocht Dhíreach Eachtrach in Éirinn suas go 209,000 faoi 2019. Tá sé mar aidhm ag an GFT freisin an leibhéal infheistíochta a ardú idir 30% agus 40% i ngach réigiún taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath laistigh den fhráma ama céanna.

Is bunchloch den straitéis í an fhorbairt réigiúnach agus rinneadh dul chun cinn maith léi in 2016 agus 52% de na poist a cruthaíodh le tacaíocht GFT Éireann lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. D'fhonn na spriocanna réigiúnacha sin a bhaint amach tá sé de rún ag an nGníomhaireacht a lorg coise réigiúnach a mhéadú ionas go mbeadh a cuid earnálacha gnó ag teacht leis na réigiúin chun "éiceachórais earnála" a fhorbairt agus chun leas a bhaint as cnuasaigh thionscail. Tá GFT Éireann ag obair níos dlúithe chomh maith le Fiontraíocht Éireann agus lena chuid cliant reatha d'fhonn a chinntiú go mbaintear an leas is fearr agus is féidir amach do gach réigiún.

Tá GFT Éireann, de bhun an Chláir Mhaoine Réigiúnaigh, ag forbairt réitigh chuí mhaoine in ionaid shainithe réigiúnacha chun infheistíocht a mhealladh thar tír isteach. Áirítear leis seo naoi saoráid tosaigh nua a thógáil ar fud na tíre Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an ngné seo den chlár a sheachadadh in 2016, le 7 saoráid tosaigh le bheith críochnaithe in 2017.

Ar an iomlán, in 2016, i gcomhthéacs ina bhfuil éiginnteacht geopholaitiúil agus géariomaíocht ó thíortha eile, rinne GFT Éireann go maith ó thaobh a bheith ag obair i dtreo spriocanna uaillmhianacha atá leagtha amach ina straitéis. A fhianaise sin na torthaí i ngach réigiún in Éirinn ina a raibh ardú glan ar phoist agus an leibhéal is airde riamh ó thaobh cruthú fostaíochta de i stair 67 bliain na Gníomhaireachta.

In 2016 chruthaigh cliantchuideachtaí an GFT 18,827 post ar an talamh agus bhí na caillteanais, mar chéatadán den phunann fostaíochta iomlán ag an leibhéal ab ísle riamh. Is le cliantchuideachtaí GFT Éireann atá 10% d'fhostaíocht phríobháideach sa Stát anois nó thart ar 1 as gach 5 de phost san earnáil phríobháideach.

## Idir-Thrádáil Éireann (ITI) http://www.intertradeireland.com/

Tá Idir-Thrádáil Éireann ar cheann de na sé Chomhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas arna mbunú le Comhaontú Aoine an Chéasta in 1998. Bíonn sé i mbun raon leathan de chláir tacaíochta gnó chun cabhrú le SMEanna ar dhá thaobh na teorann dul sa tóir ar dheiseanna gnó sa dlínse eile.

Tugann an Comhlacht punann spriocdhírithe de chláir chun cabhrú le gnólachtaí buntáiste iomaíoch a fhorbairt i réimsí fíorthábhachtacha den Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht agus Díolacháin agus Margaíocht, iad ar fad bunaithe ar thaighde fianaise-bhunaithe eacnamaíoch agus gnó. Bíonn ró-éileamh i gcónaí ar a chuid seirbhísí.

I measc ghníomhaíochtaí ITI in 2016 bhí:

- Deiseanna agus acmhainní airgeadais a chur ar fáil do thionscail Aistrithe Teicneolaíochta Thuaidh/Theas chun táirgí nuálacha agus seirbhísí nua a fhorbairt lena mbeifear in ann easpórtálacha a fhás.
- Réimsí nua comhoibrithe idir gnóthais sa Tuaisceart agus sa Deisceart a bhreithniú.
- Deiseanna díolacháin agus margaíochta a thabhairt do ghnóthais le go mbeidh siad in ann margaí nua trasteorann a aimsiú.
- Rochtain a chur ar fáil do SMEanna ar mhargadh soláthair phoiblí €12 bhilliún uile-Éireann.

Príomhthorthaí ITI in 2016:

- Cruthaíodh 2,339 post (sprioc de 1,100);
- Cuideachtaí nuálacha céad uaire - 79 (sprioc 56;)
- Cuideachtaí easpórtála céad uaire - 88 (sprioc 50);

In 2016 bronnadh bainistíocht thionscail mhóir ar ITI faoi Chlár INTERREG an AE. Mar chuid den tionscadal nua seo déanfaidh an Comhlacht bainistíocht ar shraith éagsúil de thionscnaimh a chabhróidh le cuideachtaí a saineolas Taighde agus Nuálaíochta féin a fhorbairt, thar thréimhse cúig bliana. Cuirfidh an tionscnamh nua seo leis an raon clár atá ag an gcomhlacht faoi láthair do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide (SME).

Toisc go bhféadfadh Brexit tionchar mór a imirt ar na SMEanna ar thug ITI cúnamh dóibh, sholáthair an Roinn seo maoiniú sonrach don ITI in 2016 chun urraíocht a dhéanamh ar thionscadal taighde, atá á dhéanamh ag an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, chun scrúdú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag réimis éagsúla trádála a d'fhéadfadh teacht sa timpeallacht iar-Brexit. Sa staidéar seo déanfar anailís ar rátaí taraife agus ar shonraí maidir le fairsinge agus tiús na trádála trasteorann. Críochnófar an tionscadal seo in 2017.

## An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (ÚCNÉ) https://www.nsai.ie/

Is é an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (ÚCNÉ) an ghníomhaireacht stáit atá freagrach as caighdeánú, measúnú ar chomhréireacht agus tomhas. Tá sé mar aidhm ag an ÚCNÉ feabhas a chur ar fheidhmíocht gnólachtaí in Éirinn agus tomhaltóirí a chosaint ach caighdeáin a fhorbairt, uirlisí tomhais a úsáidtear i dtrádáil a scrúdú, agus iniúchóireacht a dhéanamh agus teastais a eisiúint maidir le caighdeáin a chur i bhfeidhm ar earraí, seirbhísí agus tomhais.

Tháinig ardú 20% ar líon na gcaighdeán a cheannaigh eagraíochtaí Éireannacha in 2016 i gcomparáid le 2015.

D’fhoilsigh an ÚCNÉ 1,391 caighdeán i gcaitheamh na bliana, lena n-áirítear cúig chaighdeán nua Éireannacha i réimsí na tógála agus déantúsaíochta. Tugann sé sin líon iomlán na gcaighdeán atá ar fáil i gcatalóg an ÚCNÉ go breis is 24,000.

In 2016, choimisiúnaigh an NSAI staidéar ar na leasa eacnamaíocha a ghabhann le caighdeáin. De réir thuairisc an Centre for Economics and Business Research (CEBR), idir 2006 agus 2013, b’fhiú €335 milliún na caighdeáin do gheilleagar na hÉireann, agus ba chabhair iad chun 900 post coibhéiseach buan lánaimseartha, agus ba chuid iad de bheagnach an cheathrú chuid ar an iomlán den fhás trádála.

Sháraigh líon na n-úsáideoirí cláraithe nua le ‘Your Standards, Your Say’, tairseach na gníomhaireachta, na spriocanna a bhí ann agus tá breis is 1,400 Éireannach páirteach anois i gcaighdeáin na todhchaí a mhúnlú agus iad ina mbaill de choistí deonacha in Éirinn, san Eoraip agus níos faide i gcéin.

Bhí teagmháil rialta ag an ÚCNÉ le tionscal e.g. bhí 16 sheó bóthair ISO 9001 agus 14001 réigiúnacha saor in aisce in 2016, a spreag gnólachtaí atá teistithe leis na caighdeáin is fearr ar domhan do chórais bainistithe comhshaoil ardchaighdeáin a uasghrádú go dtí na leaganacha is déanaí.

D’fhreastail breis is 1,300 duine, ó ghnólachtaí agus eagraíochtaí éagsúla, ar sheimineáir i rith na bliana. Leanfar de bhéim a chur ar rannpháirt le tionscal in 2017 agus cuirfear béim bhreise ar na buntáistí atá le córais agus caighdeáin ardcháilíochta do thionscail tar éis Brexit.

Is é an ÚCNÉ an tÚdarás Náisiúnta um Chineálcheadú i gcomhair cineálacha éagsúla feithiclí. Déanann an ghníomhaireacht an obair seo thar ceann an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tá Ionaid Tástála Cheadaithe ceaptha ag an ÚCNÉ chun na tástálacha agus cigireachtaí cuí a dhéanamh. Tá ardú ag teacht ar líon na bhfeithiclí, comhpháirteanna agus na gcóras atá á bpróiseáil – ceadaíodh breis is 8,000 in 2016.

B’earnáil thábhachtach fós í earnáil na bhFeistí Leighis in 2016 do ghníomhaíochtaí an ÚCNÉ maidir le measúnú comhréireachta. Bhí dúshláin mhóra ann don earnáil in 2016 le tabhairt isteach Chlár Iniúchóireachta Aonair d’Fheistí Leighis, cur chuige caighdeánaithe, domhanda i leith iniúchóireacht agus deimhniúchán ar dhéantúsaíocht feistí leighis Leanfaidh an ÚCNÉ de mhonatóireacht a dhéanamh ar riachtanais agus deiseanna, go háirithe trína fhochuideachta, NSAI Inc., bunaithe i SAM.

Tá dlús curtha ag an ÚCNÉ faoina rannpháirt leis an bpobal d’fhonn an obair thábhachtach theicniúil a dhéanann sé a mhíniú níos fearr. Bhí méadú 117% ar líon lucht leanta na gníomhaireachta ar Twitter agus 99% ar LinkedIn in 2016. Ainmníodh feachtas an ÚCNÉ maidir le hInsliú ina Fheachtas Caidrimh Phoiblí is Fearr san Earnáil Phoiblí ag Gradaim Barrfheabhais sa Caidreamh Poiblí 2016 agus ainmníodh an eagraíocht ina Chomhlacht Stáit is Fearr ag Gradaim Aitheantais InBusiness Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann 2016.

## Rialú Easpórtálacha

Tá méadú ar easpórtálacha ina phríomhsprioc de chuid na Roinne, agus dá bhrí sin, is neamhchoitianta rialuithe agus srianta ar an trádáil idirnáisiúnta. Agus breac-chuntas déanta sa tuarascáil seo ar na bearta atá déanta chun fás ar easpórtálacha a bhaint amach in 2016, tá bearta á ndéanamh ag an am céanna chun easpórtáil shábháilte agus fhreagrach earraí rialaithe agus teicneolaíochta a chinntiú.

Tá ceisteanna a bhaineann le slándáil, le cobhsaíocht réigiúnach agus le cearta an duine, nithe atá mar bhonn le rialuithe easpórtála, ríthábhachtach don Roinn seo. Tá ról tábhachtach ag sprioc straitéiseach na Roinne maidir le tacaíocht a thabhairt do thrádáil agus í a éascú i réimse rialuithe easpórtála óir cinntíonn an straitéis sin go bhfreastalaítear go sonrach ar easpórtáil earraí íogaire i gcomhthéacs phrionsabail an AE agus prionsabail dhomhanda atá mar bhonn do rialú easpórtála a chosaint.

Tá sé an-tábhachtach a chinntiú go mbíonn an leibhéal cuí ceadúnaithe i bhfeidhm maidir le heaspórtálacha dé-úsáide agus earraí agus teicneolaíochtaí chomh fada agus a bhaineann sé le cuidiú le heaspórtálaithe a ngníomhaíochtaí domhanda in earnálacha ardteicneolaíochta a leathnú agus a fhorbairt.

D'eisigh an Roinn 556 ceadúnas easpórtála in 2016. Cuimsítear san fhigiúr sin 409 ceadúnas dé-úsáide aonair agus 128 ceadúnas míleata; 1 cheadúnas aistrithe dhomhanda mhíleata (le húsáid laistigh den AE), bhí 23 ceadúnas dé-úsáide in úsáid in 2016. Foilsítear staitisticí faoi líon agus luach na gceadúnas easpórtála ar bhonn tréimhsiúil ar shuíomh gréasáin na Roinne.

## Sainchúraim Earnála

D'fhorbair an Roinn sraith de 18 Sainchúram Earnála ar fhorbairt na n-earnálacha in Éirinn in 2016. D'oibrigh an Roinn leis na gníomhaireachtaí forbartha fiontar agus le páirtithe leasmhara eile chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhacainní sonracha earnála agus/nó cumasóirí agus tús áite a thabhairt dóibh le treoir a thabhairt d'fhorbairt beartais, gníomhartha a theastaíonn agus a gcur i bhfeidhm. Leagadh amach sa tsraith sainchúram earnála clár oibre trasghníomhaireachta comhaontaithe:

- Eolas na ngníomhaireachtaí uile, a fhaightear ó na tionscail, a úsáid chun forbhreathnú cuimsitheach a dhéanamh ar earnáil a chuimsíonn peirspictíochtaí dúchasacha agus eachtracha agus earnálacha nach bhfaigheann tacaíocht ón Roinn;
- A leagann amach sraith choiteann de ghníomhartha a chomhaontaigh na gníomhaireachtaí agus a threoraíonn forbairt beartais; agus
- A thugann léargas luath ar athruithe agus treochtaí stuchtúrtha tionscail a bhféadfadh anailís spriocdhírithe beartais a bheith ag teastáil dóibh agus/nó freagairtí malartacha.

Maidir leis na réimsí nua sonracha deiseanna, thacaigh an Roinn in 2016 le hobair an Ghrúpa Ardleibhéil do IFS 2020 (Seirbhísí Airgeadais a Thrádáiltear go hIdirnáisiúnta).

In 2016 freisin thosaigh an tAonad Measúnaithe ar *Measúnú ar Líonra na nGníomhaireachtaí Forbartha Fiontraíochta Thar Lear*. Is é aidhm uileghabhálach an mheasúnaithe cinneadh a dhéanamh maidir le hoiriúnacht, éifeachtúlacht agus éifeacht líonraí agus gníomhaíochtaí na hoifige thar lear agus na nGníomhaireachtaí Fiontraíochta i gcaitheamh na tréimhse 2005-2015. Beidh an measúnú seo tábhachtach chun measúnú a dhéanamh ar conas is féidir leis na hoifigí thar lear cabhrú le spriocanna bheartas fiontraíochta náisiúnta an Rialtais, *Fiontraíocht 2025,* an Straitéis Turasóireachta, Trádála agus Infheistíochta agus misin agus straitéisí faoi seach na ngníomhaireachtaí.

# 2. Cur chuige uile-Rialtais maidir le fiontraíocht agus fás ar fhostaíocht a chur chun cinn

**Sprioc 2:** Ceannas a thabhairt do chur chuige uile-rialtais maidir leis an timpeallacht is iomaíche d'fhás ar fhostaíocht, táirgiúlacht agus poist inbhuanaithe.

Bíonn rannpháirt láidir agus fhairsing ag an Roinn le raon leathan de réimsí beartais AE agus bíonn sí chun tosaigh ó thaobh bheartas trádála agus iomaíochais na hÉireann, leibhéal an AE agus na hEagraíocht Domhanda Trádála (WTO) san áireamh. Agus sinn ag obair leis an Rialtas trí chéile agus lenár gcomhpháirtithe AE agus idirnáisiúnta, leanfaimid d'ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ag leibhéal an AE, i bpáirt leis na hinstitiúidí AE ag comhairlí Iomaíochais, Trádála agus EPSCO, chun tionchar a imirt ar bheartais atá le teacht a thacóidh le seachadadh ár gcláir oibre maidir le poist, iomaíochas agus fás.

Is ceist an-tábhachtach é an t-iomaíochas i gcónaí don Aontas Eorpach, mar thiománaí fáis laistigh den Eoraip, agus ó thaobh iarrachtaí feabhas a chur ar sheasamh an AE i gcoibhéis leis na mórbhloic thrádála eile. Leanfaidh an Roinn de thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh uaillmhianacha chun an Margadh Aonair, seirbhísí go háirithe, agus an Margadh Aonair Digiteach a dhoimhniú, i réimsí beartais a bhfuilimid freagrach astu, agus tacaíocht a thabhairt do phríomhshruthú an iomaíochais i réimsí eile beartais.

## Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist

Seoladh tionscnamh na bPleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist i mí Feabhra 2015, ag tabhairt le chéile páirtithe leasmhara ón earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí chun raon de ghníomhartha nuálacha a aithint a thacóidh le gach réigiún a poitéinseal eacnamaíoch a chomhlíonadh. Foilsíodh Plean Gníomhaíochta do gach ceann de na 8 réigiún i mí Eanáir 2016, agus tá monatóireacht á déanamh ag Coistí Feidhmithe áitiúla orthu faoi láthair.

Tá gníomhartha á ndéanamh ag ranna Rialtais, gníomhaireachtaí, agus ag comhlachtaí eile poiblí agus príobháideacha, le hamlínte soiléire maidir le seachadadh i gcaitheamh na tréimhse 2015-2017.

Foilsíodh na chéad Tuarascálacha ar Dhul Chun Cinn i leith 8 gcinn de na Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha in 2016. Cé go bhfuil sé luath sa phróiseas fós, léiríonn na tuarascálacha ar dhul chun cinn an dea-obair atá déanta go dtí seo le cur i bhfeidhm na 8 bPlean Gníomhaíochta Réigiúnacha agus timpeallacht thacúil a chruthú d'fhás fostaíochta sna réigiúin. Tá rátaí críochnúcháin na ngníomhartha laistigh de na chéad Tuarascálacha ar Dhul Chun Cinn os cionn 90% do gach réigiún. D'fhéadfadh tuairteanna seachtracha, ar nós Brexit, tionchar a imirt ar sheachadadh fostaíochta sna réigiúin amach anseo. Ach go bhfuil na Pleananna seo solúbtha agus dinimiciúil agus is féidir iad a oiriúnú le aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus deiseanna nua a d'fhéadfadh a bheith sna réigiúin.

Méadaíodh ar líon na ndaoine i bhfostaíocht i ngach réigiún in 2016[2] agus 70% de na poist nua a cruthaíodh in 2016 bhí siad lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, thit an ráta dífhostaíochta i ngach réigiún suas go dtí R4 2016. Is dul chun cinn suntasach é sin i dtreo phríomhaidhm an Rialtais - tacaíocht a thabhairt do 200,000 post breise a chruthú faoin mbliain 2020, 135,000 díobhsan lasmuigh de réigiún Bhaile Átha Cliath. Bunaithe ar na sonraí reatha, bainfidh gach réigiún na spriocanna maidir le poist amach faoin mbliain 2020 nó sáróidh siad iad.

[2] Figiúirí Shuirbhé Náisiúnta Tithíochta Ráithiúil na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO) do R4 2016.

## An Margadh Aonair Digiteach

Glacadh Straitéis an Mhargaidh Aonair Dhigitigh (DSM), ar an 6 Bealtaine 2015. Tá 16 thionscnamh inti, faoi 3 cholún:

1. Rochtain: rochtain níos fearr ag tomhaltóirí agus ag gnólachtaí ar sheirbhísí agus earraí digiteacha ar fud na hEorpa;
2. An Timpeallacht: na cúinsí cearta agus páirc imeartha chothrom a chruthú ionas gur féidir le líonraí digiteacha agus seirbhísí nuálacha fás; agus
3. An Geilleagar agus an tSochaí: an leas is fearr is féidir a bhaint as poitéinseal an gheilleagair dhigitigh.

Cuimsíonn saincheisteanna a bhaineann leis an Margadh Aonair Digiteach réimsí oibre idir-Roinne agus tras-Roinne araon. Sa Roinn seo tá grúpa tras-rannáin chun dearcaí inmheánacha a thiomsú agus a mheas i leith na saincheisteanna sin as a bhfuil sí freagrach ionas gur féidir comhleanúnachas beartais laistigh den Roinn a chinntiú. Bíonn an Roinn i dteagmháil freisin le grúpa tras-rialtais um an Margadh Aonair Digiteach atá faoi stiúir Roinn an Taoisigh.

## **Cumas Iomaíochta**

Is coincheap leathan é iomaíochas náisiúnta a chuimsíonn raon de ghnéithe éagsúla agus d'ionchuir bheartais, ina measc oideachas agus oiliúint, fiontraíocht agus nuálaíocht, bonneagar eacnamaíochta agus teicneolaíochta na hÉireann, agus an creat cánachais agus rialála.

Ní sprioc ann féin é an t-iomaíochas; is amhlaidh is bealach é chun feabhsuithe inbhuanaithe ar chaighdeáin mhaireachtála agus ar cháilíocht an tsaoil a bhaint amach. Caithfear a chinntiú gur féidir le gnólachtaí bunaithe in Éirinn dul san iomaíocht go rathúil anseo agus thar sáile má táthar leis an bhfostaíocht, an t-ioncam agus an saibhreas is gá a chruthú chun saol na saoránach uile a fheabhsú. Tá sé ríthábhachtach freisin go gcuirfidh an Rialtas margaí iomaíocha chun cinn sna seirbhísí atá iontach tábhachtach don ghnó agus go gcuirfidh sé rialáil níos cliste chun tosaigh.

Ón uair a tugadh isteach é, thug an Plean Gníomhaíochta do Phoist suntas don nasc bunúsach atá idir cumas iomaíochta agus cruthú post, agus is é an príomhshásra a chuireann dlús faoin iomaíochas i ngach réimse de ghníomhaíocht gheilleagrach. Thug na Pleananna Gníomhaíochta uile go dtí seo fócas géar ar ghnéithe sonracha de chlár oibre an iomaíochais, go háirithe mar a bhaineann le costais, le hiomaíochas domhanda na hÉireann a fheabhsú agus é a dhéanamh níos fusa gnó a thosú, a rith agus a scálú.

Mar gheilleagar beag oscailte, tá sé riachtanach fás inbhuanaithe leathan le béim ar easpórtáil a ghiniúint. D'fhonn fás a sheachadadh, caithfidh iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann leanúint ag feabhsú. Sa ghearrthéarma, is foras ríthábhachtach é iomaíochas costais. Is é an fás táirgiúlachta áfach an rogha sháis le feabhas a chur ar iomaíochas san fhadtéarma toisc gur féidir leis sin tacú le hiomaíochas costais nuair a bhíonn leibhéil phá ag dul in airde agus na caighdeáin mhaireachtála againn a fheabhsú dá réir. Chomh fada agus a bhaineann leis an Roinn, táimid dírithe ar a chinntiú go mbeidh an raon fairsing de chúinsí agus d'ionchuir bheartais, ar féidir leo tionchar a imirt ar iomaíochas náisiúnta, amhail fiontraíocht, nuálaíocht agus margaí iomaíocha ar fad ag feidhmiú ag na leibhéil optamacha.

Lean an feabhsú ar fheidhmíocht iomaíoch na hÉireann in 2016. Chuir an seasamh fioscach feabhsaithe, an ráta ard fáis ar tháirgiúlacht, agus an méadú ar iomaíochas costais ar fad leis an bhfeabhsú ar iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann. Tá an feabhsú sin le sonrú ó raon de mhéadrachtaí, fás eacnamaíoch, feabhas ar airgeadas poiblí, ardú ar fhostaíocht, laghdú ar dhífhostaíocht agus feidhmíocht láidir trádála go háirithe. I dtéarmaí rangú idirnáisiúnta an iomaíochais náisiúnta lean an feabhsú ar fheidhmíocht iomaíoch na hÉireann in 2016:

- Ag baint úsáid as tomhas iomaíochais na hInstitiúide Idirnáisiúnta um Fhorbairt Bainistíochta (IMD) tá Éire sa 7ú háit in 2017, feabhsú 9 n-áit ar 2015.
- I dTuarascáil an Fhóraim Eacnamaíoch Dhomhanda is í Éire an 23ú geilleagar is iomaíche, feabhsú 1 áit amháin.

## An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais

Tuairiscíonn an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais (CNI) don Taoiseach agus don Rialtas, tríd an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta maidir le saincheisteanna iomaíochais tábhachtacha atá ann do gheilleagar na hÉireann agus tairgeann moltaí ar ghníomhartha beartais a bhfuil gá leo chun seasamh iomaíoch na hÉireann a fheabhsú. Tá an taighde agus anailís a dhéanann an Rannán um Beartas Straitéiseach mar bhonn faoi obair an CNI. Tá an CNI freagrach as bainistiú agus treo a chláir oibre féin. In 2016 d'fhoilsigh an CNI dhá thuarascáil bhliantúla:

- Tugann Scórchárta Iomaíochais na hÉireann measúnú cuimsitheach staitisticiúil ar Feidhmíocht iomaíochais na hÉireann; agus
- Úsáideann Dúshlán Iomaíochais na hÉireann an fhaisnéis seo in éineacht leis an taighde is déanaí chun cuntas a thabhairt ar na príomhdhúshláin atá ann d'iomaíochas na hÉireann agus na freagairtí beartais a theastaíonn le haghaidh a thabhairt orthu.

Mar chuid den obair seo:

- D'fhoilsigh an CNI na Costais a Ghabhann le Gnó a Dhéanamh ina ndéantar na príomhchostais ghnó in Éirinn a thagarmharcáil le costais i dtíortha iomaitheora; agus
- Sholáthair an CNI aighneacht bhliantúil maidir leis an bPlean Gníomhaíochta do Phoist agus páipéir ar shaincheisteanna iomaíochais sonracha eile.

## Na Costais a Ghabhann le Gnó a Dhéanamh

D'fhoilsigh an CNI na Costais a Ghabhann le Gnó a Dhéanamh in Éirinn in Aibreán 2016. Leagann an tuarascáil síos slat tomhais do phríomhchostais ghnó agus leagtar béim ar réimsí ina bhfuil costais fiontraíochta na hÉireann as cor le príomhiomaitheoirí. Díríonn an tuarascáil ar chostais a chinntear anseo in Éirinn den chuid is mó, cuir i gcás saothar, maoin, fuinneamh, dramhaíl, uisce, cumarsáid agus seirbhísí gnó, agus cuirtear san áireamh leibhéal praghsanna agus athruithe sna leibhéil sin (i.e. boilsciú praghsanna). Leagadh amach sa tuarascáil conas mar atá feabhas tagtha ar an mbonn costais d'fhiontair thar raon de mhéadrachtaí ó 2009, (e.g. an costas a ghabhann le gnó a bhunú, costais chumarsáide agus an cháin ioncaim mheánach). Is áit ardchostais í Éire fós áfach agus leis an bhfás atá tagtha tá brú cheana féin ag ardú costais.

## Scórchárta Iomaíochais na hÉireann

I mí Iúil 2016, foilsíodh tuarascáil tagarmharcála bhliantúil an CNI, Scórchárta Iomaíochais na hÉireann 2016. Tugann an Scórchárta measúnú staitisticiúil cuimsitheach ar fheidhmíocht iomaíochais na hÉireann maidir le raon tíortha lena bhfuilimid in iomaíocht do thrádáil agus infheistíocht ar mhargaí idirnáisiúnta.

I dtuarascáil 2016 tugtar 130 táscaire, a chuimsíonn gach gné den iomaíochas, ó dhálaí riachtanacha a chuireann bonn faoi fheidhmíocht, go hionchuir bheartais, aschuir agus torthaí iomaíochais.

Tarraingíodh aird sa tuarascáil ar a oiread den fheabhsú ar iomaíochas a d'eascair as feabhas a theacht ar iomaíochas costais coibhéiseach de thoradh ar an gcúlú eacnamaíoch agus na rátaí malairte dearfacha le Steirling agus an Dollar. Tugann an CNI foláireamh áfach go bhfuil an geilleagar leochaileach in ainneoin go bhfuil an chuma air go bhfuil sé socair. Mar gheilleagar beag oscailte, tá bagairtí seachtracha amhail luaineacht an mhargaidh airgeadais agus geilleagar an domhain a bheith íogair á ndéanamh níos measa anois ag iarmhairtí éiginnte chinneadh na Breataine an AE a fhágáil. Tá na tíortha uile lena mbímid ag trádáil agus lena mbímid in iomaíocht d'infheistíocht dhíreach eachtrach ar a ndícheall ag iarraidh a

dtimpeallachtaí gnó a fheabhsú. Le béim á cur gan staonadh ar leasuithe agus ar an bhfeabhas ar fheidhmíocht iomaíochais na hÉireann a bhuanú i réimsí a mbíonn tionchar ag gníomhartha beartais baile orthu tá sé riachtanach fás inbhuanaithe a bheith againn.

### Dúshlán Iomaíochais na hÉireann

I mí na Nollag 2016, d'fhoilsigh an CNI Dúshlán Iomaíochais na hÉireann 2016 ina leagtar amach gníomhartha beartais meántéarmacha atá de dhíth chun iomaíochas na hÉireann a fheabhsú. I dtuarascáil 2016 freisin tá Aighneacht an CNI do Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2017 ina n-aithnítear na réimsí is túisce a bhfuil gá le gníomh ina leith in 2017.

Leagtar amach sa tuarascáil an tábhacht a bhain le feabhsú an iomaíochais náisiúnta chun an geilleagar a fhás agus poist a chruthú. Is é dearcadh an CNI áfach go bhfuil baol gearrthéarmach agus meántéarmach i roinnt réimsí tábhachtacha a d'fhéadfadh an bonn a bhaint den iomaíochas náisiúnta, fás agus caighdeáin mhaireachtála. Tugann na dúshláin a bhaineann le Brexit spreagadh eile dúinn dul i mbun beartas a thacóidh le hiomaíochas. Sa tuarascáil seo leagtar amach na dúshláin mheántéarmacha maidir le hiomaíochas atá ann don gheilleagar agus tugtar moltaí faoin mbealach is fearr tabhairt fúthu. As measc na saincheisteanna a dtarraingíonn an CNI aird orthu is iad tithíocht agus an t-ardú ar chostas árachais na hábhair imní is mó.

Cuireann an CNI béim freisin ar an tábhacht atá le hinfheistiú caipitil i bpríomh-bhonneagair chun tacú le hiomaíochas, aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a ghabhann lenár spriocanna don athrú aeráide, agus an gá atá ann an Creat Pleanála Náisiúnta a sheachadadh. Bhí an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta i dteagmháil le gach Roinn Rialtais chun gníomhartha fiúntacha a fhorbairt a thuilleadh chun tacú le hiomaíochas agus na gníomhartha sin a bheith i bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2017.

### Feasacháin Iomaíochais

Díríonn Feasacháin Iomaíochais an NCC ar ábhair aonair agus tarraingítear aird ar ábhair imní don Chomhairle, leagtar amach go hachomair an chúis gur ábhar imní iad, agus tugtar achoimre ar na gníomhartha a dearadh chun iomaíochas na hÉireann a fheabhsú. D'fhoilsigh an NCC seacht bhfeasachán ghairide in 2016 mar gheall ar shaincheisteanna tábhachtacha iomaíochais:

1. Feidhmíocht na hÉireann i Rangú Iomaíochais an Domhain
2. Praghsanna Tí agus Inacmhainneacht Chíosa agus Iomaíochas
3. Táscairí Iomaíochais Comhchuibhithe
4. Rátaí Malairte agus Iomaíochas na hÉireann
5. Tábhacht an Iomaíochais
6. Costais Árachais
7. Costais Dlí

### Taighde ar Iomaíochas

Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh an CNI raon de pháipéir, aighneachtaí agus tuairiscí eile ar shaincheisteanna éagsúla eile atá tábhachtach d'iomaíochas na hÉireann. In 2016 d'fhoilsigh an Chomhairle dhá pháipéar plé.

- Athbhreithniú ar Chreata Iomaíochais

Le breis is deich mbliana anuas, tá an CNI ag baint úsáid as sainchreat iomaíochais le cur síos a dhéanamh ar na taobhanna ilghnéitheacha agus idirnasctha den iomaíochas, le béim ar leith ar an tionchar a bhíonn ag saincheisteanna iomaíochais ar gheilleagar beag oscailte mar Éire. Lena chinntiú go mbeidh an CNI ina ghuth éifeachtach údarásach ar son an iomaíochais a fheabhsú, choimisiúnaigh an CNI taighde chun ár sainmhínithe agus creat iomaíochais a scrúdú. Rinne an Dr. Christian Ketels, Príomh-Chomhpháirtí san Instiúid um Straitéis agus Iomaíochas i Scoil Ghnó Harvard an obair thar ceann an CNI agus foilsíodh í in Aibreán 2016. Sheol an CNI freisin a chomhairliúchán poiblí maidir leis an obair seo in Aibreán 2016.

- Staidéar ar Inacmhainneacht na Tithíochta in Éirinn

Tá tábhacht le hinacmhainneacht tithíochta don teaghlach aonair, don tsochaí trí chéile agus d'iomaíochas na tíre. Ó thaobh iomaíochais de, is cuid thábhachtach í inacmhainneacht tithíochta do chumas na hÉireann a bheith iomaíoch go hidirnáisiúnta. Imríonn sé tionchar ar mhealltacht na hÉireann mar shuíomh don infheistíocht agus imríonn tionchar díreach ar chostais fiontraíochta trí éifeachtaí ar phá, agus cinntíonn sé go hindíreach an praghas a bhíonn ar earraí agus seirbhísí Éireannacha. Imríonn an costas tithíochta tionchar ar inghluaisteacht lucht oibre agus ar chumas an gheilleagair oiriúnú do thuairteanna diúltacha. I mí Iúil 2016, d'fhoilsigh an CNI Staidéar ar Inacmhainneacht na Tithíochta in Éirinn. Ba é príomhchuspóir an staidéir, a rinne Indecon Economic Consultants thar ceann an CNI, measúnú a dhéanamh ar inacmhainneacht maoine cónaithe in Éirinn i gcomhthéacs idirnáisiúnta. Déantar inacmhainneacht tithíochta a thomhas ach scrúdú a dhéanamh ar an sciar d'ioncam teaghlaigh a chaitear ar riachtanas tithíochta, cibé teach a cheannach nó a fháil ar cíos.

## Riachtanais Scileanna na bhFiontar www.skillsireland.ie

Príomhthiománaí an téarnaimh agus an fháis inár ngeilleagar agus sa mhargadh saothair is ea na scileanna cearta agus bonn tallainne a bheith ann. Le fórsa oibre dea-oilte a bhfuil ardscileanna acu beidh Éire in ann dul san iomaíocht i margaí idirnáisiúnta, infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh, líon na bpost de cháilíocht níos fearr agus le híocaíocht níos fearr a mhéadú, agus an geilleagar eolais a fhorbairt.

### An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí

Tá ról tábhachtach ag an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (SRST) ó thaobh riachtanais scileanna reatha sa gheilleagar agus iad siúd a bheidh de dhíth a aithint. Tá an Roinn, in éineacht leis an Aonad Taighde um Scileanna agus an Margadh Saothair in SOLAS, sa ról Rúnaíochta don SRST, a thuairiscíonn don Aire Oideachais agus Scileanna agus don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta araon. Aithníonn an SRST na scileanna a bhíonn de dhíth ar fhiontair i ngairmeacha agus in earnálacha éagsúla. Soláthraíonn an obair a dhéanann sé eolas do sholáthraithe oideachais agus oiliúna chun tacú cláir a ailíniú le riachtanais fostóirí, agus tá sí mar bhunchloch faoi chláir ghníomhachtúcháin don mhargadh saothair; tá obair an Ghrúpa ina cuidiú freisin ag daoine aonair cinntí eolacha a dhéanamh faoi dheiseanna fostaíochta agus roghanna gairme. Le blianta beaga anuas d'fhoilsigh an Sainghrúpa roinnt tuarascálacha earnála ar riachtanais scileanna sa todhchaí.

In 2016 d'fhoilsigh an SRST taighde ar riachtanais scileanna na hearnála bithchógaisíochta - 'Riachtanais Scileanna sa Todhchaí Thionscal na Bithchógaisíochta in Éirinn 2016'. Tá an tionscal bithchógaisíochta ar cheann de na hearnálacha is tapúla fáis in Éirinn. In 2015, bhí 28,200 duine fostaithe san earnáil in Éirinn agus b'fhiú €30bn a easpórtálacha. Tá infheistíochtaí móra sa bhithchógaisíocht buaite ag Éirinn, le tionscadail chaipitil arbh fhiú €4bn iad ag teacht sna blianta amach romhainn. Ba é cuspóir na tuarascála athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar agus an éileamh atá ar scileanna sa tionscal bithchógaisíochta in Éirinn suas go dtí 2020 agus gníomhartha a mholadh d'fhostóirí agus don earnáil oideachais agus oiliúna chun an soláthar scileanna atá de dhíth a fhorbairt. Meastar go bhféadfadh 8,400 folúntas a bheith ann sa tionscal bithchógaisíochta in Éirinn sna cúig bliana amach romhainn. Fuair an staidéar gur

cheart go mbeadh an soláthar scileanna a theastaíonn ar fáil chun freastal ar an éileamh seo, ach go gcaithfear ailíniú an tsoláthair le riachtanais tionscail a fheabhsú, go háirithe do dhéantúsaíocht Biologics. Tá dúshlán agus deis araon ann do thionscal na bithchógaisíochta, ag obair i bpáirt le soláthraithe oideachais agus oiliúna agus le páirtithe leasmhara eile, feasacht a ardú ar an raon gairmeacha atá ar fáil san earnáil. Tá scóip ann freisin chun cuardaithe poist a uas-sciliú, leanúint díobhsan atá fostaithe cheana san earnáil a uas-sciliú, agus tallann idirnáisiúnta a mhealladh go hÉirinn chun an taithí atá ar fáil i gcuideachtaí a dhoimhniú. Tá an Fóram um Scileanna Bithchógaisíochta, le tacaíocht ó BiopharmaChem Ireland, ag obair ar mholtaí a chur chun cinn i dtuarascáil Scileanna Bithchógaisíochta an SRST. Tá tacaíocht á tabhairt don obair seo ag Fóraim Réigiúnacha Scileanna i réigiúin Bhaile Átha Cliath, Láir Tíre agus an Iar-Dheiscirt. Mar chuid dá chlár oibre do 2016, tá athbhreithniú déanta ag an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí ar chur i bhfeidhm na moltaí a rinneadh i dtuarascálacha roimhe seo d'aithin siad réimsí ar cheart díriú go sonrach orthu.

Chuaigh an Roinn i dteagmháil leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia maidir leis na riachtanais scileanna san earnáil agraibhia go háirithe. Rinne an SRST staidéar, i gcomhpháirt leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia, ar uasdátú ar dhul chun cinn na moltaí a rinneadh i dTuarascáil 2009 an SRST ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí san Earnáil Bia agus Deochanna. D'éirigh aon mholadh déag as an staidéar sin, faoi cheithre cheannlíne. 1. Foghlaim Obairbhunaithe; 2. Intéirneachtaí, Meantóireachtaí agus Printíseachtaí; 3. Teangacha agus Scileanna Díolacháin Idirnáisiúnta; agus 4. Comhordú.

Bunaíodh Grúpa Maoirseachta do Scileanna Fáilteachais, ar a bhfuil an Roinn Oideachas agus Scileanna, Fáilte Ireland, soláthraithe oideachais agus oiliúna agus ionadaithe tionscail, le fráma ama dhá bhliain chun cur i bhfeidhm na moltaí i dtuarascáil 2015 an SRST maidir le riachtanais scileanna na hearnála fáilteachais a chur chun cinn. Tuairiscíodh dul chun cinn suntasach maidir le cur chun cinn agus forbairt Gairmeacha Fáilteachais, clár Idirbhliana Fáilteachais, forbairt ar phrintíseachtaí agus cúrsaí oiliúna nua do chefanna, Clár Fáilteachais Skillnet nua, soláthar Springboard agus Scileanna Fáilteachais, clár um Cháilíocht Fáilteachais d'Fhostóirí agus tá iniúchóireachtaí ar siúl faoi láthair ar ábhar na gcúrsaí fáilteachais agus áiseanna san Ardoideachas agus sa Bhreisoideachas agus Oiliúint lena n-ábharthacht a chinntiú agus lena chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr astu.

Ar lean ó "Creat Beartais don Dearadh agus don Fhiontraíocht in Éirinn" (Ean. 2016), rinne an SRST athbhreithniú in 2016 ar sholáthar oideachais na gCúrsaí Deartha lena fháil amach an bhfuil siad ábhartha do riachtanais thionscail na hÉireann agus an méid a léiríonn siad na deiseanna gairme atá ann anois do chéimithe i réimsí nua agus éiritheacha agus moltaí a dhéanamh lena chinntiú go bhfreastalaíonn an soláthar oideachais ar riachtanais an gheilleagair dheartha.

Bhí ionchur freisin ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta i riachtanais Scileanna Gairme TFC agus san ardú ar éileamh.

Tá cúpla rud déanta ag an SRST chun cumarsáid agus soláthar eolais éifeachtach leis na Fóraim Réigiúnacha um Scileanna atá bunaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Mar a tharla i mblianta roimhe seo, sholáthair an SRST *Treoirlínte do Sholáthraithe Ard-Oideachais i dtaca le Riachtanais Scileanna Fiontar faoi Láthair agus sa Todhchaí* maidir le gairmeacha oiliúna Springboard 2016. Sna treoirlínte tugtar achoimre ar na ganntanais scileanna a aithníodh i dtuarascálacha a chuir an SRST amach le déanaí chun treoir a thabhairt do sholáthraithe a chuireann tairiscintí isteach d'áiteanna ardoideachais do chuardaithe poist tríd Springboard 2016. Príomhchuspóir de chuid Springboard is ea comhoibriú agus teagmháil idir an earnáil fiontar agus soláthraithe ardoideachais a threisiú chomh fada agus a bhaineann sé le cláir scileanna a thacaíonn le cuardaitheoirí post a dhearadh agus a chur i ngníomh.

Le linn 2016, lean an SRST air ag déanamh monatóireachta ar threochtaí i soláthar scileanna agus éileamh orthu trí na tuarascálacha bliantúla faoin margadh saothair a rinne an tAonad Taighde um Scileanna agus an Margadh Saothair in SOLAS: *Monitoring Ireland's Skills Supply 2016*, National Skills Bulletin 2016, Vacancy Overview 2015, agus Regional Labour Markets Bulletin 2016.

Cuireann an SRST Ráiteas Gníomhaíochta Bliantúil amach ina dtugtar mionsonraí maidir le aschur agus gníomhaíochtaí an Ghrúpa i gcaitheamh na bliana roimhe sin, an obair a bheidh ar siúl acu agus eolas ar acmhainní taighde agus anailíse an Ghrúpa. Cuirtear an Ráiteas Gníomhaíochta faoi bhráid an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus an Aire Oideachais agus Scileanna araon, agus tá sé mar bhonn faoi chruinniú le Cathaoirleach an SRST chun saincheisteanna a bhaineann le scileanna a phlé.

## Freagracht Shóisialta Chorparáideach (FSC)

In 2016, tríd an bhFóram na bPáirtithe Leasmhara um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach (FSC) agus tionscnaimh amhail suíomh gréasáin Mhol FSC, an uirlis ar líne FSC do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide agus ar na meáin shóisialta, chabhraigh an Roinn le próifíl FSC in Éirinn a ardú mar bhealach chun an t-iomaíochas a fheabhsú ar leibhéal fiontraíochta mar aon le cion a dhéanamh do phobail agus don timpeallacht ina bhfeidhmíonn gnólachtaí.

Chuir an Roinn tús, i bpáirt le Fóram Páirtithe Leasmhara FSC, le hobair ar an dara Plean Náisiúnta um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach lena chinntiú go mbeidh sé fós ábhartha do chúinsí náisiúnta agus domhanda a bhíonn i gcónaí ag athrú.

## Bonneagair Eacnamaíochta

Tá infhaighteacht bonneagar den chéad scoth (fuinneamh, teileachumarsáid, iompar, dramhaíl agus uisce) agus na seirbhísí gaolmhara, ar phraghas iomaíoch, ríthábhachtach chun tacú le fás eacnamaíochta agus forbairt fiontar. Inn 2016 d'oibrigh an Roinn i ndlúthpháirt le Ranna eile chun Creat Náisiúnta Pleanála nua a fhorbairt.

Déanann an Roinn monatóireacht agus athbhreithniú ar riachtanais bhonneagair atá ag fiontair san am i láthair agus sa todhchaí, le fócas ar leith ar na hearnálacha a bhíonn i mbun trádála go hidirnáisiúnta, déanann sí measúnú freisin ar fheidhmíocht na hÉireann ó thaobh a bheith ag freastal ar na riachtanais sin; aithníonn sí na gníomhaíochtaí tosaíochta infheistíochta agus beartais a gcaithfear aird a dhíriú orthu chun tacú le fás gníomhaíochtaí fiontar agus cruthú post, agus déanann sí a dícheall na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme.

Le linn 2016 chuir an Roinn béim ar na príomhcheisteanna agus ar na príomhthosaíochtaí d'úsáideoirí gnó i ngach réimse den bhonneagar, í ag tarraingt ar thaighde domhain a rinne an Rannóg um Beartas Straitéiseach.

## Taighde agus Nuálaíocht

- Rinneadh taighde ar infheistíocht i dTaighde, Forbairt agus Nuálaíocht le measúnú ar conas is fearr tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt Caipitil Eolais sa gheilleagar.
- Rinneadh taighde freisin le haghaidh cleachtadh scanála léaslíne bunaithe ar theicneolaíocht, an margadh agus fiontair mar ionchur sa chéad sraith eile den Chleachtadh Tosaíochta Taighde Náisiúnta.
- Rinneadh athbhreithniú ar na tacaíochtaí optamacha chun caiteachas gnó ar Thaighde agus Forbairt a chur chun cinn in Éirinn agus i ngeillagair shárfhorbartha bheaga eile agus ar thograí ábhartha a fhorbairt.

## Athrú Aeráide

Rinne an Roinn foráil d'anailís theicniúil chomhordaithe agus d'ionchur beartais ar na gnéithe fiontraíochta de spriocanna agus de bheartas maidir le hathrú aeráide agus rinne deimhin de go gcuirfí tionchair ar iomaíochas san áireamh i roghanna beartais.

## Suirbhéanna Fiontraíochta agus Eolaíochta

Rinne an Roinn roinnt suirbhéanna fiontraíochta agus taighde in 2016.

Ina measc bhí an Suirbhé Bliantúil Fostaíochta agus an Suirbhé Bliantúil Gnó ar Thionchar Eacnamaíoch na ngnóthas a fhaigheann tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann nó ó GFT Éireann. Rinne an Roinn freisin suirbhé ar an mBuiséad Náisiúnta Eolaíochta agus an Suirbhé Taighde agus Forbartha Ardoideachais.

## Cánachas

Chomhordaigh an Roinn Aighneacht Réamh-Bhuiséid ag gníomhaireachtaí éagsúla i gcomhar lena chéile do 2017; is iad GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann na gníomhaireachtaí sin. Ba é an cuspóir príomhúil a bhí leis an aighneacht a chinntiú go bhfuil Buiséad 2017 ag tacú le fiontair, go háirithe ionchais easpórtála gnólachtaí agus tarraingteacht na hÉireann mar áit d'infheistíocht dhíreach eachtrach agus chun daoine le tallann a mhealladh agus a choinneáil.

# 3. A bheith ag obair go huaillmhianach lenár gcomhpháirtithe AE agus idirnáisiúnta

**Sprioc 3:** A bheith ag obair go huaillmhianach lenár gcomhpháirtithe AE agus idirnáisiúnta chun dul chun cinn a dhéanamh i bhfóraim AE agus idirnáisiúnta, thar raon leathan leas, lena n-áirítear freagairt ar impleachtaí Brexit.

## Páirtíocht ag Leibhéal an AE

Lean an Roinn dár bpáirtíocht ag leibhéal an AE chun torthaí a bhaint amach ó thaobh beartas náisiúnta agus AE de a thacaíonn lenár gclár oibre maidir le fiontair, iomaíochas agus nuálaíocht. Tá ról ceannais agus comhordúcháin ag an Roinn i ndáil leis an gComhairle um Chumas Iomaíochta, an Chomhairle um Ghnóthaí Eachtracha (Trádála), agus an Chomhairle um Fhostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóra (ESPCO).

In 2016 rinne an tAire Mary Mitchell O'Connor, an tAire Breen agus an tAire Halligan ionadaíocht do leas na hÉireann ag Comhairlí Iomaíochais, EPSCO agus Trádála. Reáchtáladh ceithre chruinniú Fhoirmiúla agus dhá chruinniú Neamhfhoirmiúla de chuid na Comhairle um Chumas Iomaíochta, mar aon le trí chruinniú Fhoirmiúla agus dhá chruinniú neamhfhoirmiúla de chuid na Comhairle um Thrádáil i rith 2016.

Ar na príomh-shaincheisteanna a chuir an Chomhairle um Chumas Iomaíochta chun cinn in 2016 bhí Straitéis an Mhargaidh Aonair, Iniomparthacht Ábhair Dhigitigh, Geilleagar Comhoibritheach agus Geobhlocáil: ag baint bacainní ar ríomhthráchtáil. I réimse an taighde, infheistíocht sa Taighde agus Forbairt, Creatchlár 7 agus Straitéis Spáis don Eoraip a pléadh ag na Comhairlí Taighde.

I dteannta ionadaíocht a dhéanamh ar leasa na Roinne agus na hÉireann ag an gComhairle, cuireadh príomhleasa AE na Roinne chun cinn freisin ar leibhéal tras-Rialtais de bhun Ghrúpa Oifigeach Sinsearach AE Roinn an Taoisigh, agus rannpháirtíochtaí déthaobhacha le Ballstáit a raibh an meon céanna acu agus leis an gCoimisiún.

Ag éirí as toradh reifreann na RA an AE a fhágáil, chuaigh an Roinn i mbun sraith chuimsitheach leathan de ghníomhartha, lena n-airítear comhordú sa Roinn, comhghuaillíochtaí a fhorbairt le Ballstáit eile agus ionadaíocht agus idirghabháil leanúnach i gcomhthéacs an fhreagartha tras-Rialtais faoi cheannas Roinn an Taoisigh. Bhí sraith cruinnithe déthaobhacha ag an Aire le Coimisinéirí AE agus leis an RA.

## Brexit

Ós rud é go mbeidh tionchar ag Brexit ar nach mór gach beartas a bhaineann le sainchúram na Roinne agus na nGníomhaireachtaí dár gcuid, bhí dlúthpháirt againn le pleanáil an Rialtais roimh vóta na RA i Meitheamh 2016 an AE a fhágáil agus ina dhiaidh. Roimh an Reifreann rinneamar measúnú riosca teagmhais ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar na réimsí beartais uile – agus bhí páirt aige seo sa Chreat Teagmhais a d'fhoilsigh an Rialtas i mí an Mheithimh. Tar éis an Reifrinn leanamar den anailís agus den obair a mhionchoigeartú le Gníomhaireachtaí le gníomhartha a ullmhú chun rioscaí a mhaolú agus an leas is fearr a bhaint as deiseanna.

Ghlac Airí agus oifigigh na Roinne páirt i gCoiste Comh-Aireachta ar Brexit, sa Ghrúpa Idir-Rannach maidir le Caidreamh AE/RA agus san iliomad Grúpaí Oibre Brexit a bunaíodh i ndiaidh an vóta chun anailís a dhéanamh ar thionchair agus impleachtaí Brexit ag cur san áireamh na nithe éagsúla ar fad a d'fhéadfadh teacht as.

I bhfianaise leithne, doimhne agus scála na hoibre a bhaineann le hullmhúcháin do Brexit, bunaíodh Aonad Brexit ar leith i mí na Samhna chun deimhin a dhéanamh de go mbeidh freagairt beartais agus oibríochta chomhordaithe agus chomhleanúnach ón Roinn agus a Gníomhaireachtaí D'oibrigh an tAonad Brexit go dlúth leis na Rannáin ar fad sa Roinn agus thug tacaíocht do:

- An Grúpa um Chomhordú faoi chathaoirleacht an Aire Mary Mitchell O'Connor agus ar a bhfuil Príomhfheidhmeannaigh Fhiontraíocht Éireann agus an GFT agus oifigigh shinsearacha ón Roinn.
- Grúpa na nOifigeach Sinsearach faoi chathaoirleacht an Ard-Rúnaí, an Dr. Orlaigh Quinn, ar a bhfuil oifigigh shinsearacha i réimsí beartais ábhartha na Roinne a mbeidh tionchar aige orthu.

Ba chuid thábhachtach dár n-ullmhúcháin do Brexit in 2016 é comhairliúchán le páirtithe leasmhara. Bhuail Airí le raon fairsing d'eagraíochtaí ionadaíocha lena n-áirítear fostóirí agus ceardchumainn agus bhí cainteanna acu maidir le tionchar Brexit ag Fóram Comhairliúcháin na Miondíoltóirí, faoi chathaoirleacht an Aire Mitchell O'Connor. B'ábhar plé rialta é ag Coistí Cur Chun Feidhme an Phlean Gníomhaíochta Réigiúnaigh do Phoist.

Thosaigh Airí agus oifigigh na Roinne ar chlár fairsing rannpháirtíochta lenár gcomhpháirtithe sa AE, institiúidí AE agus lenár dteagmhálaithe fadbhunaithe i Londain agus i mBéal Feirste, d'fhonn a chinntiú go dtuigtear na hábhair imní ar leith atá orainn in Éirinn.

Ar lean ó Idirphlé Saoránach Uile-Oileáin i mí na Samhna tosaíodh ar phleanáil ag deireadh 2016 d'imeacht earnála ag an Roinn (a tionóladh in Eanáir 2017) chun dul i gcomhairle go foirmiúil lenár bpáirtithe leasmhara. Bhí an t-ionchur seo ríthábhachtach chun ár n-anailís a fhíorú agus saincheisteanna a aithint ar ábhair imní iad dár bhfostóirí, fostaithe agus tomhaltóirí.

In 2016, d'oibrigh Éire le Coimisiún an AE agus le Ballstáit eile chun roinnt comhaontuithe trádála a thabhairt chun críche go rathúil, ina measc Comhaontuithe Saorthrádála le Vítneam agus Ceanada. Ag éirí as an gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíochta agus Trádála le Ceanada a bheith tugtha chun críche, tá an Roinn anois gníomhach i mbun teagmhála le raon leathan de pháirtithe leasmhara chun feasacht a ardú maidir le deiseanna nua do ghnólachtaí Éireannacha de bharr an Chomhaontaithe. Leanamar freisin de bheith ag obair leis an gCoimisiún agus le Ballstáit lena chinntiú go gcuirfear chun cinn agus go slánófar leas na hÉireann sna caibidlí trádála leanúnacha ag an AE.

## Réimeas Cúnaimh Stáit an AE

Ba thosaíocht de chuid na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta arís in 2016 é go gcloífí le rialacha i dtaca le Cúnamh Stáit. Lean an Roinn uirthi, mar Phointe Teagmhála Náisiúnta um beartas uileghabhálach Cúnaimh Stáit, ag scaipeadh eolais ar fud Ranna Rialtais agus ghníomhaireachtaí fiontraíochta na Roinne. Ina theannta sin, mar phointe idirchaidrimh do gach cumarsáid a eisítear chuig Iomaíocht DG agus uaithi, chomhordaigh an Roinn seasamh na hÉireann i dtaca le cúnamh stáit i rith 2016.

Is iad cuspóirí an tionscnaimh um Nuachóiriú Státchabhrach de chuid an AE fás a chothú i margadh inmheánach treisithe, dinimiciúil agus iomaíoch, forfheidhmiú a dhíriú ar na cásanna is mó a théann i gcion ar an margadh inmheánach agus rialacha i dtaca le cúnamh stáit a shruthlíniú, ina measc luas cinnteoireachta an DG COMP.

Leasú tábhachtach a tugadh isteach mar chuid den athchóiriú seo is ea an riachtanas, amhail an 1 Iúil 2016, céannacht tairbhí gach dámhachtana aonair cúnaimh nach lú ná €500,000, méid agus cuspóir an chúnaimh agus an bonn dlíthiúil a chur in iúl ar shuíomh gréasáin poiblí. Dhear an Coimisiún, i gcomhpháirt leis na Ballstáit, leathanach lárnach gréasáin ar a bhfuil na sonraí trédhearcachta thuasluaite do gach Ballstát nó réigiún. Is faoi gach Ballstát a bheidh sé, áfach, na sonraí sin a thiomsú, a sheiceáil agus a fhoilsiú laistigh de 6 mhí ó dheonú an chúnaimh.

## Tacaíocht a thabhairt do Chlár INTERREG AE

Tá Clár INTERREG ar cheann de 60 clár maoinithe trasteorann san AE. Clúdaíonn sé na sé chontae cois teorann in Éirinn, Tuaisceart Éireann ina iomláine agus cuid d'iarthar na hAlban.

Don bhabhta reatha de INTERREG (le bheith ar siúl ó 2016 go 2022), tá sraith ar Thaighde agus Nuálaíocht, a dhéanann an Roinn cómhaoiniú air, in éineacht lenár gcomhionann i dTuaisceart Éireann. Tá €71m san iomlán ar fáil mar mhaoiniú don tsraith ar Thaighde agus Nuálaíocht (ón AE agus ó Rialtais Náisiúnta) don tréimhse suas go 2022. Is riachtanas é go gcaithfidh formhór na ngníomhaíochtaí tionscadail a bheith lonnaithe i dTuaisceart Éireann agus sna sé chontae cois teorann sa Phoblacht.

Tá dhá shraith ar leith laistigh den tsraith ar Thaighde agus Nuálaíocht: tionscnamh chun líon na nGnóthas Beag agus Meánmhéide a dhéanann taighde trasteorann agus gníomhaíochtaí nuálaíochta (€18m.) faoina gcuirfear raon gníomhaíochtaí ar fáil dóibh; agus tionscnamh níos taighde-bhunaithe chun leibhéal an ghnó trasteorann, taighde ábhartha do thionscal agus acmhainn nuálaíochta a mhéadú laistigh d'earnáil na Sláinte agus Eolaíochtaí Beatha agus earnáil an Fhuinnimh In-athnuaite (€53m). Beidh ról lárnach ag institiúidí tríú leibhéal laistigh de limistéar geografach, lena n-áirítear na trí Institiúid Teicneolaíochta sna contaetha cois teorann.

## An Seimeastar Eorpach

Bhí ról lárnach ag an Roinn freisin maidir le próiseáil an tSeimeastair Eorpaigh (timthriall bliantúil um chomhordú beartas eacnamaíoch) agus maidir le cur leis na Moltaí a bhaineann go Sonrach le Tír faoi Leith i mbunú Comhairlí (Iomaíochas agus Fostaíocht, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO). Bhí an ról sin aici trí Choistí agus Grúpaí comhairleacha agus ullmhúcháin na gComhairlí, go háirithe an Coiste Fostaíochta agus an Grúpa Ardleibhéil um Iomaíochas agus Fás. Comhaontaíodh conclúidí na Comhairle maidir le Suirbhé Bliantúil Fáis 2016 agus glacadh le Comhthuarascáil Fostaíochta 2016.

## Comhairle EPSCO (Fostaíocht, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí)

Comhordaíonn an Roinn seo obair na sraithe Fostaíochta agus Beartais Shóisialta de Chomhairle EPSCO an AE. Chuir Éire le hobair dhá Chomhairle fhoirmiúla agus Comhairle neamhfhoirmiúil amháin faoi Uachtaránacht na hÍsiltíre sa chéad sé mhí de 2016 agus dhá Chomhairle fhoirmiúla eile agus ceann amháin neamhfhoirmiúil eile faoi Uachtaránacht na Slóvaice sa dara cuid de 2016.

## An tAonad Rialála Gnó (ARG)

Lean an tAonad Rialála Gnó de bheith rannpháirteach i ngrúpaí éagsúla idirnáisiúnta amhail Ardán REFIT an Aontais Eorpaigh, ag féachaint ar chumas rialála, Grúpa Oibre um Rialáil Níos Fearr na Comhairle Eorpaí, agus Coiste um Beartas Rialála na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD).

## Tionscnamh na nGeilleagar Beag Sárfhorbartha (TGBS)

In 2016 d'óstaigh an Roinn cruinniú bliantúil de Cheannasaithe an Tionscnaimh na nGeilleagar Beag Sárfhorbartha i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i Meán Fómhair 2016. Is tionscnamh comhpháirtíochta é an TGBS idir seacht dtír, an Danmhairg, an Fhionlainn, Éire, Iosrael, an Nua-Shéalainn, Singeapór agus an Eilvéis. Is geilleagair shárfhorbartha iad na tíortha sin ar fad de réir chaighdeáin an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, agus tá siad ar mórán an scála chéanna ó thaobh daonra de le thart ar 5 go 10 milliún duine iontu.

Ba iad an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus Oifig Phríomhchomhairleoir Eolaíochta an Rialtais a rinne Cruinniú na gCeannasaithe a chomhthionól. Tá Rúnaíocht tacaíochta don tionscnamh lonnaithe in Oifig Phríomhchomhairleoir Eolaíochta an Phríomh-Aire laistigh de Roinn an Phríomh-Aire agus de Chomh-Aireacht na Nua-Shéalainne.

Ba ionadaithe sinsearacha ó aireachtaí a dtíortha iad na toscairí (lena n-áirítear Oifigí na bPríomh-Airí, na nAireachtaí Gnó, Airgeadais, Ardoideachais agus Eolaíochta, agus Aireachtaí Gnóthaí Eachtracha agus Trádála) chomh maith le gníomhaireachtaí bainteacha de réir mar ba chuí, agus oifigí na bPríomhchomhairleoirí Eolaíochta. Bhí cur i láthair ó Stiúrthóir ón Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta do sheisiún iomlánach maidir leis an nGeilleagar Digiteach agus ghlac an Stiúrthóir páirt i gcomhráite srutha maidir le táirgiúlacht.

I measc na n-ábhar a pléadh bhí táirgiúlacht, castacht eacnamaíoch, agus forbairt réigiúnach/uirbeach, an Geilleagar Digiteach, maoiniú Taighde agus Forbartha dúshlán-bhunaithe, rannpháirtíocht phoiblí leis an Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, agus Matamaitic, agus caiteachas méadaithe ar Thaighde agus Forbairt Gnó a chur chun cinn. Chomhaontaigh na rannpháirtithe comhpháipéar ar bheartais chun Caiteachas Gnó ar Thaighde agus Forbairt a chur chun cinn a d'ullmhaigh an Roinn.

## Colún Eorpach ar Chearta Sóisialta

In 2016, chomhordaigh an Roinn freagairt na hÉireann ar chomhairliúchán an Choimisiúin Eorpaigh ar an gColún Eorpach ar Chearta Sóisialta. Tá sé á mholadh ag an gCoimisiún freisin go gcuirfí ar aghaidh fiche prionsabal i réimse an bheartais shóisialta agus fostaíochta. D'oibrigh an Roinn le dhá roinn déag eile agus chuaigh i dteagmháil le 179 páirtí leasmhar eile sular cuireadh freagairt mhionsonrach don choimisiún i gcrích. Tá tograí beartais cuimsitheacha an Choimisiúin le teacht in Aibreán 2017.

# 4. Éire a chur chun cinn mar cheannródaí nuálaíochta domhanda

**Sprioc 4:** Ceannasaíocht a thabhairt ar uaillmhian uile-Rialtais Éire a chur chun cinn mar Cheannródaí Nuálaíochta Domhanda, córas iomaíoch idirnáisiúnta taighde a thiomáint, bonn fiontraíochta nuálach a chruthú agus sochaí níos fearr a thógáil.

## Nuálaíocht 2020

Leagtar amach in Nuálaíocht 2020, ár straitéis náisiúnta taighde agus forbartha, eolaíochta agus teicneolaíochta, fís maidir le hÉirinn a bheith mar cheannaire nuálaíochta domhanda.

Is é an aidhm ann ná córas taighde agus nuálaíochta iomaíoch idirnáisiúnta, a thiomáinfidh geilleagar inbhuanaithe le go gcruthófar sochaí níos fearr. Is cuid thábhachtach den fhís seo tacaíocht a thabhairt do shár-eolaíocht, tallann a chothú agus tionchar a imirt.

Tá cur i bhfeidhm Nuálaíocht 2020 á thiomáint ag Grúpa Cur Chun Feidhme an Rialtais faoi chathaoirleacht na Roinne agus ina bhfuil Príomhchomhairleoir Eolaíochta an Domhain, gníomhaireachtaí maoinithe taighde agus Ranna Rialtais ábhartha eile rannpháirteach.

Tháinig an Grúpa Cur Chun Feidhme le chéile trí huaire in 2016. Tugadh an chéad tuarascáil ar dhul chun cinn Nuálaíocht 2020 agus a chur i bhfeidhm don Rialtas agus foilsíodh é i mí Iúil 2016.

Rinneadh dul chun cinn le Nuálaíocht 2020 leis na gníomhartha seo in 2016:

- Foilsíodh Prótacal um Maoin Intleachtúil Náisiúnta athbhreithnithe.
- Seoladh Mol Nuálaíochta Sláinte Éireann;
- Gnóthaíodh ciste €1m i gcomhair Taighde Nuálaíochta do Ghnólachtaí Beaga;
- Sheol Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) Gairm Ionad Taighde ar mhórscála;
- Cúig bhronnadh a rinneadh trí Ghairm Ionad Taighde FEÉ Spokes;
- Seoladh an tríú céim den Tionscnamh um Neartú Aistrithe Teicneolaíochta ag Fiontraíocht Éireann chun borradh a chur faoi thráchtálú taighde;
- Gnóthaíodh ballraíocht iomlán ELIXIR d'Éirinn;
- Forbraíodh paraiméadair d'oidhre ar an gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal;
- Tá Bosca Forbartha Eolais ag feidhmiú anois;
- Bhí an méid is mó riamh de nuálaíocht chomhoibritheach idir tionscal agus Institiúidí Ardoideachais;
- Ceadaíodh 54 infheistíocht Taighde agus Forbartha le GFT Éireann in 2016;
- Fuair 101 HPSU nua maoiniú in 2016.

## Beartú Tosaíochtaí Taighde

Ghlac an Rialtas le Beartú Tosaíochtaí Taighde (BTT) in 2012 mar phríomhphrionsabal a threoraíonn infheistíocht phoiblí i dtaighde chun tacú leis an earnáil fiontraíochta. Ailíníonn sé infheistíocht phoiblí le réimsí de dheiseanna straitéiseacha margaidh d'fhiontair bunaithe in Éirinn. Baineann timthriall reatha BTT leis an tréimhse cúig bliana 2013-2017.

In 2016 tosaíodh ar obair chun sraith nua BTT a fhorbairt. Tosaíodh trí staidéar a thabharfaidh bonn fianaise don chéad sraith eile de BTT. Is iad seo a leanas na staidéir sin:

- Measúnú ar Dheiseanna an Mhargaidh Dhomhanda chun réimsí straitéiseacha ó thaobh deiseanna tráchtála a aithint i margaí domhanda d'fhiontair bunaithe in Éirinn.
- Cleachtadh maidir le Todhchaí Theicneolaíochta chun teicneolaíochtaí a mheasúnú a d'fhéadfadh a bheith ríthábhachtach d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta na hÉireann.
- Measúnú ar an tsraith reatha de Bheartú Tosaíochtaí Taighde.

### Mol Nuálaíochta Sláinte Éireann

Is comhthionscnamh é Mol Nuálaíochta Sláinte Éireann idir an Roinn agus an Roinn Sláinte. Is é aidhm an tionscnaimh comhoibriú idir an tseirbhís sláinte agus an earnáil fiontraíochta a chur chun cinn agus go dtiocfaidh forbairt agus tráchtálú ar theicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí nua cúram sláinte.

Ag éirí as rath an tionscnaimh phíolótaigh, thoiligh an Rialtas go ndéanfaí an tionscnamh a ardú go leibhéal náisiúnta. In Eanáir 2016 ceapadh cuibhreannas faoi cheannas Choláiste na hOllscoile Corcaigh, le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, chun óstáil a dhéanamh ar Mhol Nuálaíochta Sláinte Éireann i ndiaidh gairm iomaíoch.

Agus an tionscnamh seo á uas-scálú go leibhéal náisiúnta, gnóthaíodh maoiniú ón taobh istigh de Vóta na Roinne, agus trí Fhiontraíocht Éireann, tá €5m á chur ar fáil thar thréimhse cúig bliana (€1m in aghaidh na bliana). Cuireann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) tacaíocht chomhchineáil lena n-áirítear am cliniceora agus teagmháil ospidéil etc., in éineacht le foireann a chur ar fáil don mhol.

Sheol an tAire Sláinte agus Ard-Rúnaí na Roinne Mol Nuálaíochta Sláinte Éireann go hoifigiúil i gColáiste na hOllscoile Corcaigh i Meán Fómhair 2016. Mar chuid de sheoladh oifigiúil eisíodh na chéad ghairmeacha ar mholtaí (oscailte agus dírithe). Lorgaíodh tograí tionscadail ó chuideachtaí nó ó eintitis a d'fhéadfadh a dtáirgí nó seirbhísí nuálacha tionchar mór a imirt ar chúram sláinte. Lorgaíodh freisin coincheapa agus smaointe ó dhaoine aonair nó foirne a bhfuil baint acu le seachadadh cúraim sláinte. Lorgaíodh sa ghairm oscailte freisin aon nuálaíochtaí chun dul i ngleic le riachtanais cúraim sláinte. I gcomhréir leis an Tionscnamh um Aosú Cliste, bhain an ghairm spriocdhírithe ar Chúram a Fheabhsú do Dhaoine Breacaosta sa Chóras Sláinte.

Faoi dheireadh na chéad ghairme i Samhain 2016, fuarthas 65 togra ar fhreagairt ar an ngairm oscailte iad 45 díobh (aon chúram sláinte ag teastáil) agus 13 díobh ar fhreagairt iad ar ghairm spriocdhírithe (daoine breacaosta). As na 65 iarratas, tháinig 45 togra ó chuideachtaí agus 20 coincheap ón taobh istigh den chóras cúraim sláinte. Tionóladh Painéal Athbhreithniúcháin i mí na Nollag 2016 chun iarratasóirí rathúla a aithint.

## An Straitéis Náisiúnta Mhuirí

Chuir an Roinn agus a gníomhaireachtaí, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann le cur i bhfeidhm 'Feidhm a Bhaint as Saibhreas Ár nAigéin', an straitéis náisiúnta mhuirí.

Glacann an Roinn páirt sa Ghrúpa tras-Rialtais Comhordaithe Mhuirí faoi chathaoirleacht an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Ghlac a gníomhaireachtaí páirt sa ghrúpa idirghníomhaireachta arbh é a gcúram comhairle a thabhairt don Ghrúpa Comhordaithe Mhuirí maidir feidhmiú na Foirne Forbartha Muirí (MDT), a bunaíodh faoi scáth Oifig Forbartha Muirí na hÉireann. Oibríonn an Fhoireann Forbartha Muirí go dlúth le gníomhaireachtaí forbartha na Roinne chun leas a bhaint as deiseanna fiontraíochta san earnáil mhuirí.

D'eagraigh an Roinn, i bpáirt le sé chomhlacht phoiblí eile, ceardlann ar théama an Aigéin Dhigitigh, mar chuid de SeaFest 2016, an fhéile náisiúnta mhuirí a bhíonn ar siúl i nGaillimh gach Meitheamh. Leis an imeacht seo cuirtear chun cinn deiseanna do chuideachtaí teicneolaíochta (Corparáid Ilnáisiúnta agus Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide) san gheilleagar gorm in Éirinn lena hacmhainní suntasacha muirí agus saineolas agus bonneagar den chéad scoth.

## Fís 2020

Lean Éire den fheidhmíocht iontach a bhí aici in Fís 2020, Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht an AE. Bhuaigh Éire €336.6 milliún do mhaoiniú iomaíoch AE ón gclár don tréimhse 2014 go Meán Fómhair 2016. Fuair Institiúidí Ardleibhéil €198 milliún de sin, nó 59% den iomlán. Bhuaigh cuideachtaí €104 milliún, nó 31%, le €74 milliún de sin ag dul go dtí Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide. Bhí an ráta ráthúlachta ab fhearr riamh ag Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide na hÉireann in Ionstraim SME Fís 2020 le ráta 16% i gcomparáid le meán Eorpach 6%.

Is faoin Roinn atá cathaoirleacht an Ghrúpa Ardleibhéil Tras-Rialtais ar Fís 2020 a bhfuil sé de chúram aige cur i bhfeidhm na straitéise náisiúnta do Fís 2020 a chomhordú agus a chur i bhfeidhm. Tugann na torthaí seo le fios go bhfuil Éire ar an mbóthar chun an sprioc náisiúnta a leagadh amach sa straitéis a bhaint amach, is é sin €1.25 billiún de mhaoiniú AE a fháil le linn thréimhse an chúrsa.

## Cláir Fiontraíochta agus Beartais Mheasúnachta

Tá an Roinn tiomanta dó, a chinntiú go mbeidh a cláir agus caiteachais, agus iadsan leis na comhlachtaí agus na gníomhaireachtaí faoina sainchúram, éifeachtúil agus go dtabharfaidh siad luach ar airgead. Chun an méid sin a chinntiú tá clár córasach measúnachta ag an Roinn do bheartais agus do chláir fiontraíochta.

I mí Iúil 2016, d'fhoilsigh an Roinn a measúnachtaí ar an Seachtú Clár Réime Eorpach don Taighde (FP7) agus measúnacht eatramhach ar an Ochtú Clár Réime, Fís 2020. Rinne na sainchomhairleoirí Technopolis Group na measúnachtaí thar ceann na Roinne. Ceapadh grúpa stiúrtha a bhfuil an saineolas neamhspleách acu agus páirtithe leasmhara ón gcóras taighde chun na measúnachtaí a mhaoirsiú.

Ar an iomlán, fuarthas sna measúnachtaí go raibh Éire ag déanamh go maith sa Chlár Réime go dtí seo, go háirithe i bhfianaise mhéid an bhoinn taighde, rud a léiríonn luamhánacht mhór an chláir i gcomparáid le tíortha eile. Sháraigh Éire a sprioc le haghaidh maoinithe faoi FP7, ag gnóthú maoiniú €625m. Tá an chuma air go bhfuil Éire chun a sprioc de mhaoiniú €1.25 billiún a bhaint amach faoi Fís 2020, is é sin más féidir an fheidhmíocht reatha a bhuanú. Fuarthas sna measúnachtaí go dtugann an Clár Réime taighde, forbairt agus nuálaíocht bhreise ar ardleibhéal, nach mbeadh ann dóibh ach ag leibhéal trasnáisiúnta. Gan maoiniú an Chláir Réime, ní rachadh na tionscadail seo chun cinn nó rachaidís chun cinn ar scála i bhfad ní ba lú.

Tugann an Clár Réime deis teacht ar shaineolaithe nach bhfuil lonnaithe in Éirinn agus deis comhoibriú leo, rud a chuireann feabhas ar cháilíocht fhoriomlán an bhoinn taighde abhus. Cuireann an comhoibriú idirnáisiúnta agus na caighdeáin idirnáisiúnta a ghabhann leis sin feabhas ar ár gclú. Tugann na measúnachtaí freisin na tionchair ar fhiontraíocht a thuairiscítear maidir le teicneolaíochtaí nua a fhorbairt agus a ghlacadh chun láimhdeachas, fostaíocht agus táirgiúlacht a mhéadú. Bíonn tionchair shoiléire ann ó thaobh ceadúnas, mac-chuideachtaí, paitinní agus foilseachán eolaíochta de.

Tugann na measúnachtaí le fios go bhfuil an Struchtúr Tacaíochta Náisiúnta don Chlár Réime in Éirinn ábhartha, éifeachtúil agus éifeachtach agus go soláthraíonn sé raon de leasa don phobal taighde maidir le nuálaíocht, comhairle agus treoir sa chlár. Tá comhchoibhneasa léire agus dearfacha ann idir rannpháirtíocht le líonra tacaíochta agus dóchúlacht níos mó go n-éireoidh le tionscadal. Tugann na moltaí raon roghanna atá dírithe ar an rath seo go dtí seo a bhuanú agus rannpháirtíocht na hÉireann sa chlár réime a neartú, lena n-áirítear díriú ar rannpháirtíocht níos mó thart ar thosaíochtaí náisiúnta agus scála na rannpháirtíochta a mhéadú agus na rátaí ráthúlachta a uasmhéadú.

## An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais

D'fhreastail an Roinn ar cheithre Chomhairle Iomaíochais (Taighde agus Nuálaíocht) agus ghlac páirt san obair ullmhúcháin as a d'eascair ceithre Chonclúid Chomhairle:

- Na ceachtanna a foghlaimíodh ón 7ú Clár Réime Eorpach don Taighde;
- Timpeallacht rialála chairdiúil don taighde agus nuálaíocht a chruthú;
- An t-aistriú go córas Eolaíochta Oscailte; agus
- Bearta chun tacú le taighdeoirí ag céim luath, tarraingteacht gairm eolaíochta a mhéadú agus infheistíocht in acmhainní daonna sa taighde agus san fhorbairt a chothú.

## An Limistéar Taighde Eorpach (LTE)

Is limistéar aontaithe taighde é an Limistéar Taighde Eorpach atá oscailte don domhan bunaithe ar mhargadh inmheánach an AE, ina sruthaíonn taighdeoirí, eolas eolaíochta agus teicneolaíocht. Leis an Limistéar Taighde Eorpach neartaíonn an tAE a bhoinn eolaíochta agus teicneolaíochta, a iomaíochas agus a acmhainn chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ar an talamh.

I mí na Bealtaine 2016, chuir an Roinn treochlár LTE na hÉireann faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. Bunaithe ar na gealltanais a leagadh amach in Nuálaíocht 2020, leagtar amach i dTreochlár LTE raon gníomhartha a dhéanfaidh Éire lena rannpháirt leis an LTE agus na 6 thosaíocht LTE a dhoimhniú.

I mBealtaine 2016 freisin, d'fhreagair an Roinn don "ghairm ar smaointe" ón gCoimisinéir AE don Taighde agus Nuálaíocht, Carlos Moedas, maidir leis an gComhairle Nuálaíochta Eorpach (EIC) atá beartaithe. Tá sé i gceist leis an gComhairle seo nuálaíocht achrannach a chruthaíonn margaí a chothú san AE. In aighneacht na Roinne pléadh cineál an dúshláin nuálaíochta atá ann don AE agus cuireadh moltaí chun cinn lena meas agus an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach á dearadh inar moladh gur cheart go gcuimseodh sé (i) Taighde agus Tacaíocht (ii) Seirbhís Comhairle do Nuálaithe agus (ii) Maoiniú Dírithe ar Nuálaíocht.

## Eagraíochtaí Taighde Idirnáisiúnta (ETIanna)

Lean an Roinn de rannpháirt na hÉireann i gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta taighde a neartú le ballraíocht na hÉireann in ELIXIR a chur i gcrích, an Bonneagar Eolaíochta Beatha Eorpach don Eolas Bitheolaíochta. Mar bhall de ELIXIR beidh taighdeoirí in Éirinn in ann bonneagar idirnáisiúnta a rochtain chun méid mór sonraí bitheolaíochta a tháirgeann turgnaimh eolaíochta beatha a bhailiú, a gcaighdeáin a rialáil agus a chur i gcartlann.

Rinneadh obair ullmhúcháin freisin in 2016 do rannpháirtíocht na hÉireann sa Teileascóp LOFAR (Eagar Ísealmhinicíochta) Idirnáisiúnta (ILT) ó 2017. Is gréasán de theileascóip raidió é an ILT atá scaipthe timpeall na hEorpa agus iad nasctha le chéile chun feidhmiú mar oll-teileascóp aontaithe. Beidh sé seo in uirlis den chéad scoth nuair a bheidh sé ag feidhmiú go hiomlán. Thug an Roinn, trína gníomhaireacht Fondúireacht Eolaíochta Éireann, deontas €1.4 milliún in Eanáir 2016 do chostas caipitiúil an teileascóp raidió I-LOFAR. Tá cuibhreannas uile-Éireann d'Ollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta ag tógáil teileascóip in aice leis an teileascóp Leviathan stairiúil i gCaisleán Bhiorra, Co. Uíbh Fhailí.

Is ball anois í Éire de na 7 nEagraíocht Taighde Idirnáisiúnta – an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis, an tSaotharlann Eorpach um Bitheolaíocht Mhóilíneach, an Chomhdháil Eorpach um Bitheolaíocht Mhóilíneach, Eureka, COST, CECAM agus ELIXIR.

## EURAXESS agus creidiúnú institiúidí taighde

Forálann Treoirlíne Tríú Tír an AE do nós imeachta mear chun taighdeoirí a ligean isteach ó lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ar feadh tréimhse suas go cúig bliana chun taighde a dhéanamh ar eagraíochtaí atá creidiúnaithe don scéim. Tá an Roinn freagrach as an bpróiseas iarratais do na heagraíochtaí a lorgaíonn creidiúnú mar institiúidí taighde a bhainistiú. Fuair an Roinn 7 n-iarratas agus trí iarratas athnuachana in 2016. Faoi láthair tá 58 eagraíocht creidiúnaithe don scéim.

Maoiníonn an Roinn freisin oifig EURAXESS, a óstálann Cumann Ollscoileanna Éireann, a phróiseálann an t-iarratas do chomhaontuithe óstála ó na tíortha aonair. In 2016, phróiseáil EURAXESS 373 comhaontú óstála nua ó thaighdeoirí i 51 tír éagsúil.

## Comhpháirtíocht Taighde agus Forbartha SAM-na hÉireann

Is toradh í Comhpháirtíocht Taighde agus Forbartha SAM-na hÉireann ar phróiseas na síochána agus tá rialtais SAM, na hÉireann agus Thuaisceart Éireann rannpháirteach ann agus iad ag obair le chéile chun dul chun cinn na heolaíochta a chothú ach deontais taighde a dhámhachtain ar bhonn iomaíoch. Ar na réimsí ar tugadh maoiniú dóibh tá sláinte, teileachumarsáid, fuinneamh agus talmhaíocht agus comhoibriú ag leibhéal na nIonad Taighde aonair a thabhairt. Déanann Grúpa Stiúrtha atá faoi chomhchathaoirleacht na dtrí ndlínse an comhoibriú a stiúradh sna trí riaracháin agus tá tacaíocht rúnaíochta aige ó Idir-Thrádáil Éireann.

Thionóil Tuaisceart Éireann cruinniú an Ghrúpa Stiúrtha ar an 1 Iúil 2016. Go dtí deireadh 2017, bhí 36 tionscadal rathúil ann faoin gcomhpháirtíocht ar bronnadh infheistíocht iomlán €61.1m orthu ó mheascán foinsí.

Tugadh tacaíocht do bhreis is 50 ball foirne le clár SAM-na hÉireann in 2016, lena n-áirítear 20 mac léinn PhD agus breis is 25 taighdeoir iar-dhochtúireachta. Bhí líon mór foilseachán agus cur i láthair idirnáisiúnta i gcaitheamh na bliana seo caite.

## Teagmhálacha an Aire

Thug an Roinn tacaíocht do thoscaireachtaí go dtí an Bhrasaíl, an tSín, an tSeapáin, an Chóiré, Iosrael, an Fhrainc agus SAM chun aird a tharraingt ar chomhpháirtíochtaí taighde agus nuálaíochta leis an saol acadúil agus le fiontair. Thacaigh an Roinn le hAirí ina gcruinnithe le toscaireachtaí eachtracha.

## Fiontraíocht Éireann, Infheistíocht agus Gníomhaíocht Nuálaíochta

Tá Fiontraíocht Éireann freagrach as tacú le forbairt cuideachtaí déantúsaíochta agus seirbhís a thrádáiltear go hidirnáisiúnta. Cuireann sé tacaí R&D ar fáil do chuideachtaí chun teicneolaíochtaí agus próisis nua a fhorbairt a chruthóidh poist agus a mhéadóidh onnmhairí. Déanann Fiontraíocht Éireann é sin de bhun thrí phríomhghníomhaíocht:

- Acmhainn reatha R&D ionchuideachta a threisiú
- Dlús a chur faoi chomhoibriú méadaithe idir an tionscal agus lucht acadúil
- Tráchtálaíocht

## Acmhainn reatha R&D ionchuideachta a threisiú

De bhun tacaíocht a chur ar fáil d'Fhorbairt Taighde agus Nuálaíocht (RDI), aithníonn an Stát cliseadh sa mhargadh sa mhéid is nach ndéanann cuideachtaí (go háirithe SMEanna) dóthain infheistíochta in R&D nó sa chás go ndéanann siad infheistíocht nach mbíonn siad sách mór nó nach mbíonn na tionscadail sách uaillmhianach.

Is é ról Fhiontraíocht Éireann ina leith sin an baol a bhaint as RDI den chineál sin ionas go bhforbródh cuideachtaí táirgí agus seirbhísí nua agus feabhsaithe.

Nuálaíochtaí Comhoibritheacha: In 2016, fuair an líon is mó riamh de thionscadail chomhoibritheacha (955) idir cuideachtaí agus Institiúidí Ardoiceachais (HEIanna) tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann.

Ina measc bhí tionscadail bheaga do Dhearbháin Nuálaíochta, agus tionscadail mhóra amhail Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta. Tugann na tionscadail seo deiseanna tráchtála nua do chuideachtaí, spáráiltear airgead agus méadaíonn siad ar chumas nuálaíochta.

- Mac-chuideachtaí HPSU: Cruthaíodh 15 Gnó Nuathionscanta Ard acmhainne (HPSU) de bharr torthaí taighde ón gcóras Ardoideachais, in 2016. Is HPSUanna ardtheicneolaíocht iad, go minic is cuideachtaí óga achrannacha iad agus cumas láidir iontu iad féin a chur chun cinn, díolacháin easpórtála a ghnóthú agus cur leis an bhfás ar fhostaíocht in Éirinn.

- Uirlis SME: In 2016, d'oibrigh Fiontraíocht Éireann chun cabhrú le Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide rochtain a fháil ar Ionstraim ISME Fís 2020. Chiallaigh sé sin gurb í Éire an tír is éifeachtúlaí maidir le maoiniú a fháil ón gCoimisiún Eorpach do thograí Fís 2020. Sa bhliain imithe tharainn bhuaigh 15 SME breis is €11m agus cuid mhaith acu bhuaigh siad breis is €1m.

- Rath Fís 2020: Tá Fiontraíocht Éireann chun tosaigh inár bpáirtíocht náisiúnta in Fís 2020, clár maoinithe Nuálaíochta agus Taighde na hEorpa. Ó seoladh é in 2014, bronnadh €336m d'infheistíocht RDI neamhrialtais ar chuideachtaí Éireannacha agus ar thaighdeoirí ard leibhéil (€156m in 2016). Chomh maith leis an maoiniú seo, tugann Fís 2020 nascacht le comhpháirtithe ceannródaíochta agus eolas a chabhróidh le hathruithe a dhéanamh ar fheidhmíocht fadtéarmach cuideachtaí.

- Mórsmaointe: D'óstáil Fiontraíocht Éireann imeacht Mórsmaointe in 2016. Is ardán é an t-imeacht seo do Ghnóthais Nuathionscanta ón gcóras taighde Éireannach, a nuálaíochtaí a chur i láthair infheisteoirí agus a Mórsmaointe a chasadh isteach ina bhfiontair inbhuanaithe.

- Gorlann Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa: Bhunaigh Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (GSE) agus Fiontraíocht Éireann Gorlann i gCorcaigh chun tacú le cuideachtaí nuathionscanta Éireannacha teicneolaíocht spásaoise a fhorbairt. Institiúid Náisiúnta Tyndall atá i gceannas ar an Ionad Réitigh Spáis in Éirinn de chuid Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa, i gcomhpháirt le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain, Ollscoil Mhá Nuad agus Braisle Acmhainní Fuinnimh agus Muirí na hÉireann.

  Tugann an tIonad tacaíocht airgeadais do 25 gnó nuathionscanta, chomh maith le sainchúnamh teicniúil ón GSE lena gcláir a rochtain. Anuas ar an méid sin, ag éirí as ballraíocht na hÉireann san GSE, ghnóthaigh 30 cuideachta Éireannach conarthaí oibre leis an GSE arbh fhiú €12m iad, chun teicneolaíochta agus táirgí sofaisticiúla a fhorbairt agus a sheachadadh. Cuireann an t-eolas agus na teicneolaíochtaí a ghintear don GSE ar chumas cuideachtaí borradh a chur faoi dhíolacháin i réimsí eile.

- Ionad um Theicneolaíocht Feola: In 2016, bhunaigh Fiontraíocht Éireann an tIonad um Thecineolaíocht Feola . Díreoidh an tIonad seo ar phróiseáil mairteola agus caoireola leis an aidhm acu cáilíocht na feola a fheabhsú agus ar deireadh táirgí níos sábháilte le luach níos airde a sholáthar don mhargadh domhanda. Tabharfar aghaidh sa chlár oibre taighde

ábhair imní do na cuideachtaí amhail seilfré, boige na feola, pacáistiú agus sábháilteacht bia.

- Prótacal Idirlín: Arna sheoladh ag an Roinn in Eanáir 2016, tháinig Prótacal Idirlín 2016 as próiseas comhairliúcháin faoi cheannas Fhiontraíocht Éireann agus Aistriú Eolais Éireann. Tugann an Prótacal creat le haghaidh dea-chleachtais, agus treoir do chuideachtaí agus eagraíochtaí a dhéanann taighde maidir leis na gnáthchleachtais maidir le comhaontuithe a bhaineann le taighde.

- Clár Maoinithe TTSI3: D'fhógair Fiontraíocht Éireann céim a trí dá Thionscnamh um Aistriú Teicneolaíochta a Neartú (TTSI) a chuirfidh leis an gcumas laistigh den chóras aistrithe eolais agus an acmhainn chun tacú le haistriú eolais agus le tráchtálú taighde a fhorbairt, in eagraíochtaí taighde Éireannacha. Sa tríú céim seo infheisteofar €34.5m thar thréimhse cúig bliana chun an t-aistriú eolais a leabú a thuilleadh sa chóras taighde phoiblí in Éirinn.

- Tionscnamh Nuálaíochta Gnó: Tionscnamh nua is ea é seo a dearadh chun tacú le Próiseas agus agus Nuálaíocht Eagraíochtúil in SMEanna. Tá an Tionscnamh Nuálaíochta Gnó ailínithe leis an tairiscint nua 'Innovation 4 Growth' agus tacaíonn sé chun cleachtais agus próisis nuálacha a leabú sa bhonn fiontraíochta. Go dtí seo tá tacaíocht tugtha do 20 cuideachta thar raon earnálacha.

- Taighde Nuálaíochta do Ghnólachtaí Beaga: Is gníomh é Taighde Nuálaíochta do Ghnólachtaí Beaga (TNGB) a d'eascair as an bPlean Gníomhaíochta do Phoist. Is é an cuspóir a chinntiú go mbaineann níos mó comhlachtaí earnála poiblí úsáid as cumais nuálacha luathchéime agus SMEanna seanbhunaithe. Ó 2013 chuaigh Fiontraíocht Éireann i mbun raon gníomhaíochtaí chun an clár oibre le comhlachtaí poiblí a chur chun cinn, le n-áirítear 3 TNGB Phíolótacha leis an ESB, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

  In 2016, cheadaigh Fiontraíocht Éireann €1m chun an clár náisiúnta TNGB a athrú i gcaitheamh 2017 agus 2018, chun go mbeadh an clár in ann na tionscadail TNGB a chómhaoiniú suas huasmhéid €100,000, le comhlachtaí poiblí a ghlacann páirt.

- Gradaim KTI: Is é is KTI an oifig náisiúnta a chuidíonn le gnólachtaí leas a bhaint as rochtain ar shaineolas agus teicneolaíocht Éireannach ach a chinntiú gur féidir nascadh agus tabhairt faoi thaighde a mhaoinítear go poiblí in Éirinn go furasta, agus ar an mbealach sin an nuálaíocht, tráchtálú taighde, cruthú fostaíochta agus rath eacnamaíoch a chur chun cinn.

  I mí an Mheithim 2016, cheiliúir gradaim KTI éachtaí gairmithe aistrithe eolais atá ag obair in Institiúidí Ardoideachais (HEI) agus eagraíochtaí taighde a fhaigheann maoiniú poiblí (RPO) agus ba í an tAire Mary Mitchell O'Connor a d'oscail iad. I measc na mbuaiteoirí bhí tionscadail agus tionscnaimh a cuireadh ar siúl le heagraíochtaí taighde ar fud na tíre, in earnálacha tionscail éagsúla ón déantúsaíocht go bia agus deoch go cúram sláinte agus TFC.

## Fondúireacht Eolaíochta Éireann

I rith 2016, lean Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) air ag glacadh ról tábhachtach maidir le tacú le fís an Rialtais i ndáil le hÉirinn a bheith ar thús cadhnaíochta domhanda ó thaobh na Nuálaíochta de agus cuidíodh le forbairt straitéis na hÉireann um thaighde agus forbairt, eolaíocht agus teicneolaíocht – *Nuálaíocht 2020*, mar aon le roinnt gníomhartha i b*Plean Gníomhaíochta do Phoist 2016* agus straitéisí náisiúnta eile a chur i bhfeidhm.

I rith 2016, lean SFI air ag díriú ar thacú le timpeallacht chomhoibritheach ardchaighdeáin taighde agus é mar aidhm aige Éire a bhunú mar ionad a mbeadh cáil air i ndáil le taighde eolaíoch den scoth a bhaineann leis an ngeilleagar. In 2016, d'ardaigh Éire chuig an 10ú háit sa rangú domhanda do thaighde eolaíoch ar ardchaighdeán. Bhí Éire sa 1ú háit ar domhan don Nanaitheicneolaíocht, 2ú d'Ainmhithe agus Déirí, 3ú don Cheimic, Imdhíoneolaíocht, Eolaíocht na nÁbhar agus 4ú don Mhatamaitic.

## Gníomhaíochtaí cláir

Sa bhliain 2016, baineadh éachtaí suntasacha amach ar fud gach réimse de ghníomhaíocht Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ). Faomhadh 393 gradam nua in 2016 thar 22 clár ar luach €194 milliún. B'fhiú €184 milliún na híocaíochtaí le comhlachtaí agus eagraíochtaí taighde in 2016. I measc na bpríomhréimsí dul chun cinn in 2016 bhí:

- Daichead dámhachtain chun tacú le bonneagar taighde agus áiseanna in Institiúidí Ardoideachais.
- Tríocha ceathair dámhachtain le taighdeoirí den scoth le taithí trí Chlár Imscrúdaitheoirí FEÉ (IvP).
- Bronnadh fiche sé dámhachtain le taighdeoirí atá ag céim luath go meánach ina ngairmré tríd an gclár Gradam um Fhorbairt Gairme FEÉ, agus fiche seacht dámhachtain do thaighdeoirí luath-ghairmré tríd an nGradam Taighde d'Imscrúdaitheoirí Nua; 55% díobh sin a bhuaigh gradam ba mhná iad.
- Faomhadh cúig dhámhachtain faoi Chlár Ollúnachta Taighde FEÉ, lenar athlonnaigh taighdeoirí le clú idirnáisiúnta i réimsí tábhachtacha straitéiseacha go hinstitiúidí taighde Éireannacha; ina measc bhí dhá cheann le béim ar dhéantúsaíocht.
- Rinneadh ceithre dhámhachtain faoi Chlár Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha FEÉ, a bhain le Fondúireacht Eolaíochta Éireann a mhaoinigh breis is €10m, móide infheistíocht charnach €8 milliún ó chomhpháirtithe tionscail.
- Rinneadh deich ndámhachtain faoi Chomhpháirtíocht Wellcome Trust FEÉ -HRB lena n-áirítear 2 dhámhachtain d'Imscrúdaitheoirí.
- Mhaoinigh Comhaltacht Taighde Five Royal Society University (URF) dámhachtainí faoi Scéim Comhpháirtíochta Royal Society FEÉ.
- Rinneadh deich ndámhachtain faoin gcéad dá ghairm ón gComhpháirtíocht FEÉ -BBSRC.
- Bunaíodh comhpháirtíochtaí nua idirnáisiúnta leis an US National Science Foundation (PIRE and ICORPS) agus NSF China.
- Leanadh ar aghaidh in 2016 leis an infheistiú in 12 Ionad Taighde FEÉ.

Rinne Fondúireacht Eolaíochta Éireann infheistiú iomlán €355 milliún mar aon le €190 milliún eile ó Chomhpháirtithe Tionscail, suimeanna a gealladh thar thréimhse dámhachtana 6 bliana.

Is toradh ríthábhachtach é an soláthar a dhéantar ar shaineolas oilte eolaíochta a éiríonn as taighde a mhaoinigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

In 2016 lean Fondúireacht Eolaíochta Éireann de phíblíne tallainne a fhorbairt trí thacaíocht a thabhairt do bhreis is 4,000 duine atá ag obair ar thionscadail taighde. 1,300 díobhsan ba mhic léinn iar-chéime iad a bheidh cáilithe sna blianta suas go 2019.

## Feasacht STEM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, mata)

Thionóil Fondúireacht Eolaíochta Éireann roinnt tionscnamh feasachta STEM in 2016. Theagmhaigh Seachtain Eolaíochta 2016 le déimeagrafach níos leithne ar fud na hÉireann le 10 bhFéile Réigiúnacha ag fáil tacaíochta chun cláir imeachtaí a rith lena n-áirítear féilte nua i gCiarraí agus sa Chabhán/Muineachán.

Baineadh déimeagrafaigh nua amach ar bhealaí nuálacha lena n-áirítear Dara Ó Briain mar láithreoir ar sheó do lucht féachana de bhreis is 1,000 sa Cheoláras Náisiúnta, ar chláir raidió agus le feachtais ar na meáin shóisialta. Bhí ionchur suntasach ó thaighdeoirí a fuair maoiniú ó Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus comhpháirtithe tionscail a ghlac páirt in Imeachtaí na Seachtaine Eolaíochta ar fud na tíre. Bronnadh caoga naoi dámhachtain trí Chlár Discover SFI arbh fhiú €3.2 milliún ar an iomlán a thacaíonn le hoideachas agus rannpháirtíocht phobal na hÉireann in STEM.

## An Clár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (An Clár)

Tacaíonn an Clár le soláthar bonneagair do thaighde den chéad scoth (foirgnimh, saotharlanna agus trealamh den chuid is nua-aimseartha) agus cuidíonn sé le caipiteal daonna a fhorbairt freisin trí chláir PhD Struchtúrtha/Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn ar fud institiúidí ardoideachais na hÉireann. Ghlac an Roinn freagracht as an gclár ón Roinn Oideachais agus Scileanna in 2010. Tá an clár fós á riar ag an Údarás Ardoideachais thar ceann na Roinne.

Le Sraith 5, a tionscnaíodh in 2011, bronnadh maoiniú ar 33 tionscadal ar leith, arbh fhiú €277m é de mhaoiniú ón Státchiste móide maoiniú meaitseála breise €58m. Bhí Sraith 5 nach mór críochnaithe faoi dheireadh 2016 le 29 de na 33 tionscadal críochnaithe ag deireadh na bliana. Tá an 4 thionscadal eile le bheith críochnaithe faoi lár 2017.

Bhí infheistíocht an Chláir Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal agus i gcaipiteal daonna mar thacaíocht leanúnach dár n-institiúidí tríú leibhéal chun straitéisí taighde a mhúnlú agus a chur i bhfeidhm chun cuidiú leo mais chriticiúil agus acmhainneacht den chéad scoth ar bhonn domhanda a bhaint amach i bpríomhréimsí taighde. Soláthróidh Sraith 5 breis is 62,000$^{m2}$ d'achar taighde nua/athchóirithe, breis is 5,700 stáisiún oibre taighde agus breis is 330 mac léinn PhD faoi dheireadh an chláir.

## Gníomhaireacht Spáis na hEorpa

Ó chuaigh Éire isteach i nGníomhaireacht Spáis na hEorpa (GSE) i 1975, tá tionscail agus grúpaí taighde Éireannacha ag croílár mhisin spáis na hEorpa, iad ag tarraingt clú orthu féin mar sholáthróirí teicneolaíochtaí nuálacha a bhíonn in úsáid i gclár spáis na hEorpa.

Tugann ballraíocht GSE rochtain do ghnólachtaí Éireannacha ar eagraíocht forbartha teicneolaíocht ar fiú €5 bhilliún sa bhliain í nach bhfuil a leithéid le fáil áit ar bith seachas NASA, mar aon le rochtain fheabhsaithe ar chliaint spáis institiúideacha Eorpacha agus Domhanda, ar phríomhchonraitheoir agus ar shlabhraí soláthair teicneolaíochta. D'infheistigh Éire €17.3 milliún ina ballraíocht de GSE in 2016 agus rinne infheistíocht fhorlíontach €2m ag deireadh na bliana.

In 2016, leathnaigh earnáil an tionscail spáis in Éirinn. Fuair 24 cuideachta Éireannach conarthaí ó GSE; is conraitheoirí céad-uaire ag GSE iad 5 cinn acu sin. Cuideachtaí ilnáisiúnta a bhí bunaithe in Éirinn ba ea ceithre cinn de na 24 cuideachta agus cuideachtaí faoi úinéireacht Éireannach ba ea an chuid eile díobh.

D'fhan luach iomlán na gconarthaí a bhronn GSE in Éirinn mórán mar an gcéanna i gcomhréir le hinfheistíocht bhliantúil in GSE, agus b'fhiú níos mó ná €12.5 mhilliún iad. Bronnadh 75% de na conarthaí ar thionscail Éireannacha agus bronnadh 25% ar mheithleacha taighde difriúla in institiúidí Éireannacha, agus bhí 40 taighdeoir agus eolaí rannpháirteach.

Tá méadú tagtha ar líon iomlán na bpost i gcuideachtaí a bhíonn ag plé le GSE ó 1,300 in 2008 go breis is 2,000 in 2016 agus táthar ag tuar go mbeidh níos mó ná 5,000 duine fostaithe iontu faoi 2020. Ghin cuideachtaí Éireannacha €43m sa gheilleagar spáis in 2013, breis is €80m in 2016 agus táthar ag tuar go dtiocfaidh méadú air sin go €150m faoi 2020. Léiriú é an leibhéal ard sin gníomhaíochta agus fáis san fhostaíocht ar na comhiarrachtaí atá á ndéanamh ag an Rialtais chun infheistiú go suntasach i dTaighde agus Forbairt, ag Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann agus iad ag obair le lucht na dtionscal, agus ag GSE féin chun acmhainn nuálaíochta na dtionscal Éireannach a aistriú i dtáirgí, córais agus seirbhísí do chlár spáis na hEorpa agus don mhargadh domhanda spáis.

Bunaíodh gorlann Ghnó Spáis GSE i Meán Fómhair 2016, ina raibh páirt ag cuibhreannas d'Institiúid Náisiúnta Tyndall, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain agus Ollscoil Mhá Nuad leis an gcuspóir 25 spás nua do ghnóthais nuathionscanta a bhunú sna 5 bliana amach romhainn.

Lean an Oifig Eorpach um Acmhainní Oideachais Spástaistil (ESERO), atá bunaithe in Éirinn, ar aghaidh lena cuid gníomhaíochtaí eisteagmhála a bhuí le maoiniú ESA chun an spás a úsáis mar bhealach chun daoine óga a mhealladh i dtreo ábhar a bhaineann le STEM, tríd oifig Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI).

Tá cuideachtaí, eolaithe agus taighdeoirí Éireannacha ag leanúint orthu chun deiseanna suimiúla atá ag teacht chun cinn trí Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa a lorg, lena n-áirítear misean Rosetta a cuireadh deireadh leis i Meán Fómhair 2016. Soláthróidh cuideachta Éireannach ENBIO teicneolaíocht ríthábhachtach chumhdaigh do mhisean Fhithiseoir Gréine GSE, atá le cur chun spéire in 2019. Tabharfaidh cumhdach ENBIO cosaint do gach dromhla ar spásárthach GSE a bheidh ar aghaidh na gréine, rud a thabharfaidh deis d'eolaithe dul níos gaire den ghrian ná mar a chuaigh aon mhisean go dtí seo agus dá thoradh sin beidh cumhdach ENBIO ar an rud lámhdhéanta is gaire don Ghrian riamh.

In Eanáir 2016 thug an Taoiseach cuairt ar Ionad Teicneolaíochta Spáis na hEorpa (ESTEC) mar chuid de mhisean trádála Éireannach, áit ar bhuail sé le hArd-Stiúrthóir GSE, Stiúrthóir an Ionaid, roinnt de na hÉireannaigh atá ag obair in GSE agus roinnt cuideachtaí Éireannacha ag obair in earnáil an spáis.

I lár 2016 ansin thug Ard-Stiúrthóir GSE cuairt ar Éirinn i gcomhair cruinnithe le hoifigigh, polaiteoirí sinsearacha, an pobal taighde agus le tionscail. Bhí an GSE i láthair freisin ag Misean Trádála an Tánaiste go dtí an Fhrainc nuair a thug cuideachtaí Éireannacha cuairt ar Thales Space Systems, ceann de na déantóirí satailíte is mó ar domhan.

Shínigh an GSE freisin Meamram Tuisceana leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn chun clár a fhorbairt le céimithe innealtóireachta agus eolaíochta a oiliúint i dteicneolaíochtaí spáis. Freastalóidh an clár ar 10 gcéimí Éireannacha sa tréimhse suas go 2020.

Ag deireadh 2016 bhí cruinniú le Comhairle Aireachta GSE i mí na Nollag ina ndearna Éire comhdhlúthú ar a hinfheistíocht i gcláir éagsúla GSE, lena n-áirítear an clár forbartha do Láinseálaí Eorpach Vega C, ina bhfuil rannpháirtíocht láidir cheana féin ag Éirinn, as a dtiocfaidh saothrú láidir tráchtála agus toradh ar infheistíocht. Ar na cláir roghnacha eile GSE a ndearnadh infheistiú iontu bhí, Faire na Cruinne, Teileachumarsáid, Teicneolaíocht agus Loingseoireacht.

Dháil Airí atá freagrach as infheistíochtaí spáis ó 22 Bhallstát GSE €10.3 milliún le haghaidh gníomhaíochtaí agus cláir spáis bunaithe ar an bhfís do Spás Aontaithe san Eoraip.

Léirigh an leibhéal ar síntiús go gceapann Ballstáit GSE gur infheistíocht straitéiseach agus tharraingteach é le luach fíor-ard socheacnamaíoch. Léiríonn sé freisin cumas an GSE freastal go héifeachtach ar riachtanais réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha.

## Forbairtí ar Bheartas Spáis an AE

I mí na Bealtaine ghlac Airí Spáis na hEorpa, faoi scáth Uachtaránacht na hÍsiltíre ar an AE, "Forógra na Háige" arb é a d'oscail an tslí do shíniú Chomhráiteas AE/Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa i mí Dheireadh Fómhair inar leagadh síos "Fís agus Aidhmeanna Coiteanna maidir le Todhchaí Spáis na hEorpa".

Ag an gComhairle Iomaíochais i mí Bhealtaine faoi Uachtaránacht na hÍsiltíre nochtadh tuairimí maidir le glacadh sonraí spáis ó chláir spáis Eorpacha. D'aontaigh na hAirí go bhféadfadh buntáistí ollmhóra teacht as sonraí, feidhmchláir agus seirbhísí spáis agus as forbairt mhear ar an ngeilleagar digiteach, agus go bhféadfadh beartais phoiblí níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a theacht astu, chomh maith le deiseanna don eolaíocht, an earnáil phríobháideach agus don tsochaí.

Le linn Uachtaránacht na Slóvaice sa dara leath den bhliain bhí an obair dírithe ar Straitéis Spáis don Eoraip an AE.

D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a Straitéis Spáis don Eoraip i mí Dheireadh Fómhair 2016. Leagtar amach sa Straitéis ardleibhéil seo an réasúnaíocht do straitéis spáis don Eoraip agus aithnítear inti ceithre phríomhaidhm a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu le raon gníomhartha do gach aidhm ar leith a dhéanfaidh an Coimisiún sna blianta amach romhainn.

Is iad na ceithre aidhm i Straitéis an Choimisiúin:

1. An leas is fearr a bhaint as buntáistí spáis don tsochaí agus do gheilleagar na hEorpa.
2. Earnáil spáis Eorpach atá iomaíoch agus nuálach ar fud an domhain a chothú.
3. Neamhspleáchas na hEorpa a neartú maidir le spás a rochtain agus a úsáid i dtimpeallacht shlán agus shábháilte.
4. Ról na hEorpa mar ghníomhaí domhanda a neartú agus comhoibriú idirnáisiúnta a chur chun cinn.

Ar an 26 Deireadh Fómhair, shínigh an Coimisiún Comhráiteas le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa ina leagadh síos "Fís agus Aidhmeanna Coiteanna maidir le Todhchaí Spáis na hEorpa" atá le baint amach ar bhonn comhar athneartaithe idir an dá eagraíocht. Le Straitéis an Choimisiúin tugtar cuireadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an straitéis seo a plé agus tacaíocht a thabhairt di, agus a cur i bhfeidhm éifeachtach a stiúradh, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile.

Ag cruinniú den Chomhairle Iomaíochais (Spás) ar an 29 Samhain chuir an Coimisiún i láthair an Straitéis Spáis don Eoraip nua dá céad phlé Aireachta. Chuir Airí fáilte roimh an Straitéis Spáis Eorpach agus thacaigh lena cuspóirí uilghabhálacha.

D'aontaigh na hAirí ar fad maidir leis an bpoitéinseal deiseanna nua gnó a chruthú i réimse an spáis. Luadh é a bheith riachtanach neamhspleáchas na hEorpa a chinntiú maidir le spás a rochtain agus a úsáid go sábháilte chomh maith le saothrú sonraí spáis ag tionscail agus luadh go háirithe an chomhpháirtíocht idir an AE agus GSE a bheith riachtanach don phróiseas.

## Institiúid Náisiúnta Tyndall

Is í Institiúid Náisiúnta Tyndall an t-ionad taighde is mó in Éirinn le speisialtóireacht i gcrua-earraí agus córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC).

Is Institiúid Náisiúnta í Tydall, a fheidhmíonn go hidirnáisiúnta chun taighde & forbairt agus nuálaíocht a chumasú in Éirinn.

Tá an earnáil TFC, ina bhfuil speisialtóireacht ag Tyndall, thar a bheith tábhachtach don gheilleagar domhanda, le láimhdeachas sa bhreis ar $2.3 trilliún sa bhliain. Tugann sé bonn teicneolaíochta ar a mbraitheann formhór na n-earnálacha déantúsaíochta d'fheabhsuithe ar a dtáirgiúlacht, agus ar a mbraitheann na seirbhísí ar fad (cúram sláinte, bainistiú fuinnimh, iompar, bainistiú timpeallachta) d'éifeachtúlacht agus soláthar a fheabhsú.

Is é tionscal TFC na hÉireann an earnáil déantúsaíochta is mó sa tír agus tá acmhainn ann leibhéal agus cáilíocht a thionchair eacnamaíoch a méadú.

De réir comhaontú foirmiúil le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, tá an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta tiomanta do chroímhaoiniú a sholáthar chun tacú le hoibríochtaí laethúla Institiúid Tyndall. D'úsáid Tydall an croídheontas €3.5 milliún seo a thug an Roinn in 2016 chun buiséad iomlán taighde de €32.9 milliún a ghiniúint. Áirítear air sin:

- Maoiniú díreach €5 milliún do thionscail.
- Ioncam thart ar €6 mhilliún a gineadh ó chláir thaighde AE (FP7 agus H2020).
- Ioncam thart ar €19 milliún a fuarthas ó chláir iomaíocha thaighde (SFI, EI agus eile).

### Ar na torthaí ar an maoiniú taighde seo in 2016 bhí:

- Maoiníodh 35 tionscadal H2020 Tyndall go dtí seo, agus rinne an Institiúid comhordú ar 5 cinn. Ba é €22m an luach iomlán do Tyndall, le €11m eile do thionscail Éireannacha ó na tionscadail seo.
- Tá Tyndall chun tosaigh i dtionscadal líne píolótach (PixApp), Fótónaic Eorpach, ar bronnadh €13m dó faoi H2020. Leis an tionscadal ceannais Eorpach seo bunófar an chéad Líne Phíolótach saor-rochtana do Chiorcad Iomlánaithe Fótónaic (PIC) a dhéanamh agus a phacáistiú. Ba é €3m an luach iomlán do Tyndall.
- Leanadh ar aghaidh le comhpháirtíochtaí láidre le tionscal i gcaitheamh na bliana le roinnt tionscadal nua den Chiste um Thráchtálú/Comhpháirtíocht Nuálaíochta a fuair maoiniú de €1.6m.
- Rinneadh 31 nochtadh aireagáin agus comhadaíodh 7 bpaitinn.
- Oileadh 121 mac léinn PhD agus mac léinn taighde agus tugadh 24 PhD chun críche.
- Fostaíodh breis is 420 eolaithe, innealtóirí, iar-chéimithe agus gairmithe tacaíochta ardcháilithe.
- Breis is 200 foilseachán a ndearnadh athbhreithniú piaraí orthu in irisí tábhachtacha idirnáisiúnta.
- Aontaíodh 8 gceadúnas/rogha/sannachán tráchtála le tionscal (agus a thuilleadh á bplé).
- Mar thacaíocht do ghníomhaíochtaí tionscanta seoladh gorlann ghnó GSE BIC Éireann Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa i bpáirt le dhá chomhpháirtí – Ollscoil na hÉireann Má Nuad agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain.

## Cóipcheart

Rinneadh dul chun cinn i rith na bliana le saincheisteanna maidir le cóipcheart in Éirinn agus ag an leibhéal AE. I mí Iúil 2016, cheadaigh an Rialtas dréachtú Scéim Ghinearálta do Bhille dar teideal an Bille Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Leasú) (Ceart Maoine Ilghnéitheach), 2016. Dearadh an Bille seo chun roinnt moltaí sa tuarascáil *"Modernising Copyright"* a d'fhoilsigh an Coiste um Athbhreithniú ar Chóipcheart go déanach in 2013. D'oibrigh an Roinn le hOifig an Ard-Aighne ar dhréachtú an Bhille in 2016 agus é i gceist an Bille a fhoilsiú in 2017.

Ag leibhéal an AE, d'fhoilsigh an Coimisiún moltaí dlí cóipchirt AE a nuachóiriú i mí na Nollag 2015 agus mí Mheán Fómhair 2016. Dearadh na moltaí chun ligean do rochtain níos leithne ar líne ar shaothair chóipchirt d'úsáideoirí agus tomhaltóirí ar fud an AE.

I rith na bliana, rinne an Roinn anailís ar roinnt de mholtaí cóipchirt an AE agus chuaigh i mbun comhairliúcháin le páirtithe leasmhara chun treoir a fháil do sheasamh na hÉireann san caibidlí maidir leis na moltaí cóipchirt a foilsíodh. Moladh amháin suntasach a ndéileáladh leis in 2016 ba ea dréacht-Rialachán AE a cheadódh iniomparthacht ábhair ar líne. Ciallaíonn sé sin go mbeidh rochtain ag e.g. síntiúsóirí seirbhísí sruthaithe ceoil agus seirbhísí ardráta spóirt i mBallstát amháin in ann rochtain a fháil ar na seirbhísí seo agus iad as baile go sealadach. Tá an Rialachán seo le teacht i bhfeidhm san AE i Meitheamh 2017.

Dearadh moltaí cóipchirt suntasacha eile AE a d'fhoilsigh an Coimisiún i Meán Fómhair 2016 chun: éifeacht a thabhairt san AE do Chonradh Marrakech chun Rochtain ar Shaothair Fhoilsithe a Éascú do Dhaoine Dalla, Lagamhairc, nó faoi Mhíchumas Léitheoireachta Cló; rogha agus rochtain níos fearr maidir le hábhar ar líne agus trasteorann a éascú; eisceachtaí cóipchirt a chomhoiriúnú i réimsí taighde, oideachais, caomhnaithe cultúir agus, chun áit mhargaidh níos cothroime a chruthú lena mbeidh úinéirí ábhair in ann luach eacnamaíoch níos fearr a fháil ar úsáid ar líne a n-ábhair.

## Scéim um Bosca Forbartha Eolais do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide

Rinne an tAcht Airgeadais, 2015 foráil do Bhosca Forbartha Eolais (BFE) a dearadh chun leibhéil níos airde nuálaíochta a spreagadh le ráta níos ísle cánach corparáide i.e. 6.25%, a ghearradh ar bhrabúis ar shócmhainní maoine intleachtúla a eascraíonn as taighde agus forbairt incháilithe a dhéantar in Éirinn.

D'fhoráil an tAcht freisin do scéim a thabhairt isteach a bheidh deartha chun freastal níos fearr ar riachtanais cuideachtaí beaga agus meánmhéide ó thaobh fionnachtana a dheimhníonn an Ceannasaí Paitinní, Dearthaí agus Trádmharcanna a bheith núíosach, neamhfhollasach agus úsáideach. In 2016 d'oibrigh an Roinn go dlúth le hOifig na bPaitinní chun an scéim nua seo a fhorbairt a riarfaidh an Oifig sin.

Foilsíodh in 2016 Bille dar teideal an Bille um Bosca Forbartha Eolais (Deimhniúchán Fionnachtana) 2016 chun foráil a dhéanamh do scéim deimhniúcháin do SMEanna. Chuaigh an Bille trí roinnt céimeanna Parlaiminte roimh dheireadh na bliana.

Déantar foráil sa Bhille do leasuithe ar Acht na bPaitinní 1992 chun scrúdú substainteach ar phaitinn ag Oifig na bPaitinní a thabhairt isteach arís lena chinntiú go mbeidh gach paitinn Éireannach incháilithe do KDB.

## Reachtaíocht thánaisteach a cuireadh i bhfeidhm i réimse na Maoine Intleachtúla

### Rialacháin maidir le Bainistiú Comhcheart – I.R. Uimh. 156 de 2016 agus I.R. Uimh. 616 de 2016

Dearadh na Rialacháin chun Rialachán an AE maidir le comhbhainistiú cóipchirt agus ceart gaolmhar a thrasuí i ndlí na hÉireann. Tá sé mar aidhm leis na Rialacháin go mbeidh cosaint níos fearr ag sealbhóirí cirt fite fuaite i mbainistiú a gceart agus go mbeadh mar shampla minicíocht ann maidir le tuairisciú na suimeanna dlite do shealbhóirí cirt agus, íocaíocht phras ar na suimeanna sin. Meastar go bhfeidhmeoidh na heagraíochtaí comhbhainistithe níos fearr san AE de thoradh air sin. Éascaíonn na Rialacháin ceadúnú ilchríochach i.e. ceadúnú ceart údar ar shaothair cheoil ar líne ag cumainn bhailithe ar fud roinnt Ballstáit AE.

### Rialacháin a imríonn tionchar ar ghníomhairí trádmharcanna – I.R. Uimh. 46 de 2016 agus I.R. Uimh. 47 de 2016

Achtaíodh dhá Ionstraim Reachtúla in 2016 chun deireadh a chur le srianta i reachtaíocht trádmharcanna i dtaca le foirmeacha dlí, scairshealbhú agus ceanglais bhainistíochta do sheirbhísí gníomhairí paitinne in Éirinn. Leagtar amach sa chéad Ionstraim Reachtúil na téarmaí agus coinníollacha is infheidhme do ghníomhairí trádmharcanna ar féidir a iontráil ar Chlár Trádmharcanna a chothabhálann Oifig na bPaitinní. Éascaíonn an dara Ionstraim Reachtúil clárú

cuideachtaí agus comhpháirtíochtaí gníomhairí trádmharcanna AE ar mian leo gnóthas tánaisteach a bhunú in Éirinn.

Ba cheart go léireodh na hIonstraimí Reachtúla seo na hIonstraimí Reachtúla ar tugadh éifeacht dóibh in 2015 i ndáil le gníomhairí paitinní agus a d'eascair as neamh-chomhoiriúnachtaí leis an Treoir um Sheirbhísí ((2006/123/EC) a bhfuil sé mar aidhm léi bacainní dlí agus riaracháin ar thrádáil ar fud na hEorpa a bhaint.

# 5. Tacú le fostaíocht ardchaighdeáin, réiteach díospóidí agus sábháilteacht sa timpeallacht oibre

**Sprioc 5:** Fostaíocht ardchaighdeáin, caidreamh dearfach san ionad oibre, sásraí réitigh díospóidí a fheidhmíonn go maith, timpeallacht oibre shábháilte agus éabhlóid an phá íosta a chur chun cinn.

## Cearta Fostaíochta

### Fadhbanna a chothaíonn an méadú ar ócáidiú fostaíochta agus na rialacháin maidir le hobair neamhbhuan a neartú.

I gClár an Rialtais Bhealtaine (PfG) 2016 tá gealltanas dul i ngleic le fadhbanna a chothaíonn an méadú ar ócáidiú fostaíochta agus na rialacháin maidir le hobair neamhbhuan a neartú.

Ag deireadh na bliana, bhí an obair ar freagairt bheartais ar thiomantas seo an Rialtais curtha chun cinn go mór. Fuarthas treoir don obair seo ó staidéar de chuid Ollscoil Luimnigh ar chonarthaí náid uaireanta agus ón gcomhairliúchán poiblí a lean ar an staidéar a rinne an Roinn. Fuarthas 48 aighneacht mar fhreagairt ar an gcomhairliúchán poiblí a dúnadh in Eanáir 2016.

Sna haighneachtaí bhí dearcaí éagsúla cuid acu i bhfabhar agus cuid acu in aghaidh mholtaí agus thorthaí Ollscoil Luimnigh agus ba ghá iad a mheasúnú go cáiréiseach. Níos tábhachtaí ná sin bhí ábhar fairsing sna freagairtí agus samplaí praiticiúla de na tionchair a imreodh na hathruithe sonracha reachtúla atá molta ag Ollscoil Luimnigh.

Chuir an Roinn tús freisin i mí Dheireadh Fómhair 2016 le próiseas idirphlé le IBEC agus le Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (ICTU) agus Comhdháil na gCeardchumann (ICTU) chun cabhrú le freagairt bheartais ar an tiomantas PfG a fhorbairt agus a bheachtú. Ag deireadh na bliana bhí an próiseas idirphlé fós ag dul ar aghaidh.

### Tuarascáil Duffy-Cahill/fiosrúchán Clerys

Cuireadh tús le roinnt gníomhartha mar chuid d'fhreagairt an Rialtais ar dhúnadh Clerys. Mar chuid de seo bhí rinne Duffy-Cahill scrúdú ar cosaintí dlí d'fhostaithe.

Tugann tuarascáil Duffy-Cahill anailís chuimsitheach ar na forálacha ábhartha den dlí fostaíochta agus cuideachta. Tugtar inti roinnt moltaí maidir leis an dlí a leasú, a bhaineann go príomha le leasuithe ar an dlí fostaíochta. Thionscain an Roinn Comhairliúchán Poiblí ar an tuarascáil tar éis a foilsithe in Aibreán 2016.

Iarradh ar an nGrúpa Athbhreithnithe Dhlí na gCuideachtaí athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe de dhlí na gcuideachtaí. Rinneadh an méid sin le súil le moltaí a thabhairt faoi bhealaí ina bhféadfaí dlí na gcuideachtaí a leasú chun cosaintí níos fearr a chinntiú d'fhostaithe agus do chreidiúnaithe neamhurraithe.

Freisin, lorg oifigigh údaraithe de chuid an Aire ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) faisnéis ó roinnt páirtithe maidir leis na hiomarcaíochtaí comhchoiteanna a tharla sa chuideachta thrádála arbh í fostaí na foirne in Clerys nuair a dúnadh é. Baineann obair na n-oifigeach údaraithe le cur i bhfeidhm an Achta um Chaomhnú Fostaíochta, 1977 i ndáil leis na hiomarcaíochtaí comhchoiteanna ábhartha. Rinne dhá cheann de na páirtithe agóid dhlíthiúil. Rialaigh an Ardchúirt go cuimsitheach i bhfabhar na n-oifigeach údaraithe ar an 25 Deireadh Fómhair 2016. Rinneadh achomharc agus táthar chun é a éisteacht sa Chúirt Achomhairc in

2017. Ag deireadh na bliana, bhí na hoifigigh údaraithe (Cigirí an WRC) ag leanúint dá bhfiosrúchán agus bhí an cheist maidir le hionchúisimh, más cuí, á cur chun cinn.

### Rialacháin (Postú Oibrithe) an Aontais Eorpaigh 2016

Déantar na Rialacháin seo Treoir 2014/67/AE ón AE a thrasuí i ndlí na hÉireann ar fhorfheidhmiú Threoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (an Treoir maidir le Forghníomhú). Is daoine aonair iad oibrithe postaithe atá fostaithe i gceann de Bhallstáit AE ach atá postaithe ag a bhfostóir le hoibriú i mBallstát eile ar bhonn sealadach.

Is é cuspóir na Treorach maidir le Forghníomhú ná forghníomhú níos fearr agus níos éifeachtaí ar an Treoir Maidir le hOibrithe Postaithe (96/71/CE) a chur ar fáil, trí mhonatóireacht agus bearta comhlíonta a fheabhsú agus comhar trasteorann níos éifeachtaí idir údaráis náisiúnta.

Tugann na Rialacháin isteach roinnt beart nua chun cearta fostaíochta d'oibrithe postaithe a neartú agus a fhorghníomhú agus chun a chinntiú go n-urramóidh soláthraithe Seirbhísí Eachtracha na caighdeáin saothair is infheidhme in Éirinn. Ar na príomhbhearta a tugadh isteach sna Rialacháin tá:

- riachtanas nua do sholáthraithe seirbhísí eachtracha nuair a phostaítear oibrithe go hÉirinn fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) agus faisnéis a sholáthar a ligfidh don WRC monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí postaithe agus comhlíonadh na rialacha maidir le postú a chinntiú;
- dliteanas nua ar fhochonraitheoirí san earnáil tógála a tugadh isteach chun oibrithe postaithe a chosaint ar phá níos ísle ná a dteidlíochtaí íosta;
- cruthaíodh ceart ag oibrí postaithe gearán a chur ar aghaidh go dtí Ard-Rúnaí an WRC ina n-ainmnítear a fhostaí agus an conraitheoir araon mar fhreagróirí;
- tugadh isteach cosaint díchill chuí don chonraitheoir in aon éileamh os comhair an WRC;
- bearta nua a ligfidh d'fhorghníomhú pionós agus fíneálacha riaracháin airgeadais trasteorann.

Tháinig na Rialacháin seo i bhfeidhm ar an 27 Iúil 2016.

### Aois scoir

I Meán Fómhair 2016 rinne an tAire Breen iarratas reachtúil ar an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre Cód Cleachtais a ullmhú faoi Alt 42 den Acht Caidrimh Thionscail, 1990 faoin gceist maidir le hoibriú níos faide.

Ba cheart go leagfaí amach sa Chód seo an cleachtas caidrimh tionscail is fearr ó thaobh na teagmhála idir fostóirí agus fostaithe a bhainistiú agus iad ag druidim i dtreo scoir, lena n-áirítear iarratais ar leanúint ag obair thar ghnáthaois scoir san fhostaíocht lena mbaineann.

Chuir sé seo le hobair an Ghrúpa Idir-Rannach (IDG), faoi chathaoirleacht na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA), a bhunaigh an Rialtas in 2016 chun féachaint ar bheartas maidir le haois scoir san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach. Foilsíodh tuarascáil an Ghrúpa i Lúnasa 2016.

## Ceadanna Fostaíochta

Léirigh treochtaí na gCeadanna Fostaíochta in 2016 an fás láidir atá fós ag teacht ar ghníomhaíocht eacnamaíoch.

Is é cuspóir leathan an chórais ceadanna fostaíochta an soláthar scileanna in Éirinn a fhorlíonadh sa mheántéarma ach cead a thabhairt d'fhiontair saoránaigh as tíortha nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) a earcú sa chás ina bhfuil sainscileanna nó saineolas

ag na saoránaigh sin nach bhfuil ar fáil san LEE agus ina rachaidh a leithéid d'earcaíocht chun tairbhe d'fhorbairt eacnamaíoch nó shóisialta an Stáit.

Leagtar córas na gceadanna fostaíochta amach de bhun struchtúir liosta chun tús áite a thabhairt do scileanna áirithe, sa chás go bhfuil ganntanas nó easnamh scileanna sonracha láithreach sa mhargadh saothair de bharr fhás tapa na hearnála nó forbartha teicneolaíochta. Aithníonn na liostaí scileanna criticiúla atá gann ar láimh amháin, agus scileanna a bhfuil soláthar maith ann díobh cheana féin sa mhargadh saothar áitiúil ar an láimh eile. Déantar iad a athbhreithniú ar bhonn débhliantúil, ionas go mbeadh treoshuíomh na himirce eacnamaíche ag teacht go docht le riachtanais bheachta an mhargaidh saothair.

I rith 2016, rinneadh an tacar Rialachán um Cheadúnais Fostaíochta a leasú faoi thrí d'fhonn a chinntiú go mbeadh an córas feiliúnach don mhargadh athraitheach saothair agus don timpeallacht fiontraíochta.

Ar an 5 Meán Fómhair 2016, tugadh isteach Córas Ar Líne do Cheadúnais Fostaíochta (EPOS). Is córas iarratais ar líne é seo le rogha ann íocaíocht shlán ar líne a dhéanamh. Cuireann sé próiseas iarratais níos giorra agus níos tapúla ar fáil. Ba léir rath an tionscadail ón líon daoine a ghlac leis an tseirbhís nua ar líne. Laistigh de dhá sheachtain dá bheith ar fáil do pháirtithe leasmhara, d'éirigh le hAonad na gCeadúnas Fostaíochta ráta glactha de 95% a bhaint amach.

Le trí bliana anuas anois tá ardú aon trian tagtha ar an éileamh ar cheadúnais fostaíochta gach bliain. Níorbh fhéidir freastal ar an ardú éilimh seo nuair nach raibh aon fhás ag teacht ar acmhainní foirne nó go raibh siad ag laghdú agus an geilleagar fós ag fás. Le EPOS tá bonn anois ann chun freastal ar an ngá atá ag fás le scileanna sonracha a bheith ar fáil le go leanfaidh an geilleagar ag fás.

Nuair a thógtar an EPOS in éineacht leis an dtionscnamh Comhpháirtí Iontaofa a seoladh in 2015, ciallaíonn sé nach dtógfaidh an t-iarratas agus an cinneadh ach 5-7 lá b'fhéidir. Fráma ama an-mhaith é sin i gcomhthéacs idirnáisiúnta agus cuireann sé le dea-chlú na hÉireann agus lenár n-aidhm a bheith chun tosaigh mar thír le gnó a dhéanamh inti.

Cuireadh EPOS ar ghearrliosta do Ghradaim Nuálaíochta agus Feabhais sa Státseirbhís 2016 sa chatagóir "Ceannródaí Athnuachana sa Státseirbhís".

Is léir rath an chórais ceadanna fostaíochta maidir le freastal ar ghanntanais scileanna agus éifeachtúlacht fheabhsaithe riaracháin in 2016 ó na staitisticí seo a leanas:

- próiseáladh 35% níos mó ceadanna le hais 2015;
- bhain 38% de na ceadanna uile a eisíodh in 2016 le Ceadanna Fostaíochta um Scileanna Criticiúla, an cead fostaíochta atá deartha le díriú ar ghanntanas scileanna;
- ba do ghairmithe TFC a eisíodh 34% de na ceadanna fostaíochta nua a eisíodh;
- ar an meán ní rabhthas ag fanacht ar chead fostaíochta ag deireadh 2016 ach ar feadh 12.5 lá.
- bhí fanacht 5-7 lá ar an meán i gceist le hiarratas ar chead fostaíochta i ndáil le Comhpháirtithe Iontaofa a fháil.

| Bliain | Iarratais Faighte | Iomlán Eisithe | Iomlán Diúltaithe | Iomlán Tarraingthe Siar | Fós le próiseáil |
|---|---|---|---|---|---|
| **2016** | **13,371** | **9,383** | **1,651** | **207** | **1,238** |
| **2015** | 11,783 | 7,265 | 906 | 167 | 1,134 |
| **2014** | 8,786 | 5,496 | 593 | 144 | 435 |
| **2013** | 6,696 | 3,863 | 541 | 122 | 142 |
| **2012** | 8,086 | 4,007 | 829 | 246 | 179 |
| **2011** | 9,524 | 5,200 | 1,078 | 201 | 377 |
| **2010** | 7,978 | 7,211 | 990 | 199 | 999 |

## An Coimisiún um Pá Íseal

Thíolaic an Coimisiún um Pá Íseal, a bunaíodh leis an Acht um Pá Íosta Náisiúnta (An Coimisiún um Pá Íseal), 2015, an dara tuarascáil uaidh in Iúil 2016.

Ghlac an Rialtas lena mholadh an pá íosta a mhéadú go €9.25 in aghaidh na huaire agus tiocfaidh sé i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2017.

Chomh maith le moltaí a thabhairt maidir le ráta pá íosta an uair an chloig, iarradh ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar oiriúnacht na rátaí sub-minima dá bhforáiltear faoi láthair sna hAchtanna um Pá Íosta Náisiúnta i ndáil go háirithe lena dtionchar ar rátaí dífhostaíochta i measc na n-óg agus rannpháirtíocht in oideachas.

Iarradh ar an gCoimisiún freisin scrúdú a dhéanamh ar na saincheisteanna a bhaineann leis an líon mór ban ar an bpá íosta náisiúnta agus tuairisc a thabhairt ar a thuairim maidir leis na bunchúiseanna leis.

Thíolaic an Coimisiún a Thuarascálacha maidir leis an dá shaincheist don Aire ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair. Maidir le hoiriúnacht na rátaí sub-minima, ní raibh an Coimisiún den tuairim go raibh sé oiriúnach moltaí a thabhairt in éagmais sonraí suas chun dáta ón bPríomh-Oifig Staidrimh a bhfuiltear fós ag fanacht lena bhfíorú.

Gheall an Coimisiún a mholtaí a thabhairt i dtuarascáil fhorlíontach a thúisce a fhíoraítear na sonraí.

Maidir lena thuarascáil ar mhná agus an pá íosta náisiúnta, thug torthaí tosaigh an taighde a rinne an ESRI le fios gurb í an fhadhb is mó maidir leis an riosca a bheith ar an bpá íosta ná an earnáil ina n-oibríonn duine agus cé acu an bhfuil an duine ag obair go páirtaimseartha nó go lánaimseartha. Le mná, má tá siad ag obair go páirtaimseartha, is é is dóichí ná a mhalairt ná gur de bharr cúiseanna 'freagrachtaí cúraim' atá siad á dhéanamh murab ionann agus fir (duine as gach cúigear ban ach duine as gach fiche haon fear).

Thug an Coimisiún dá aire na bearta atá á gcur i bhfeidhm maidir le hinacmhainneacht cúraim leanaí, rud a mheastar a bheidh chun leasa na mban sa réimse seo.

## An Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre agus an Chúirt Oibreachais

Ba é 2016 an chéad bhliain iomlán ag feidhmiú don Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC), a thug le chéile feidhmeanna an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais (LRC), an Údaráis Náisiúnta Cearta Fostaíochta (NERA), an Bhinse Comhionannais, agus feidhmeanna céadchéimeanna an Bhinse Achomhairc Fostaíochta (EAT). Chomh maith leis sin ba é an chéad bhliain ag feidhmiú don Chúirt Oibreachais tar éis dá leathnú

Is í an Chúirt Oibreachais anois an comhlacht achomhairc singil atá ag plé le hachomhairc faoi reachtaíocht um chearta fostaíochta chomh maith lena ról mar Chúirt rogha dheiridh chun díospóidí caidrimh tionscail a réiteach.

In 2016 fuair an Chúirt Oibreachais 1121 ábhar arna dtarchur agus ba ionann sin agus méadú 38% ar líon na n-ábhar arna dtarchur (810) a rinneadh in 2015. D'éirigh leis an gCúirt Oibreachais na huaireanta feithimh a choimeád mar a bhí i gcaitheamh na tréimhse sna cásanna a cuireadh faoina bráid.

I Meitheamh 2016, chuaigh iarChathaoirleach na Cúirte Oibreachais an tUas. Kevin Duffy ar scor agus ceapadh an tUas. Kevin Foley mar Chathaoirleach i mí Iúil.

Tá an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre freagrach as seirbhísí lena n-áirítear luathsheirbhísí réitigh, eadrána, comhréitigh, éascaíochta agus comhairleacha a sholáthar i ndáil le gearáin a bhaineann le fostaíocht agus comhionannas, as monatóireacht a dhéanamh ar choinníollacha fostaíochta d'fhonn a chinntiú go bhfuiltear ag cloí le reachtaíocht um chearta fostaíochta agus go bhfuiltear á forfheidhmiú, agus as ceadúnais do ghníomhaireachtaí fostaíochta agus um chosaint daoine óga (fostaíocht) a phróiseáil.

Fuair an WRC 14,400 gearán in 2016. Rinne Cigireacht an WRC breis is 4,800 cigireacht agus rinne siad €1.5 milliún de phá nár íocadh a aisghabháil. Tionóladh 75% d'éisteachtaí breithnithe laistigh de 22 seachtaine ó fuarthas an gearán agus eisíodh cinntí breithnithe laistigh de 29 seachtaine ó fuarthas an gearán.

I mí an Mheithimh chuaigh Ard-Stiúrthóir an WRC, an tUas. Kieran Mulvey ar scor agus ceapadh Oonagh Buckley mar Ard-Stiúrthóir i mí Iúil.

I mí na Samhna 2016 bhog an WRC agus an Chúirt Oibreachais go dtí Ceanncheathrú nua a chiallaíonn go bhfuil comhlachtaí réitigh díospóidí uile an stáit san aon áit amháin don chéad uair riamh i dTeach Lansdúin.

### Timpeallacht Caidrimh Tionscail

Bhí méadú mór ar líon na laethanta a cailleadh de bharr díospóidí tionscail i gcomparáid le figiúirí 2015.

- Cailleadh 71,647 lá de bharr stailceanna in 2016 nuair nár cailleadh ach 32,964 in 2015.
- 70% de na laethanta a cailleadh in 2016 ba é stailc Chumann na Meánmhúinteoirí (ASTI) agus an tarraingt siar ó dhualgais mhaoirseachta agus ionadaíochta faoi deara iad.
- San iomlán bhí deich ndíospóid in 2016 ina raibh 29,372 oibrí páirteach agus 21,000 díobhsan ba bhaill den ASTI iad.
- Ba é an dara stailc ba mhó in 2016 ná an ceann i mBus Átha Cliath inar cailleadh 14,000 lá thar thréimhse 6 lá i mí Mhéan Fómhair.

## An Beartas maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Ceimiceáin

Is sásra idirbheartaíochta é an tAonad um Beartas Sábháilteachta, Sláinte agus Ceimiceán idir an Roinn agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS), a dhéanann beartas a fhoirmliú agus a fhorbairt i dtaca le sláinte agus sábháilteacht agus ceimiceáin san áit oibre ag leibhéal náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta.

Is é príomhaidhm an bheartais maidir le sláinte agus sábháilteacht agus ceimiceáin a rialáil san áit oibre tacaíocht a thabhairt do leabú na sláinte agus na sábháilteachta ceirde mar chuid lárnach de ghnó a dhéanamh i ngach áit oibre in Éirinn agus a chinntiú nach rachaidh déantúsaíocht agus úsáid ceimiceán in Éirinn i bhfeidhm ar shláinte an duine ná ar an timpeallacht.

Déantar an beartas a sheachadadh trí bhonn tacúil ach cothromaithe reachtaíochta le tacaíocht ó réimeas forfheidhmiúcháin atá bunaithe ar chomhghéilleadh agus rioscaí, arna rialú ag an ÚSS. Tá an beartas dírithe go príomha ar thimpistí san áit oibre a laghdú ach treoir agus tacaíocht a chur ar fáil d’fhostóirí agus d’fhostaithe ionas gur féidir leo a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh.

Rud tábhachtach ná go dtugann ÚSS treoir agus tacaíocht do ghnóthais Éireannacha freisin maidir le ceimiceáin a láimhseáil go sábháilte agus maidir le déanamh de réir an chóras casta rialála ceimiceán.

In 2016 thit líon na mbásanna san áit oibre a tuairiscíodh don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) ó 56 in 2015 go 45. Mar a bhí in 2015, bhí an líon ab airde básanna fós in earnáil ardriosca na talmhaíochta (21) agus tuairiscíodh 3 bhás breise san áit oibre in 2016. Thit líon na mbásanna san earnáil tógála go 9 in 2016, síos ó 11 in 2015.

Mar a bhí sna blianta imithe tharainn, agus ar aon dul leis an gcur chuige bunaithe ar riosca maidir le leithdháileadh acmhainní, dhírigh an ÚSS a ghníomhaíochtaí cigireachta ar na hearnálacha ardriosca sin.

Léiríodh i dtaighde go bhfuil dea-chiall ghnó le dea-chleachtas sláinte agus sábháilteachta. Cuidíonn sé le hiomaíochas, feabhsaíonn sé an caidreamh le hoibrithe, agus ba chóir do gach fiontar rathúil tús áite a thabhairt dó. Tá gnóthais rathúla in Éirinn, idir ghnóthais dhúchasacha agus ghnóthais ilnáisiúnta, ag cur an dea-chleachtais sa tsláinte agus sa tsábháilteacht ag croílár a straitéise fiontair anois.

Tharraing taighde sonrach a rinne an ESRI thar ceann an ÚSS agus a seoladh in 2016 aird ar scála agus cúiseanna neamhord matánchnámharlaigh (MSD), struis, imní agus dúlagair (SAD), an dá chúis is mó le bheith as láthair de bharr breoiteachta thar thréimhse shínte.

Ba é seo an tríú foilseachán i sraith a rinne an ESRI don ÚSS agus úsáidfear an fhaisnéis atá sna tuarascálacha seo chun cinneadh a dhéanamh maidir le treoir bheartais an ÚSS amach anseo.

Sa reachtaíocht a tugadh isteach in 2016 i réimse na sábháilteachta agus sláinte ceirde bhí leasú ar Rialacháin um Fheidhm Ghinearálta 2007 ina leagtar amach na riachtanais maidir le tionóisc nó teagmhais dhainséaracha san áit oibre a thuairisciú.

Le teacht isteach na Rialachán seo bhíothas in ann na forálacha a bhí fágtha de na Rialacháin um Fheidhm Ghinearálta 1993 a chúlghairm ina n-iomláine. Sa reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta eile a tugadh isteach in 2016 bhí beart trasuímh chun éifeacht a thabhairt d’fhorálacha Riaracháin 2013/35/AE maidir le hoibrithe a chosaint ar thionchair réimsí leictreamaighnéadacha.

## An Córas Rialála Ceimiceán

Is casta an córas rialála ceimiceán mar atá leagtha amach i Rialacháin an AE amhail REACH – na Rialacháin um Chlárú, Meastóireacht, Údarú agus Srian ar Cheimiceáin agus na Rialacháin um Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú nó "CLP" – agus teastaíonn obair leanúnach ina leith ar leibhéal AE maidir lena chur chun feidhme, a athbhreithniú agus a leasú. Bíonn an Roinn, le saintacaíocht ón ÚSS, ag freastal ar na héilimh sin.

In 2016 bhunaigh an Roinn Grúpa Stiúrtha ar thionchar REACH in Éirinn agus bhí ina cathaoirleach ar an nGrúpa. Leanfar d'obair an Ghrúpa in 2017.

D'oibrigh an Roinn agus an ÚSS go dlúth le chéile athuair in 2016 lena ndícheall a dhéanamh an tacaíocht a chuireann ÚSS ar fáil do chuideachtaí Éireannacha a uasmhéadú de réir mar a d'oibrigh siad chun cloí leis na hoibleagáidí rialála reatha.

Lean Deasca Cabhrach REACH agus CLP, á bhfeidhmiú ag an ÚSS ó 2007, dá n-iarrachtaí a dhíriú ar chomhairle agus tacaíocht a thabhairt do thionscail i rith na bliana. D'oibrigh an ÚSS lena chinntiú go mbeidh cláraithe ullmhaithe i gceart agus go mbeidh tacaíocht mhaith acu ag druidim i dtreo sriocdháta cláraithe do Rialachán REACH an AE ar an 31 Bealtaine 2018.

Críochnaíodh in 2016 trasuíomh Rialachán 2014/27/AE ón AE (lena leasaítear cúig Threoir ón AE i dtaca le sláinte agus sábháilteacht ag an obair mar thoradh ar glacadh le Rialachán CE CLP) le teacht i bhfórsa I.R. Uimh.70 de 2016. *(Le I.R. Uimh. 622 de 2015 agus I.R. Uimh. 623 de 2015 tugtar chun críche trasuí an Riarachái seo i dlí na hÉireann).*

## Substaintí Dainséaracha

In 2016, bunaíodh Grúpa Athbhreithnithe Substaintí Dainséaracha leis an aidhm shainráite an reachtaíocht ar Shubstaintí Dainséaracha reatha atá seanaimseartha agus ró-shaintreorach a aistriú go reachtaíocht a bheidh níos ábhartha agus nua-aimseartha.

Is tionscnamh é seo lena dtacaíonn na comhlachtaí rialála agus forghníomhaithe uile lena mbaineann. Cuirfear an tionscnamh tábhachtach seo chun cinn a thuilleadh in 2017 agus meastar go mbeidh na cainteanna le hionadaithe tionscail mar chuid den Athbhreithniú freisin.

## Sláinte agus Sábháilteacht – Tionscnamh BeSMART

Tá an ÚSS tiomanta do chomhlíonadh rialála a dhéanamh chomh simplí agus is féidir mar laghdaíonn sé an t-ualach riaracháin; mar sin féin, dá mhó an comhlíonadh is amhlaidh is lú líon na ngortuithe agus na mbásanna.

Uirlis ar líne saor in aisce de chuid an ÚSS is ea BeSMART, atá deartha chun cuidiú le húinéirí/bainisteoirí gnóthas beag measúnuithe riosca agus ráitis sábháilteachta a ullmhú dá n-áit oibre. Léiríonn figiúirí 2016 go bhfuil fás ag teacht ar an líon gnóthas a roghnaíonn uirlis BeSMART agus i gcomparáid le 2015 go bhfuair 8,000 úsáideoir nua rochtain ar BeSMART.

Faoi dheireadh na bliana bhí 38,000 úsáideoir cláraithe ag BeSMART. Léiríonn na torthaí gur comhlánaíodh 1,900 ráiteas sábháilteachta breise in 2016 i gcomparáid le 2015 agus go meastar gur spáráil an earnáil fiontar beag agus micrifhiontar idir €7.3m agus €11m. Tá an uirlis, atá ar fáil anois do os cionn 270 cineál gnó, ina cuidiú maidir le comhlíonadh, agus sábhálann gnóthais am agus airgead ó thaobh a n-oibleagáidí dlíthiúla faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 a chomhlíonadh.

Léiríodh i suirbhéanna ar úsáideoirí gnó arna ndéanamh ag ÚSS gur laghdaigh cuideachtaí a úsáideann an córas a gcostais um chomhlíonadh faoi 86% ar an meán agus gur tháinig laghdú 71% ar an méid ama a thógann sé chun na ceanglais sin a chur i gcrích.

Léiríonn sonraí iniúchóireachtaí ÚSS go bhfuil méadú 6% tagtha ar chomhlíonadh an Ráitis Sábháilteachta i measc mionghnóthas agus go bhfuil méadú 6% tagtha freisin ar líon na bhfostóirí a dhéanann a Ráiteas Sábháilteachta féin i mionghnóthais seachas úsáid a bhaint as tríú páirtí.

Tá a thuilleadh eolais le fáil ar www.besmart.ie

## Creidiúnú

Thug Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC), ar a bhfuil an fhreagracht as saotharlanna, comhlachtaí deimhniúcháin agus comhlachtaí cigireachta a chreidiúnú, a chéad bhliain iomlán mar chuid den ÚSS chun críche, ach ar tugadh isteach sa ÚSS é i lár na bliana 2014, nuair a díscaoileadh Forfás. In 2016, thug Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú agus an ÚSS clár leanúnach creidiúnaithe do thionscail isteach agus chuir i bhfeidhm córas bainistithe caidrimh cliaint nua agus suntasach agus rinne cleachtais ghnó a leasú.

Is é creidiúnú an leibhéal deiridh rialaithe phoiblí i gcóras measúnaithe comhghéillte na hEorpa. Is ann dó d'fhonn a chinntiú go mbeidh an acmhainn theicniúil ag comhlachtaí measúnaithe comhghéillte (e.g. saotharlanna, comhlachtaí cigireachta nó deimhniúcháin) chun a dualgais a chomhlíonadh. Tá creidiúnú ag fáil breis aitheantais mar uirlis thábhachtach agus phraiticiúil chun cuspóirí a bhaint amach i raon réimsí beartais atá ag méadú.

# 6. Creat dlí agus rialála ardfheidhmíochta do ghnó agus do thomhaltóirí a chinntiú

**Sprioc 6:** A chinntiú go n-éascaíonn ár rialáil gnó infheistíocht agus forbairt gnó, iomaíochas sa mhargadh, ardchaighdeáin i dtaca le cosaint tomhaltóirí agus rialáil chorparáideach, agus go dtugann sí buntáiste iomaíochais d'Éirinn sa mhargadh domhanda.

## An tAcht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 – Córas Nua Íocaíochtaí agus Teidlíocht Reachtúil i leith Breithiúnais i Réiteach Díospóide

Tháinig an tAcht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 i bhfeidhm do chonarthaí áirithe foirgníochta ar tugadh fúthu tar éis an 25 Iúil 2016 i gcomhréir leis an Ordú um an Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 (An Lá Ceaptha), 2016 (Ionstraim Reachtúil Uimh. 165 de 2016). Chuir an Roinn feachtas náisiúnta eolais ar bun, sna meáin chlóite den chuid is mó, sular cuireadh tús leis an reachtaíocht.

Is é cuspóir an Achta íocaíochtaí a rialú - go háirithe uainiú na n-íocaíochtaí - faoi chonradh foirgníochta atá cumhdaithe faoin reachtaíocht. Cuirtear cosaintí nua íocaíochta ar fáil d'fhochonraitheoirí i dtionscal na foirgníochta a mheastar a bheith leochaileach sa timthriall íocaíochta sa tionscal sin. Tugann an tAcht seo, den chéad uair riamh in Éirinn, ceart do pháirtí le conradh foirgníochta díospóid faoi íocaíocht a chur ar aghaidh le haghaidh breithiúnais mar bhealach chun an díospóid a réiteach. Tá sé i gceist leis an Acht go dtabharfar breithiúnais chun críche laistigh de 28 lá ón lá a chuirtear faoi bhráid an Bhreithneora iad de ghnáth.

Caithfidh na páirtithe i gconradh nua foirgníochta a chumhdaítear faoin Acht a chinntiú go bhfuil an conradh i gcomhréir le téarmaí na reachtaíochta agus ní féidir leo diúltú don reachtaíocht. Tá conarthaí áirithe díolmhaithe ón reachtaíocht: conradh nach mó a luach ná €10,000; conradh Comhpháirtíochta Príobháideach Poiblí; conradh fostaíochta; agus conradh um áit chónaithe nach mó ná 200 méadar cearnach sa chás go bhfuil ceann de na páirtithe ina chónaí ann nó go bhfuil sé i gceist aige cónaí ann.

D'fhoilsigh An tAire Stáit um Fhostaíocht agus Ghnóthais Bheaga, an tUas. Pat Breen T.D., Cód Cleachtais um Rialáil Seoladh Breithiúnas' faoi Alt 9 den Acht. Tá an Cód Cleachtais ina cheangal ar Bhreithneoirí atá ag feidhmiú faoin Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 i gcomhréir le hAlt 6(8) den Acht.

Má éiríonn díospóid maidir le híocaíocht faoi chonradh foirgníochta a chumhdaítear faoin Acht, féadfaidh ceachtar páirtí an díospóid íocaíochta a chur ar aghaidh lena breithniú agus mura mbeidh na páirtithe in ann aontú ar Bhreithneoir a cheapadh, ceapfar Breithneoir ón bPainéal Breithneoirí a cheap an tAire i ndiaidh iarratais a bheith déanta ar Chathaoirleach an Phainéil. Tá leabhrán eolais faoin Acht agus eolas eile ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne: www.dbei.ie

Táthar tar éis leathnú a dhéanamh ar Rialacha na nUaschúirteanna chon foráil d'fhorghníomhú cinntí Breithneora ag an Ardchúirt a chorprú – Rialacha na nUaschúirteanna (an tAcht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013) 2016 (Ionstraim Reachtúil Uimh. 450 de 2016).

## Conarthaí i ndáil le díol earraí ar líne agus ar bhealaí cianda eile

I mí na Nollag 2015, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach moltaí i dtaca le Treoir um chonarthaí tomhaltóra maidir le soláthar inneachair dhigitigh (sonraí a tháirgtear agus a sholáthraítear i bhfoirm dhigiteach amhail aipeanna, cluichí, ceol, físeáin, agus feidhmchláir ríomhaire chomh maith le meáin shóisialta, ríomhaireacht scamaill agus seirbhísí digiteacha eile) agus Treoir um chonarthaí tomhaltóra i ndáil le díol earraí ar líne agus ar bhealaí cianda eile. Cé go raibh sé i gceist ar dtús go ndéanfaí an dá mholadh a phlé in éineacht lena chéile, bhí Ballstáit den tuairim nár cheart rialacha maidir le díol earraí ar líne a dheighilt ó na rialacha ginearálta maidir le díol earraí mar atá sa Treoir um Dhíolacháin don Tomhaltóir (Treoir 1999/44/CE) atá á measúnú mar chuid d'anailís REFIT ar roinnt Treoracha maidir le cosaint tomhaltóirí atá le bheith críochnaithe i mBealtaine 2017. Bhí comhráite Meithle le linn Uachtaránacht na hÍsiltíre agus na Slóvaice in 2016 teoranta dá réir don mholadh faoi inneachar digiteach.

## Dréachtscéim an Bhille um Chearta Tomhaltóirí

Cé go raibh sé i gceist an dréacht-Scéim den Bhille um Chearta Tomhaltóirí cuimsitheach, comhdhlúite, a eisíodh i mí Bhealtaine 2015, a chur chun cinn, cuireadh aon ghníomhú breise i ndáil leis an Scéim ar ceal in 2016 toisc gur fhoilsigh an Coimisiún Eorpach i mí na Nollag 2015 Treoracha beartaithe um chonarthaí tomhaltóra maidir le soláthar inneachair dhigitigh agus conarthaí tomhaltóra i ndáil le díol earraí ar líne agus ar bhealaí cianda eile. De bharr go bhfuil na moltaí seo ag forluí ar dhá phríomhchuid den Dreáchtscéim, níor mhór d'aon ghníomh i ndáil leis an Dréachtscéim amach anseo an dul chun cinn i ndáil leis na Treoracha atá beartaithe a ghlacadh san áireamh agus inmholtacht togra reachtach a thabhairt ar aghaidh go dtí an tOireachtas nuair a bhíonn tograí reachtacha gaolmhara agus iomlán comhchuibhithe ag dul trí phróiseas reachtach an Aontais Eorpaigh. Táthar ag leanúint de mhonatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na dTreoracha atá beartaithe le súil le cinneadh a dhéanamh ar an ngníomh sonraithe ab fhearr a dhéanamh maidir le Scéim an Bhille um Chearta Tomhaltóirí.

## Na Rialacháin um an Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 (Gnóthais Earraí Grósaeireachta), 2016

Tháinig na Rialacháin um an Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 (Gnóthais Earraí Grósaeireachta), 2016 (na "Rialacháin"), i bhfeidhm ar an 30 Aibreán 2016. Beidh feidhm ag na Rialacháin seo maidir le miondíoltóirí agus mórdhíoltóirí bia agus dí in Éirinn a bhfuil, nó ar páirt de ghrúpa cuideachtaí gaolmhara a bhfuil, láimhdeachas domhanda de bhreis ar €50 milliún acu. Is é cuspóir na Rialachán cinnteacht agus trédhearcacht níos mó a éascú sna déileálacha idir soláthraithe bia agus dí agus gnóthais grósaera. Tá an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí freagrach as monatóireacht ar chomhlíonadh, gearáin a fhiosrú agus, nuair is cuí, gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh.

## Athbhreithniú ar na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair

Go déanach in 2016 cuireadh tús le hathbhreithniú reachtach ar na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair 1893 go 2014, agus é d'aidhm leis tacaíocht bhreise a thabhairt do Chomharchumainn in Éirinn. Is é cuspóir an athbhreithnithe an reachtaíocht atá ann a chomhdhlúthú agus a nuachóiriú chun creat reachtach do chomharchumainn a bheadh oiriúnach don raon éagsúil gnóthas atá ag oibriú an chomharshamhla in Éirinn a chinntiú. Thosaigh comhairliúchán oscailte ag deireadh mhí na Samhna 2016 le dáta deireanach an 31 Eanáir 2017.

## An Bille um Shainmharcáil (Leasú), 2016

Ar an 14 Nollaig 2016 d'fhoilsigh an Rialtas an Bille um Shainmharcáil (Leasú), 2016 ina moltar leasuithe ar an Acht um Shainmharcáil, 1981 a thabharfaidh éifeacht do na trí phríomhthogra:

- pallaidiam (in éineacht le hór, airgead agus platanam) a áireamh mar mhiotal lómhar a thagann faoi réimeas sainmharcála an Stáit;
- an 'Company of Goldsmiths of Dublin' ('an Chuideachta', a dhéanann maoirseacht ar an Oifig Measúnachta i mBaile Átha Cliath, a chumasú chun oifigí measúnachta a oscailt lasmuigh den Stát, le go mbeidh an Chuideachta in ann sainmharcanna Éireannacha a chur orthu. Beidh an chumhacht ag an gCuideachta freisin dul isteach i gcomhaontuithe le oifigí measúnachta eischósta eile a ligfidh dóibh earraí a mheasúnú agus sainmharcanna Éireannacha a bhualadh orthu thar ceann na Cuideachta;
- cionta nua a chruthú as sainmharcanna brionnaithe a chur agus earraí leis na sainmharcanna sin orthu a dhíol.

Feabhsóidh sé seo cosaint tomhaltóirí nuair a bhíonn earraí miotail lómhair á gceannach. Ó ba bheart teicniúil é seo, ba ghá comhairliúchán leis an gCoimisiún Eorpach agus leis na 27 Ballstát eile; maireann an tréimhse chomhairliúchán sin ar feadh 3 mhí

## An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

Bunaíodh an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta in 2003 ar mhaithe le tomhaltóirí agus gnólachtaí araon, ach a réiteofaí éilimh i ndáil le díobháil phearsanta níos tapúla agus a laghdófaí na costais a bhaineann le dlíthíocht. Tar éis dó a bheith ar an bhfód le deich mbliana, reáchtáladh próiseas comhairliúcháin in 2014 i dtaca le feidhmiú na nAchtanna um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta. Tá na haighneachtaí a fuarthas á scrúdú ag an Roinn agus tabharfar reachtaíocht chun cinn in 2017 a bheidh dírithe ar fheidhmiú an Achta a fheabhsú a thuilleadh agus a sprioc a fheabhsú i ndáil le torthaí níos tapúla, níos fearr agus níos costéifeachtaí do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí. Tabharfar aird sa reachtaíocht bheartaithe ar mholtaí ábhartha i dTuarascáil ar Mhótarárachas na Meithle um Chostas Árachais.

## An Mheitheal um Chostas Árachais ar Mhótarárachas

Bhunaigh an Roinn Airgeadais an Mheitheal um Chostas Árachais, faoi chathaoirleacht an Aire Stáit le freagracht as Seirbhísí Airgeadais, Eoghan Murphy T.D., go déanach i mí Iúil 2016 chun athbhreithniú a dhéanamh ar imthosca a imríonn tionchar ar chostas méadaithe mótarárachais le súil le bearta láithreacha agus fadtéarmacha a aithint chun dul i ngleic leis na costais mhéadaithe seo. Ghlac oifigigh ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus ón mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (BMDP) páirt sa Mheitheal um Chostas Árachais. Foilseofar Tuarascáil ar Mhótarárachas na Meithle um Chostas Árachais go luath i mí Eanáir 2017. Moltar sa Tuarascáil go mbunófaí Coimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta.

## Beartas Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta i ndáil le Dlí na gCuideachtaí

Chuir an obair ar dhá phríomhréimse reachtaíochta leis an dul chun cinn mór a rinneadh i ndáil leis an aidhm seo in 2016. Foilsíodh Bille na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2016 lena ndéantar Treoir 2013/34/AE (an Treoir Chuntasaíochta) a thrasuí ar an 5 Lúnasa 2016. Tabharfaidh an reachtaíocht seo leasanna inbhraite do thromlach mór na gcuideachtaí Éireannacha. Go háirithe laghdóidh sé na riachtanais maidir le tuairisciú airgeadais d'fhiontair bheaga agus do mhicri-fhiontair agus ardóidh sé an tairseach le bheith incháilithe do dhíolúine ó iniúchadh. Tabharfaidh sé isteach freisin riachtanais nua maidir le trédhearcacht do chineálacha sonraithe cuideachtaí, amhail cuideachtaí atá gníomhach i mianadóireacht agus lománaíocht sna príomhfhoraoiseacha.

Shínigh an tAire I.R. Uimh. 312 de 2016: Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Iniúchóireachtaí Reachtúla), 2016 (Treoir 2006/43/CE, arna leasú le Treoir 2014/56/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014) i Meitheamh 2016. Déantar leis sin Treoir Iniúchóireachta AE a thrasuí agus tugtar éifeacht d'fhorálacha áirithe den Rialachán Iniúchóireachta. Leis an Ionstraim Reachtúil seo

ainmnítear Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA) mar údarás inniúil le freagracht deiridh as iniúchóirí reachtúla a mhaoirsiú. Tugann sé oibleagáidí nua isteach d'iniúchóirí reachtúla a dearadh chun a neamhspleáchas a fheabhsú agus chun tacú le cáilíocht a gcuid iniúchóireachtaí. I dteannta leis an Rialachán Iniúchóireachta, cuireann sé rialacha níos déine i bhfeidhm ar eintitis amhail bainc, institiúidí airgeadais eile, árachóirí, cistí, agus cuideachtaí liostaithe agus a n-iniúchóirí.

## Grúpa Athbhreithnithe Dhlí na gCuideachtaí (GADC)

I mí an Mheithimh 2016, cheap an tAire an Grúpa Athbhreithnithe Dhlí na gCuideachtaí (GADC) don tréimhse ón 1 Meitheamh 2016 go dtí an 31 Bealtaine 2018 leis an Dr. Thomas B. Courtney athcheaptha mar Chathaoirleach. Ba é an tAire a chinn clár oibre an GADC 2016-2018 i gcomhairle leis an GADC agus cuimsíonn sé ábhair amhail athbhreithniú ginearálta ar dhlí na gcuideachtaí, forghníomhú dhlí na gcuideachtaí, athbhreithniú ar thograí AE agus idirnáisiúnta agus athbhreithniú ar na forálacha maidir le neamhníú in Acht na gCuideachtaí, 2014. Tá obair an GADC ag dul ar aghaidh tríd na seisiúin iomlánacha na 9 bhfochoiste. Cuireann an tAonad um Fhorbairt Dhlí na gCuideachtaí agus an AE an rúnaíocht ar fáil.

- Tugadh an fhreagracht don GADC as athbhreithniú a dhéanamh ar fhorghníomhú dhlí na gcuideachtaí in Éirinn le súil le cinneadh a dhéanamh an bhfuil sásraí ann chun feidhmiú reatha fhorghníomhú dhlí na gcuideachtaí a chóiriú agus a fheabhsú. D'ullmhaigh an rúnaíocht plécháipéis ar fhorghníomhú dhlí na gcuideachtaí agus phléigh an GADC faoi dhó é in 2016 i seisiún iomlánach. Tá an Fochoiste um Chomhlíonadh agus Fhorghníomhú de chuid an GADC ag leanúint dá phléití a shaincheisteanna a ardaíodh sa phléch…áipéis agus tá tuarascáil ar fhorghníomhú dhlí na gcuideachtaí á dréachtú lena cur faoi bhráid an GAD.

- Tá athbhreithniú á dhéanamh ag coiste ad-hoc an GADC ar dhlí na gcuideachtaí agus ar an gcód reachtach níos leithne chun cosaintí níos fearr a chinntiú d'fhostaithe cuideachta agus do chreidiúnaithe neamhurraithe. Tionóladh an coiste i bhFeabhra 2016 agus chuir siad tús le mionscrúdú ar fhorálacha reatha Dhlí na gCuideachtaí 2014. Tá dréacht-tuarascáil á hullmhú ag éirí as an scrúdú ar reachtaíocht, as aighneachtaí ó bhaill an choiste agus as moltaí tugadh lena measúnú le linn na gcruinnithe seo. Meastar go bhfaighfear tuarascáil chuimsitheach ar an ábhar seo in 2017.

- De dheasca an chúlaithe eacnamaíoch, tháinig méadú ar chásanna a bhaineann le dócmhainneacht a thagann os comhair na gcúirteanna in Éirinn agus méadú dá réir ar chás dlí a bhaineann leis an ábhar. Tá tús curtha ag an GADC lena athbhreithniú ar an reachtaíocht maidir le neamhníú cuideachtaí agus ar Dhlí Eiseamláireach UNCITRAL maidir le Dócmhainneacht a d'fhéadfadh a bheith tábhachtach do dhócmhainneachtaí trasteorann tar éis Brexit.

# 7. Infheistiú inár bhfoireann agus an leas is fearr a bhaint as ár gcuid acmhainní

**Sprioc 7:** Infheistiú inár bhfoireann chun an acmhainn aonair agus chomhchoiteann a fheabhsú a thuilleadh, ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh a chinntiú agus an leas is fearr a bhaint as ár n-acmhainní eile chun ár Straitéis, ár Misean agus ár nAidhmeanna a bhaint amach.

## Daoine agus Cumas

### Athnuachan na Státseirbhíse

In 2016, lean an tAonad Acmhainní Daonna d'fheabhas a chur ar chumas seachadta ár bhfoirne lenár rannpháirtíocht ghníomhach i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse agus an tionscnamh inmheánach againn Dóigheanna Úra Oibre.

Mar chuid dár rannpháirtíocht i bPlean Athnuachan na Státseirbhíse bhí an t-aistriú ón gCóras Bainistithe agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) láimhe go leagan leictreonach, ePMDS. Leis sin is féidir ePMDS gach baill foirne a chríochnú, a athbhreithniú agus síniú a chur leis go tráthúil, agus as sin tá ráta freagartha tar éis ardú ó 81% in 2015 go 96% in 2016. D'athraigh an córas rátála ó chóras 5 phointe go córas nua rátála 2 phointe. Tá ePMDS nasctha leis an tairseach PeoplePoint.

Arís eile ghlacamar páirt sna Gradaim Nuálaíochta agus Feabhais sa Státseirbhís 2016 agus, go háirithe, mhol an painéal moltóireachta an Córas Ar Líne do Cheadanna Fostaíochta.

Bhí cuir i láthair agus comhráite ann maidir le torthaí an tSuirbhé ar Rannpháirt Fhostaithe na Státseirbhíse ó 2015, ag leibhéal an aonaid gnó, réigiúnach, agus an Bhoird Bainistíochta.

### Daoine agus Cumas

I margadh saothair dúshlánach agus leachtach, d'oibrigh an Roinn go dlúth leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP) agus le soláthraithe oiliúna chun baill foirne a earcú agus folúntais thábhachtacha a líonadh agus ár bhfoireann oibre a fhorbairt agus a neartú.

I measc ár dtionscnamh bhí ár gClár Coitseála agus Meantóireachta; forbairt Chlár Forbartha Ardoifigeach Feidhmiúcháin/Oifigeach Riaracháin, rannpháirtíocht le ceannairí ar fud na Roinne i ndáil le Pleanáil Fórsa Oibre agus le raon de shaincheisteanna gaolmhara amhail déimeagrafaic, pleanáil comharbaisí, bainistiú eolais, cothromaíocht inscne, earcaíocht, soghluaisteacht agus tacaíochtaí teicneolaíochta.

### Dóigheanna Úra Oibre

Lean an Grúpa Stiúrtha um Dhóigheanna Úra Oibre d'fheidhmiú mar phointe fócais do rannpháirtíocht foirne agus lean dá chlár oibre féin don bhliain. Chuir an grúpa chun cinn tionscadail i ndáil le cumarsáidí inmheánacha agus bainistiú eolais.

### Seirbhísí do Chustaiméirí/An Ghaeilge

Tháinig Coiste Trasrannáin na Roinne, a dhéanann monatóireacht ar fheidhmiú na ngealltanas a dhéantar i bPlean Seirbhísí do Chustaiméirí agus i Scéim Teanga (Gaeilge) na Roinne maidir le seirbhísí do chustaiméirí agus seirbhísí áirithe i nGaeilge a chur ar fáil, le chéile gach ráithe in 2016.

Chinntigh na fóraim seo gur tugadh aghaidh ar na dúshláin maidir le gealltanais a bhí le seachadadh in 2016 a chomhlíonadh.

## Rialachas Corparáideach

### Creat Rialachais, Aibreán 2016

https://dbei.gov.ie/en/Publications/Governance-Framework.html

Foilsíodh Creat Rialachais na Roinne in Aibreán 2016 ina leagtar amach nósanna imeachta, próisis agus prionsabail rialachais atá mar bhonn faoi obair na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Forbraíodh é i gcomhréir leis an gCaighdeán Rialachais Corparáidigh don Státseirbhís mar chuid de Phlean Athnuachan na Státseirbhíse, 2014.

### Ráiteas Straitéise 2016-2019 https://dbei.gov.ie/en/Who-We-Are/Statement-of-Strategy/

In 2016, de réir mar ba ghá le ceapadh ár nAire nua, d'fhorbair an Roinn Ráiteas Straitéise don tréimhse 2016-2019.

Sa Ráiteas Straitéise tugtar achoimre ar straitéis na Roinne agus tugtar cuntas ar ár Misean agus ár n-aidhmeanna straitéiseacha. Leagtar amach ann, go hachomair, an comhthéacs reatha atá os comhair amach dár bpáirtithe leasmhara agus don Roinn, agus sonraítear na tiomantais atá tugtha againn maidir lenár n-aidhmeanna straitéiseacha a bhaint amach.

### An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 https://dbei.gov.ie/en/Publications/Protected-Disclosures.html

I gcomhréir leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tá beartas i bhfeidhm don fhoireann ag an Roinn i ndáil le Nochtuithe Cosanta. De réir mar is gá faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tá tuarascáil bhliantúil ina leagtar amach líon na nochtuithe cosanta a fuarthas agus an gníomh a rinneadh in 2016 ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne.

### Saoráil Faisnéise (FOI)

https://dbei.gov.ie/en/Who-We-Are/Corporate-Information/Freedom-of-Information/

Leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, dearbhaítear ceart de bhaill phobail rochtain a fháil ar fhaisnéis oifigiúil chomh fada agus is féidir i gcomhréir leis an leas poiblí agus le ceart príobháideachais an duine.

Foilsíodh an Scéim Foilseacháin um Shaoráil Faisnéise na Roinne in Aibreán 2016 i gcomhréir le hAlt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Leagtar amach sa Scéim faisnéis, faoi 6 cheannteideal, chun cabhrú leis an bpobal ina dtuiscint ar an Roinn agus ar a feidhmeanna. In 2016 d'eisigh an Roinn 163 Iarratas Saorála Faisnéise agus próiseáladh iad i gcomhréir le forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014.

### Aonad Fheidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí

Bunaithe ar chaighdeáin a nglactar leo go hidirnáisiúnta agus ar ghlac an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leo ar son na Státseirbhíse in 2012, thug Aonad Fheidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí dearbhú agus comhairle don Ard-Rúnaí in 2016 maidir le próisis agus gnáthaimh inmheánacha airgeadais agus eile na Roinne.

## TFC a úsáid chun ár Seirbhísí a fheabhsú

Chuir an Roinn i bhfeidhm roinnt tionscnamh teicneolaíochta nua i rith na bliana chun éifeachtacht ár bhfoirne agus ár bpróiseas a mhéadú, agus chun go mbeidh níos fusa dár gcustaiméirí gnó a dhéanamh linn.

- Tugadh seirbhís nua isteach chun go mbeifear in ann iarratais ar líne a dhéanamh do cheadanna fostaíochta; leis an gcóras tá sé níos fusa iarratas a dhéanamh agus an t-iarratas a rianú, agus tacaíocht á tabhairt ag an a céanna d'éifeachtúlachtaí níos mó i bpróiseáil iarratas. Déantar 95% d'iarratais anois ar líne.
- Mhéadaigh Oifig na bPaitinní ar raon na seirbhísí ar féidir iad a rochtain ar líne. Tugadh tacaíocht freisin lena chinntiú go mbeadh foireann an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath in ann bogadh go háitreabh singil nua, ag tacú le héifeachtúlachtaí oibre níos mó agus áisiúlacht dár gcliaint.

## An tAcht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

I gcomhréir lenár n-oibleagáidí faoin Acht seo, tá an Roinn tiomanta dá mbeartais, nósanna imeachta agus seirbhísí i gcoitinne ina réimsí gnó a phromhadh chun a chinntiú go gcomhlíonaimid ár riachtanais i réimse chearta an duine agus comhionannais.

### An Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre

https://www.workplacerelations.ie/en/

Is comhlacht neamhspleách é an Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre a bunaíodh de réir dlí chun gearáin maidir le hidirdhealú a fhiosrú nó chun idirghabháil a dhéanamh ina leith. Tá an Coimisiún cumhdaithe faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Idirdhealú is ea nuair nach gcaitear chomh fabhrach céanna le duine amháin seachas duine eile. Cumhdaítear íospairt faoin reachtaíocht freisin.

### Freagracht Shóisialta Chorparáideach

https://dbei.gov.ie/en/What-We-Do/Business-Sectoral-Initiatives/Corporate-Social-Responsibility/

Is í an Roinn seo an Roinn tosaigh maidir le Freagracht Shóisialta Chorparáideach - an coincheap ina ndéanann gnóthais agus eagraíochtaí eile a bhfreagrachtaí sóisialta agus comhshaoil a cheangal lena bhfeidhmiúcháin ghnó, agus go ndéantar cinntí gnó le haird ar na saincheisteanna inbhuaineachta.

### Nuálaíocht 2020

https://dbei.gov.ie/en/Publications/Innovation-2020.html

Leis an straitéis trasrialtais do thaighde agus forbairt, eolaíocht agus teicneolaíocht, aithnítear tábhacht an chothromais inscne i dtaighde.

Sa straitéis luaitear go bhfuil deis anseo in Éirinn ár gcáil idirnáisiúnta don chomhionannas inscne a fhorbairt le rannpháirtíocht níos mó ag mná i ngníomhaíochtaí taighde agus

nuálaíochta, agus leagtar amach gníomhartha chun dul i ngleic le saincheisteanna inscne maidir le dul chun cinn gairmiúil sa taighde agus sa nuálaíocht.

### An Straitéis um Chuimsiú Daoine Faoi Mhíchumas

http://justice.ie/en/JELR/Pages/WP15000115

Tá ionadaíocht ag an Roinn ar an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine Faoi Mhíchumas 2015-2024 agus cuirimid gníomhartha na Straitéise chun cinn agus ghlacamar páirt i bhforbairt na Straitéise um Chuimsiú Daoine Faoi Mhíchumas atá le foilsiú in 2017.

Chomh maith leis sin, ghlac an Roinn páirt sa Ghrúpa 'Make Work Pay' faoi stiúir na Roinne Coimirce Sóisialaí a bhfuil sé mar aidhm léi bacainní atá ann do dhaoine faoi mhíchumas a aithint agus a shárú le go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh san áit oibre nó filleadh uirthi.

Anuas ar an méid sin thuas, feidhmíonn an Roinn laistigh den dlí fostaíochta agus de reachtaíocht ábhartha eile lena ndéantar iarracht cearta an duine agus comhionannas a chinntiú i measc nithe eile, amhail:

> Acht Rialaithe na Státseirbhíse, An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, an tAcht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, an tAcht um Nochtadh Cosanta, an tAcht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar), an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, an tAcht um Chosaint Mháithreachais, an tAcht um Shaoire Cúramóra, an tAcht um Eagrú Ama Oibre, an tAcht um Dhífhostú Éagórach.

# Aguisín 1

## Vóta 32: Poist, Fiontair agus Nuálaíocht
## Cuntas Leithreasa 2016

| | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas Cláir** | | | | | |
| **A** Forbairt Post agus Fiontar | | | | | |
| | *Bunmhéid* | 384,485 | | | |
| | *Forlíontach* | 5,981 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 10,000 | 388,504 | 389,680 | 379,379 |
| **B** Nuálaíocht | | | | | |
| | *Bunmhéid* | 333,130 | | | |
| | *Forlíontach* | 48,349 | 381,479 | 381,126 | 382,633 |
| **C** Rialáil | | | | | |
| | *Bunmhéid* | 82,858 | | | |
| | *Forlíontach* | 7,368 | 75,490 | 72,153 | 72,833 |
| **Caiteachas comhlán** | | | **845,473** | **842,959** | **834,845** |
| *Asbhain* | | | | | |
| **D Leithreasaí i gcabhair** | | | **47,148** | **52,680** | **51,925** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | ***Bunmhéid*** | 753,325 | | | |
| | ***Forlíontach*** | 35,000 | | | |
| | ***Géilleadh iarchurtha*** | 10,000 | | | |
| | | | **798,325** | **790,279** | **782,920** |

**Barrachas atá le géilleadh**

Maidir leis an mbarrachas ar an méid a soláthraíodh de bhreis ar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm, tá sé faoi dhliteanas a ghéilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, is féidir leithreasaí gan chaitheamh le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn.

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Barrachas** | | 8,045,508 | 27,492,889 |
| **Géilleadh iarchurtha** | | — | (10,000,000) |
| **Farasbarr atá le géilleadh** | | 8,045,508 | 17,492,889 |

**Anailís ar an gcaiteachas riaracháin**

| | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | | **€000** |
| | | | | | |
| **i** | Tuarastail, pá agus liúntais | 24,523 | 22,949 | | 24,196 |
| **ii** | Taisteal agus cothú | 686 | 771 | | 424 |
| **iii** | Costais oiliúna agus forbartha agus theagmhasacha | 1,096 | 968 | | 828 |
| **iv** | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 587 | 296 | | 450 |
| **v** | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 3,959 | 4,000 | | 3,090 |
| **vi** | Costais a bhaineann leis an áitreabh oifige | 1,750 | 800 | | 1,271 |
| **vii** | Seirbhísí comhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe ar bheartais | 1,210 | 468 | | 936 |
| **vii i** | Fógraíocht agus acmhainní faisnéise | 581 | 169 | | 391 |
| | | **34,392** | **30,421** | | **31,586** |

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2016

| | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | | €000 |
| Costas clár | | | 812,538 | | 803,259 |
| Pá | | | 22,949 | | 24,196 |
| Neamhphá | | | 7,472 | | 7,390 |
| **Caiteachas comhlán** | | | **842,959** | | **834,845** |
| *Asbhain* | | | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | | **52,680** | | **51,925** |
| **Glanchaiteachas** | | | **790,279** | | **782,920** |
| | | | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | | (1,136) | | | |
| Dímheas | | 1,860 | | | |
| Caillteanas ar Dhiúscairtí | | 1 | | | |
| | | | 725 | | 1,067 |
| | | | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | | (467) | | (1,126) |
| | | | | | |
| **Athruithe ar ghlansóchmhainní reatha** | | | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | | (1,465) | | | |
| Laghdú ar stoc | | (12) | | | |
| | | | (1,477) | | 1,322 |
| **Caiteachas díreach** | | | **789,060** | | **784,183** |
| | | | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí caiteachais (airgead tirim) (nóta 1.1) | | | 23,715 | | 22,694 |
| Cíosanna barúlacha (neamhairgead) (nóta 1.2) | | | 2,580 | | 1,947 |
| **Glanchostas clár** | | | **815,355** | | **808,824** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas a bhaineann le Vóta 32 agus a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 91 | 144 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 16,021 | 16,056 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 7,291 | 6,158 |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | m | 312 | 336 |
| | | 23,715 | 22,694 |

Seasann ‘m’ do luach measta nó costas cionroinnte.

## 1.2 Measchíos

Is i leith dhá áitreabh, faoi úinéireacht Stáit, ina bhfuil an Roinn lonnaithe atá an figiúr measchíosa. Tá an figiúr measchíosa curtha i dtoll a chéile ag Oifig na nOibreacha Poiblí bunaithe ar chíosanna reatha margaidh.

| 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2016 | | | |
|---|---|---|---|
| | | **2016** | **2015** |
| | **Nóta** | **€000** | **€000** |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 6,830 | 7,149 |
| **Sócmhainní caipitil á bhforbairt** | 2.3 | 138 | 43 |
| | | **6,968** | **7,192** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 2,985 | 14,294 |
| Stoic | 2.5 | 209 | 197 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.6 | 2,932 | 922 |
| Ioncam fabhraithe | | 951 | 1,003 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.7 | 578 | 1,094 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **7,655** | **17,510** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 718 | 446 |
| Ioncam iarchurtha | | 2,057 | 1,802 |
| Iarmhéideanna eile sochair | 2.8 | 2,691 | 2,388 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.9 | 872 | 13,000 |
| Dliteanais reatha iomlána | | **6,338** | **17,636** |
| **Glansócmhainní Reatha/(dliteanais)** | | **1,317** | **(126)** |
| **Glansócmhainní** | | **8,285** | **7,066** |
| | | | |
| **Arb ionannas dó:** | | | |
| **Cuntas cistithe Stáit** | **2.1** | **8,285** | **7,066** |

| 2.1 Cuntas Cistithe Stáit | Nóta | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 7,066 | 8,312 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar measta | Cuntas | 798,325 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | — | | |
| Barrachas atá le géilleadh | Cuntas | (8,046) | | |
| Vóta glan | | | 790,279 | 782,920 |
| *Glansócmhainní aistrithe ón gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais* | | | — | 17 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh áit eile | 1 | | 23,715 | 22,694 |
| Caiteachas neamhairgid - cíos barúlach | 1 | | 2,580 | 1,947 |
| Glanchostas clár | 1 | | (815,355) | (808,824) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **8,285** | **7,066** |

| **2.2 Sócmhainní Caipitil** | **Oifig agus TF trealamh** | **Troscán agus feistis** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|
| | €000 | **€000** | **€000** |
| **Sócmhainní comhlána** | | | |
| | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2016 | 36,905 | 5,473 | 42,378 |
| Athaicmiú | (12) | 12 | — |
| Breiseanna | 1,380 | 162 | 1,542 |
| Diúscairtí | (294) | (38) | (332) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2016 | 37,979 | 5,609 | 43,588 |
| | | | |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2016 | 29,963 | 5,266 | 35,229 |
| Athaicmiú | (12) | 12 | — |
| Dímheas don bhliain | 1,794 | 66 | 1,860 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (293) | (38) | (331) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2016 | 31,452 | 5,306 | 36,758 |
| | | | |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2016** | **6,527** | **303** | **6,830** |
| | | | |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2015** | **6,942** | **207** | **7,149** |

| **2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt** | **Feidhmchláir ríomhaireachta inmheánacha** |
|---|---|
| | €000 |
| Méideanna a tugadh ar aghaidh ar an 1 Eanáir 2016 | 43 |
| Íocaíochtaí in airgead tirim sa bhliain [a] | 507 |
| In úsáid sa bhliain | (412) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2016 | 138 |
| | |

[a] Maoiniú AE €40,272 ar shócmhainní TFC san áireamh do thionscadail an Chiste Comhoibrithe Paitinní.

| **2.4 Banc agus Airgead Tirim** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 2,985 | 14,293 |
| Iarmhéid sa chuntas bainc tráchtála | — | 1 |
| | 2,985 | 14,294 |

| **2.5 Stoic** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | | €000 | €000 |
| | | | |
| Stáiseanóireacht | | 151 | 137 |
| Soláthairtí TF | | 48 | 43 |
| Ábhar glantacháin | | 10 | 17 |
| | | 209 | 197 |

| **2.6 Réamhíocaíochtaí** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ceangaltais amhail an 31 Nollaig | 2,932 | 922 |

*Áirítear i réamhíocaíochtaí €2.9 milliún amhail an 31 Nollaig íocaíocht roimh ré de €1.8 milliún, arb é ranníocaíocht an Stáit leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála do 2017.

| **2.7 Iarmhéideanna Dochair Eile** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | | €000 | €000 |
| | | | |
| Réamhíocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí | | 166 | 105 |
| Iarmhéideanna ilghnéitheacha dochair | | 307 | 631 |
| Caiteachas in-aisghabhála: | | | |
| Taisteal | 37 | | |
| Seirbhísí comhroinnte | 68 | | |
| | | 105 | 358 |
| | | 578 | 1,094 |

| **2.8 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | €000 | €000 |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 24 | 56 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta | 60 | 60 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 103 | — |
| Cáin Bhreisluacha ar éadálacha laistigh den AE | 37 | — |
| | 224 | 116 |
| Iarmhéideanna ilghnéitheacha sochair* | 2,467 | 2,272 |
| | 2,691 | 2,388 |

*Iarmhéideanna ilghnéitheacha sochair is ea i) sciar de tháillí athnuachana paitinne de €1.4 milliún iníoctha le hOifig Eorpach na bPaitinní, ii) tuarastail in-aisghabhála - €0.4 milliún, iii) Clár um Chomhar Paitinní - €0.3 milliún, iv) dliteanas pinsin fostóirí - €0.3 milliún agus v) iarmhéideanna ilghnéitheacha eile.

| **2.9 Glandliteanas don Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | €000 | €000 |
| | | |
| Barrachas atá le géilleadh | 8,046 | 17,492 |
| Géilleadh iarchurtha | — | 10,000 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh anuas | (7,174) | (14,492) |
| Glandliteanas don Státchiste | 872 | 13,000 |
| | | |
| Arb ionannas dó: | | |
| | | |
| Féichiúnaithe | | |
| Banc agus airgead tirim | 2,985 | 14,294 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 578 | 1,094 |
| | 3,563 | 15,388 |
| Creidiúnaithe | | |
| Dlite don Stát | (224) | (116) |
| Iarmhéideanna eile sochair | (2,467) | (2,272) |
| | (2,691) | (2,388) |
| | | |
| | 872 | 13,000 |

| **2.10 Ceangaltais** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | €000 | €000 |
| | | |
| **(A) Gealltanais Dhomhanda** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 2,001 | 1,717 |
| Cláir dheontais [a] | 1,515,146 | 1,427,488 |
| Iomlán na ngealltanas is in-fhorfheidhmithe le dlí | 1,517,147 | 1,429,205 |
| | | |
| [a] San áireamh anseo tá gealltanais a mhaoineofar ó ioncam acmhainne a ghinfidh comhlachtaí Stáit faoi choimirce na Roinne. | | |

## b) Mórghealltanais Chaipitil

Léirítear deontais chaipitil lena mbaineann caiteachas iomlán €6.35 nó níos mó astu féin i dtábla na ngealltanas caipitil.

| | Caiteachas carnach go 31 Nollaig 2015 [a] | Caiteachas in 2016 | Gealltanas tionscadail sna blianta ar lean | Caiteachas iomlán tuartha tionscadail 2016 | Caiteachas iomlán tuartha 2015 [a] |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| GFT Éireann | 61,400 | 19,000 | 99,000 | 179,400 | 148,400 |
| Fiontraíocht Éireann | 250,259 | 58,235 | 203,232 | 511,726 | 439,113 |
| An Clár Forbartha, Eolaíochta agus Teicneolaíochta | 208,711 | 51,248 | 225,843 | 485,802 | 488,800 |
| An Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI) | 124,669 | 20,638 | 26,188 | 171,495 | 171,495 |
| INTERREG | — | — | 21,000 | 21,000 | — |
| | 645,039 | 149,121 | 575,263 | 1,369,423 | 1,247,808 |

[a] Ní áirítear leis seo tionscadail a bhí curtha i gcrích faoi dheireadh 2015.

[b] Éagsúlachtaí Suntasacha

Sa chás gur mhéadaigh/laghdaigh caiteachas an chláir faoi bhreis is €500,000 ó 2015 go 2016, seo leanas a mhíniú sin:

| Bonn Tionscadal ar Thionscadal | Caiteachas iomlán tuartha 2016 | Caiteachas iomlán tuartha 2015 | Méadú/laghdú bliana ar bhliain |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| GFT Éireann | 179,400 | 148,400 | 31,000 |
| Baineann an méadú le trí fhaomhadh nua deontais in 2016. | | | |
| Fiontraíocht Éireann | 511,726 | 439,113 | 72,613 |
| Baineann an méadú le cúig thionscadal nua ar fiú €69 milliún iad san iomlán agus méadú ar luach cúig ghealltanas reatha tionscadail ar fiú €3.6 milliún é. | | | |
| Clár Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Forbartha | 485,904 | 488,800 | 2,896 |
| Baineann an laghdú le tionscadal amháin a mheastar go mbeidh sé níos ísle ná a measadh ar dtús. | | | |
| INTERREG | 21,000 | — | 21,000 |
| Gheall an Roinn maoiniú €21 milliún in 2016 do chlár reatha INTERREG, a bheidh ar siúl go dtí 2022. | | | |

| 2.11 Dliteanais Aibithe | | |
|---|---|---|
| | 2016 | 2015 |
| | €000 | €000 |
| Meastachán na ndliteanas aibithe gan scaoileadh faoi dheireadh na bliana | 266 | 206 |

## Achoimre ar Íocaíochtaí Prasa, Eanáir go Nollaig 2016

| Sonraí | Uimhir | Luach € | Céatadán (%) d'iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh (Líon) % |
|---|---|---|---|
| Íocaíochtaí déanta taobh istigh de 15 lá | 5,259 | 37,561,070 | 76% |
| Íocaíochtaí déanta taobh istigh de 16 go 30 lá | 1,373 | 4,099,185 | 20% |
| Íocaíochtaí déanta i ndiaidh 30 lá | 272 | 556,307 | 4% |
| Iomlán na n-íocaíochtaí déanta in 2016 | **6904** | **42,216,562** | **100%** |

# Aguisín 2

## Billí a foilsíodh nó a achtaíodh in 2016

- An Bille um Bosca Forbartha Eolais (Deimhniú Aireagán), 2016
- Foilsíodh Bille na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2016 ar an 5 Lúnasa 2016
- Foilsíodh an Bille um Shainmharcáil (Leasú), 2016 ar an 14 Nollaig 2016

# Aguisín 3

## Ionstraimí Reachtúla a rinneadh in 2016

| | |
|---|---|
| I.R. Uimh. 32 de 2016 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Réiteach Díospóide Ar Líne do Dhíospóidí Tomhaltóra), 2016 |
| I.R. Uimh. 33 de 2016 | Na Rialacháin um Cheadanna Fostaíochta (Leasú), 2016 |
| I.R. Uimh. 35 de 2016 | Na Rialacháin um an Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 (Gnóthais Earraí Grósaeireachta), 2016 |
| I.R. Uimh. 36 de 2016 | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú), 2016 |
| I.R. Uimh. 43 de 2016 | Na Rialacháin um Acht na gCuideachtaí, 2014 (Alt 1313), 2016 |
| I.R. Uimh. 70 de 2016 | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú) (Uimh. 2), 2016 |
| I.R. Uimh. 71 de 2016 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha maidir leis an tSúdáin), 2016 |
| I.R. Uimh. 72 de 2016 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha maidir le Poblacht Ghuine Bissau), 2016 |
| I.R. Uimh. 73 de 2016 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha maidir le Poblacht na Guine), 2016 |
| I.R. Uimh. 74 de 2016 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó), 2016 |
| I.R. Uimh. 75 de 2016 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha maidir leis an Bhurúin), 2016 |
| I.R. Uimh. 76 de 2016 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha maidir leis an Túinéis), 2016 |

| | |
|---|---|
| I.R. Uimh. 77 de 2016 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha maidir leis an Libéir), 2016 |
| I.R. Uimh. 78 de 2016 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha maidir leis an tSiombáib), 2016 |
| I.R. Uimh. 79 de 2016 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha maidir le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré), 2016 |
| I.R. Uimh. 126 de 2016 | Na Rialacháin um an Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Tarraing Siar Éileamh Áirithe) (Dáta Ábhartha), 2016 |
| I.R. Uimh. 147 de 2016 | Na Rialacháin um Acht na gCuideachtaí, 2014 (Alt 839), 2016 |
| I.R. Uimh. 156 de 2016 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir maidir le Bainistiú ar Chearta Comhchoiteanna) 2014/26/AE, 2016 |
| I.R. Uimh. 165 de 2016 | An tOrdú um an Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 (An Lá Ceaptha), 2016 |
| I.R. Uimh. 206 de 2016 | An tOrdú um an Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 (Alt 37) (Tosach Feidhme), 2016 |
| I.R. Uimh. 227 de 2016 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Árthaigh Bhrú Shimplí), 2016 |
| I.R. Uimh. 312 de 2016 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Iniúchóireachtaí Reachtúla) (Treoir 2006/43/CE, arna leasú le Treoir 2014/56/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014), 2016 |
| I.R. Uimh. 337 de 2016 | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Réimsí Leictreamaighnéadacha), 2016 |
| I.R. Uimh. 345 de 2016 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Trealamh Leictreachais Ísealvoltais), 2016 |
| I.R. Uimh. 363 de 2016 | Na Rialacháin um Cheadanna Fostaíochta (Leasú) (Uimh. 2), 2016 |
| I.R. Uimh. 370 de 2016 | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú) (Uimh. 3), 2016 |
| I.R. Uimh. 403 de 2016 | Na Rialacháin um Cheadanna Fostaíochta (Comhpháirtí Iontaofa) (Leasú), 2016 |
| I.R. Uimh. 412 de 2016 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Postú Oibrithe), 2016 |
| I.R. Uimh. 473 de 2016 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aistrithe Táirgí a bhaineann le Cosaint laistigh den Chomhphobal) (Leasú), 2016 |
| I.R. Uimh. 474 de 2016 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha maidir le Poblacht na hAfraice Láir), 2016 |
| I.R. Uimh. 475 de 2016 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha maidir leis an tSiombáib) (Uimh. 2), 2016 |
| I.R. Uimh. 476 de 2016 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha maidir leis an tSiria), 2016 |
| I.R. Uimh. 477 de 2016 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha maidir leis an Iaráin) (Uimh. 2), 2016 |

| | |
|---|---|
| I.R. Uimh. 478 de 2016 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha maidir leis an Iaráin), 2016 |
| I.R. Uimh. 516 de 2016 | An tOrdú um Pá Íosta Náisiúnta, 2016 |
| I.R. Uimh. 539 de 2016 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó) (Uimh. 2), 2016 |
| I.R. Uimh. 540 de 2016 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha maidir le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré) (Uimh. 2), 2016 |
| I.R. Uimh. 541 de 2016 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha maidir leis an Túinéis) (Uimh. 2), 2016 |
| I.R. Uimh. 548 de 2016 | An tOrdú Rialaithe Fostaíochta (Leasú) (An Comhchoiste Oibreachais um Ghlanadh ar Conradh), 2016 |
| I.R. Uimh. 562 de 2016 | An tOrdú um Acht na gCuideachtaí, 2014 (Tosach Feidhme), 2016 |
| I.R. Uimh. 604 de 2016 | Na Rialacháin um Shubstaintí Contúirteacha (Stórais Mhiondíola agus Stórais Phríobháideacha Peitriliam) (Leasú), 2016 |
| I.R. Uimh. 616 de 2016 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bainistiú ar Chearta Comhchoiteanna) (Treoir 2014/26/AE) (Leasú), 2016 |
| I.R. Uimh. 644 de 2016 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Sábháilteacht Bréagán) (Leasú), 2016 |

**An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta**

23 Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2
D02 TD30

Teileafón: **+353 1 631 2121**
Íosghlao: **1890 220 222**

R-phost: **info@djei.ie**
**www.djei.ie**

An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Jobs, Enterprise and Innovation